C/2024/6481

8.11.2024

FÓGRA ÓN GCOIMISIÚN

maidir le Cur chun Feidhme Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(An Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla)

(C/2024/6481)

Tá sé beartaithe leis an bhfógra seo ón gCoimisiún cuidiú le húdaráis náisiúnta Rialachán (AE) 2017/625 a chur i bhfeidhm. Is í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh amháin atá inniúil chun dlí an Aontais a léirmhíniú go húdarásach.

CLÁR NA NÁBHAR

Leathanach

GIORRÚCHÁIN 4

RÉAMHRÁ 5

1 Teideal I – ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE 5

1.1. Rialuithe Oifigiúla agus Gníomhaíochtaí Oifigiúla Eile (Airteagal 2 de RRO) 5

1.2. An tréidlia oifigiúil (Airteagal 3 de RRO) 13

2 TEIDEAL II - RIALUITHE OIFIGIÚLA AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ OIFIGIÚLA EILE SNA BALLSTÁIT 15

2.1. CAIBIDIL II – Rialuithe oifigiúla 15

2.1.1 Rialuithe oifigiúla ar ríomhthráchtáil 15

2.1.1.1 Oibreoirí ríomhthráchtála a chlárú 16

2.1.1.2 Sampláil agus anailís ar ainmhithe agus ar earraí a dhíoltar ar líne 16

2.1.1.3 Gníomhaíocht i gcás neamhchomhlíonta agus riosca 16

2.1.1.4 Soláthraithe seirbhíse digití 17

2.1.1.5 Straitéisí rialaithe ríomhthráchtála – dea-chleachtais 18

2.1.2. Liostú oibreoirí (Airteagal 10(2) agus (3) de RRO) 18

2.1.3. Modhanna agus teicnící do rialuithe oifigiúla: cigireachtaí agus iniúchtaí (Airteagal 14 de RRO) 19

2.1.3.1. Cigireachtaí 19

2.1.3.2. Iniúchtaí 20

2.1.4. Rialuithe oifigiúla maidir le táirgeadh táirgí de bhunadh ainmhíoch lena gcaitheamh ag an duine 21

2.2. CAIBIDIL III – Cúraimí áirithe de chuid na n-údarás inniúil a tharmligean (Airteagail 28 go dtí 33 de RRO) 31

2.2.1. Coinníollacha maidir le cúraimí áirithe i ndáil le rialú oifigiúil a tharmligean 31

2.3. CAIBIDIL IV – Sampláil, Anailís, tástálacha agus diagnóisí (Airteagal 34 go dtí 42 de RRO) 33

2.3.1. Modhanna a úsáidtear le haghaidh samplála, anailíse, tástálacha agus diagnóise (Airteagal 34 de RRO) 33

2.3.2. An Dara Tuairim Shaineolach (Airteagal 35 de RRO) 37

2.3.2.1. Coinníollacha le haghaidh samplála le haghaidh an dara tuairim shaineolach agus le haghaidh anailís eile a dhéanfaidh saotharlann oifigiúil eile 39

2.3.2.2. Anailís eile a dhéanfaidh saotharlann oifigiúil eile 40

2.3.3. Saotharlanna oifigiúla (Airteagail 37 go dtí 42 de RRO) 40

2.3.3.1. Ainmníocht 40

2.3.3.2. Creidiúnú 41

2.3.3.3. Ainmniúchán trasteorann 42

2.3.3.4. Fochonraitheoireacht 43

2.3.3.5. Iniúchtaí 44

2.4. CAIBIDIL V Rialuithe oifigiúla ar ainmhithe agus ar tháirgí a thagann isteach san Aontas 44

2.4.1. Rialacha maidir le rialuithe oifigiúla i leith coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas 44

2.4.1.1. Coinsíneachtaí agus doiciméid a ghabhann leo 44

2.4.1.2. Rialacha deimhniúcháin d'ainmhithe, do tháirgí de bhunadh ainmhíoch, do tháirgí ilchodacha agus do tháirgí geirmeacha. 45

2.4.1.3. Rialacha deimhniúcháin do phlandaí, táirgí plandaí agus réada eile 46

2.4.1.4. Deimhniú leictreonach 47

2.4.1.5. Ainmhithe agus earraí a thagann isteach san Aontas faoi réir rialuithe oifigiúla 47

2.4.1.6. Seiceálacha a dhéanamh 49

2.4.1.7. Úsáid an CHED 51

2.4.1.8. Athrú cuspóra agus cóireáil speisialta coinsíneachtaí 52

2.4.1.9. CHED-PP nasctha le deimhniú fíteashláintíochta 52

2.4.2. Teacht isteach neamhdhleathach coinsíneachtaí san Aontas 52

2.4.2.1. Fógra 53

2.4.2.2. Bearta 53

2.4.2.3. Cóid AC mhíchearta 54

2.4.3. Coinsíneachtaí neamhchomhlíontacha a láimhseáil 55

2.4.3.1. Neamhchomhlíonadh arna bhrath roimh scaoileadh i saorchúrsaíocht 55

2.4.3.2. Neamhchomhlíonadh a bhraitear tar éis é a scaoileadh i saorchúrsaíocht 57

2.4.4. Saoráidí stórála tráchtála a úsáid (Airteagal 64 de RRO) 57

2.4.4.1. Saoráidí stórála tráchtála a úsáid le haghaidh seiceálacha céannachta agus fisiceacha ar tháirgí nach de bhunadh ainmhíoch iad 58

2.4.4.2. Nós imeachta maidir le saoráidí stórála tráchtála a úsáid le haghaidh údaráis inniúla ag an bpost rialaithe teorann 59

2.4.4.3. Saoráidí stórála tráchtála a liostú agus clárú in TRACES-NT 59

2.5. CAIBIDIL VI – Rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a mhaoiniú (Airteagail 78 go dtí 85 de RRO) 62

2.5.1. Maoiniú - rialacha ginearálta 62

2.5.2. Táillí nó muirir éigeantacha 62

2.5.3. Táillí nó muirir eile (nach bhfuil éigeantach) 62

2.5.4. An leibhéal costas agus modhanna ríofa táillí nó muirear éigeantach 63

2.5.5. Trédhearcacht 65

2.6. CAIBIDIL VII – Deimhniúchán oifigiúil (Airteagail 86 – 91 de RRO) 66
2.6.1. Deimhniúchán oifigiúil 66
2.6.2. Deimhniú oifigiúil 68
2.6.3. Fianú oifigiúil 69
2.6.4. Oifigeach deimhniúcháin 70
3 TEIDEAL III – SAOTHARLANNA TAGARTHA AGUS LÁRIONAID TAGARTHA 70
3.1. Ainmniúchán agus raon feidhme an mhisin 71
3.1.1. Saotharlanna tagartha an Aontais agus lárionaid tagartha an Aontais (Airteagail 92 go 99 de RRO) 71
3.1.2. Saotharlanna tagartha náisiúnta (Airteagail 100 go 101 de RRO) 71
3.2. Creidiúnú 72
3.2.1. STAEnna (Airteagal 93 de RRO) agus STNanna (Airteagal 100 de RRO) 72
3.2.2. LTAEnna (Airteagail 95 go dtí 98 de RRO) 72
3.3. Oibleagáidí maidir le foilsiú agus fógra a thabhairt 73
3.3.1. Liosta STNanna 73
3.3.2. Liosta STAEnna agus LTAEnna 73
3.3.3. Príobháideachas sonraí 73
3.4. Tuairisciú agus rialuithe an Choimisiúin 73
3.4.1. STAEnna agus LTAEnna 73
3.4.2. STNanna 73
3.4.2.1. STNanna: Tástálacha comparáideacha agus tástálacha inniúlachta idirshaotharlainne 74
4 TEIDEAL VII – GNÍOMHAÍOCHT FORFHEIDHMIÚCHÁIN 74
4.1. CAIBIDIL I – Gníomhaíochtaí na n-údarás inniúil agus pionóis 74
4.1.1. Sáruithe a thuairisciú (Airteagal 140 de RRO) 74
4.1.1.1 Raon feidhme ábhartha: na cineálacha sáruithe is féidir a thuairisciú 75
4.1.1.2 Sásraí tuairiscithe 76
4.1.1.3 Nósanna imeachta i scríbhinn 77
4.1.1.4 Teagmhálaithe, tuairiscí a fháil agus a láimhseáil 77
4.1.1.5 Cosaint sonraí pearsanta 77
4.1.1.6 Tuairisciú anaithnid 78
4.1.1.7 Cosaint i gcoinne frithbhirt 79

GIORRÚCHÁIN

PRT	Post rialaithe teorann: Mar a shainmhínítear i bpointe 38 d'Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2017/625
ÚI	Údarás Inniúil: Mar a shainmhínítear i bpointe 3 d'Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).
CHED	Doiciméad Coiteann um Shláinte ar Theacht isteach san Aontas: Dá dtagraítear in Airteagal 56 de Rialachán (AE) 2017/625.
AC	Ainmníocht Chomhcheangailte
DC	Deimhniú Cigireachta: Dá dtagraítear in Airteagail 4 agus 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 ón gCoimisiún ([2])
CSW-CERTEX AE	Córas leictreonach Malartaithe Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam: Mar a shainmhínítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/2399 ([3])
LTAE	Lárionad tagartha de chuid an Aontais Eorpaigh
STAE	Saotharlann tagartha de chuid an Aontais Eorpaigh
AGPRC	Anailís ghuaise agus pointí rialúcháin criticiúla: Dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ([4]).
CBFRO	Córas Bainistíochta Faisnéise do Rialuithe Oifigiúla: Airteagal 131 de Rialachán (AE) 2017/625.
iRASFF	An córas leictreonach lena gcuirtear an Córas RASFF chun feidhme: Mar a shainmhínítear in Airteagal 2(7) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún ([5]) (Rialachán CBFRO).
STN	Saotharlann tagartha náisiúnta
RO	Rialú oifigiúil nó rialuithe oifigiúla
RRO	An Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla: Rialachán (AE) 2017/625
WOAH	Office international des epizooties — An Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe
GOE	Gníomhaíocht oifigiúil eile
Tréidlia Oifigiúil	Tréidlia Oifigiúil: Mar a shainmhínítear i bpointe 32 d'Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2017/625.
RASFF	An Córas Mear-rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe: Mar a shainmhínítear in Airteagal 2(9) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún
An córas TRACES TRACES-NT	Teicneolaíocht Nua an córais TRACES (an Córas um Rialú Trádála agus um Shaineolaithe): An córas ríomhairithe dá dtagraítear in Airteagal 133(4) de Rialachán (AE) 2017/625 chun sonraí, faisnéis agus doiciméid a mhalartú.

([1]) Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla), (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha maidir leis na rialuithe oifigiúla i leith coinsíneachtaí de tháirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú a bheartaítear a allmhairiú isteach san Aontas agus maidir leis an deimhniú cigireachta (IO L 461, 27.12.2021, lch. 13).

([3]) Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena mbunaítear Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custaim agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (IO L 317, 9.12.2022, lch. 1).
([4]) Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas earraí bia (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).
([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le feidhmiú an chórais bainistíochta faisnéise do rialuithe oifigiúla agus comhpháirteanna a chórais (Rialachán CBFRO) (IO L 261, 14.10.2019, lch. 37).

RÉAMHRÁ

Tá sé d'aidhm ag reachtaíocht maidir leis an slabhra agraibhia rioscaí a chosc agus gnéithe áirithe de cháilíocht táirgeachta ainmhithe agus earraí a chur chun cinn, le haghaidh tráchtearraí a thagann isteach san Aontas Eorpach agus na dtráchtearraí sin atá ar an margadh cheana féin. Ní mór do na Ballstáit córais rialaithe a chur i bhfeidhm, lena bhfíoraítear gur chomhlíon oibreoirí na ceanglais a leagtar amach sa reachtaíocht maidir leis an slabhra agraibhia.

Is éard atá i Rialachán (AE) 2017/625 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla — RRO) creat comhchuibhithe le haghaidh fheidhmiú na rialuithe agus na ngníomhaíochtaí oifigiúla sin feadh an tslabhra agraibhia iomláin.

Ó dháta chur i bhfeidhm RRO, is iomaí uair a d'iarr na Ballstáit ar an gCoimisiún soiléirithe agus comhairle a sholáthar maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil forálacha áirithe de RRO, mar aon le forálacha a leagtar síos i ngníomhartha cur chun feidhme nó tarmligthe arna nglacadh ar bhonn RRO. Is é is cuspóir don Fhógra seo tuairimí an Choimisiúin a thiomsú maidir leis na forálacha is mó a iarrtar chun rannchuidiú le tuiscint agus le cur i bhfeidhm comhchuibhithe i ndáil leis na forálacha sin ó údaráis inniúla agus ó pháirtithe leasmhara na mBallstát.

Foilsíodh an chéad tacar soiléirithe in 'Fógra 2022/C 467/02 ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2017/625 (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla)' an 8 Nollaig 2022. Ó shin i leith, lean an Coimisiún den phlé leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara i ndáil le forálacha eile RRO. Is athbhreithniú é an doiciméad reatha ar an gcéad Fhógra ón gCoimisiún lena gcuirtear gnéithe nua soiléirithe leis, cé nach bhfuil aon athrú ar ghnéithe an Fhógra a bhí ann roimhe seo.

Tá an Fógra seo gan dochar d'inniúlacht eisiach Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun dlí an Aontais a léirmhíniú go húdarásach.

1. TEIDEAL I – ÁBHAR, RAON FEIDHME AGUS SAINMHÍNITHE

1.1. Rialuithe Oifigiúla agus Gníomhaíochtaí Oifigiúla Eile (Airteagal 2 de RRO)

Le hAirteagal 2 de RRO sainmhínítear agus déantar idirdhealú idir 'rialuithe oifigiúla' nó 'gníomhaíochtaí oifigiúla eile' arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla a ainmnítear i gcomhréir le hAirteagal 4 de RRO:

> Airteagal 2 de RRO
>
> Rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile
>
> 1. Chun críocha an Rialacháin seo, ciallaíonn 'rialuithe oifigiúla' gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla, nó ag na comhlachtaí tarmligthe nó ag na daoine nádúrtha a ndearnadh cúraimí áirithe i ndáil le rialú oifigiúil a tharmligean chucu i gcomhréir leis an Rialachán seo chun an méid seo a leanas a fhíorú:
>
> (a) go gcomhlíonann na hoibreoirí an Rialachán seo agus na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2); agus
>
> (b) go gcomhlíonann ainmhithe nó táirgí na ceanglais a leagtar síos sna rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), lena n-*áirítear maidir le deimhniú oifigiúil nó fianú oifigiúil a eisiúint*.

2. Chun críocha an Rialacháin seo, ciallaíonn 'gníomhaíochtaí oifigiúla eile' gníomhaíochtaí, seachas rialuithe oifigiúla, a dhéanann na húdaráis inniúla, nó na comhlachtaí tarmligthe nó na daoine nádúrtha a ndearnadh gníomhaíochtaí oifigiúla áirithe eile a tharmligean chucu i gcomhréir leis an Rialachán seo agus leis na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), lena n-*áirítear gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh láithreacht galar ainmhithe nó lotnaidí plandaí a fhíorú, leathadh na ngalar ainmhithe sin nó na lotnaidí plandaí sin a chosc nó a smachtú, na galair ainmhithe nó lotnaidí plandaí sin a dhíothú, údaruithe nó formheasanna a dheonú, agus deimhnithe oifigiúla nó fianuithe oifigiúla a eisiúint*.

Soláthraítear soiléirithe breise maidir le 'gníomhaíochtaí oifigiúla eile' in aithris 25 de RRO:

Aithris 25 de RRO

Sa bhreis air sin, cuireann reachtaíocht an Aontais maidir leis an slabhra agraibhia cúraimí speisialaithe ar údaráis inniúla na mBallstát atá le déanamh chun sláinte ainmhithe, sláinte plandaí agus leas ainmhithe a chosaint agus chun an comhshaol a chosaint i ndáil le OGManna agus táirgí cosanta plandaí. Is gníomhaíochtaí chun leas an phobail iad na cúraimí sin a chaithfidh údaráis inniúla na mBallstát a dhéanamh d'fhonn aon ghuais a d'fhéadfadh teacht chun cinn do shláinte an duine, ainmhithe nó plandaí, do leas ainmhithe nó don chomhshaol freisin a dhíothú, a smachtú nó a laghdú. Na gníomhaíochtaí oifigiúla eile sin, lena n-áirítear deonú údaruithe nó formheasanna, faireachas agus faireachán eipidéimeolaíoch, díothú agus smachtú galar nó lotnaidí, mar aon le heisiúint deimhnithe nó fianuithe oifigiúla, rialaítear iad leis na rialacha earnálacha céanna a fhorfheidhmítear trí na rialuithe oifigiúla céanna agus dá bhrí sin leis an Rialachán seo.

Tá tábhacht leis an idirdhealú sin, toisc go bhfuil feidhm ag rialacha agus ag coinníollacha éagsúla, de réir an chineáil gníomhaíochta atá ann, is é sin 'rialú oifigiúil' nó 'gníomhaíocht oifigiúil eile'. Go háirithe, le hAirteagal 1(5) de RRO sonraítear cé na forálacha de RRO ag a bhfuil feidhm freisin maidir le gníomhaíochtaí oifigiúla eile agus, mar atoradh, cé na forálacha nach bhfuil feidhm acu ach maidir le rialuithe oifigiúla. Mar shampla, cé go bhfuil oibreoirí i dteideal an dara tuairim shaineolach maidir leis an tsampláil, leis an anailís, leis an tástáil nó leis an diagnóis arna ndéanamh ar a n-ainmhithe nó ar a n-earraí i gcomhthéacs rialuithe oifigiúla (Airteagal 35 de RRO), níl feidhm ag an gceart sin maidir le sampláil, anailís, tástáil ná diagnóis ainmhithe ná earraí i gcomhthéacs gníomhaíochtaí oifigiúla eile. Tá an t-idirdhealú idir rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile ábhartha freisin i ndáil le táillí agus le muirir éigeantacha a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 79 de RRO toisc nach bhfuil feidhm ag an bhforáil sin ach maidir le rialuithe oifigiúla seachas maidir le gníomhaíochtaí oifigiúla eile (féach freisin 2.5. CAIBIDIL VI – Rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a mhaoiniú (Airteagail 78 go dtí 85 de RRO) thíos).

Mar a shonraítear in Airteagal 2 de RRO, 'rialuithe oifigiúla' agus 'gníomhaíochtaí oifigiúla eile' araon, is é 'údarás inniúil', 'comhlacht tarmligthe' ([1]) nó duine nádúrtha, a ndearnadh cúraimí áirithe i ndáil le rialú oifigiúil nó gníomhaíochtaí oifigiúla eile a tharmligean chucu i gcomhréir le RRO, a dhéanann iad. Le hAirteagal 2(1) de RRO sainmhínítear go ndéantar 'rialuithe oifigiúla' chun fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh RRO ag oibreoirí nó ainmhithe nó earraí ([2]) agus/nó comhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de. Tugtar le tuiscint leis an sainmhíniú sin trí shaintréithe nach mór a chomhlíonadh agus gníomhaíocht á déanamh an tráth céanna ionas gur féidir í a mheas mar 'rialú oifigiúil' de réir bhrí RRO:

Is é is cuspóir dó

(i) fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh,

(ii) oibreoirí nó ainmhithe nó earraí,

(iii) le RRO agus/nó leis na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de.

([1]) Is féidir teacht ar na sainmhínithe ar 'údarás inniúil' agus ar 'comhlacht tarmligthe' in Airteagal 3(3) agus (5) de RRO, faoi seach.

([2]) An sainmhíniú ar 'ainmhithe', de réir Airteagal 3(9) de RRO, is é sin an ceann atá i bpointe (1) d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') (IO L 84, 31.3.2016, lch. 1). Is féidir teacht ar an sainmhíniú ar 'earraí' in Airteagal 3(11) de RRO.

Mar shampla, maidir le pointe (i) thuas, cé go bhfuil an fíorú ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO chun deimhniú oifigiúil nó fianú oifigiúil a eisiúint ina 'rialú oifigiúil', ní dhéantar eisiúint deimhnithe (ar bhonn rialú oifigiúil a dhéantar roimh an eisiúint) féin 'chun comhlíonadh a fhíorú' agus dá bhrí sin 'gníomhaíocht oifigiúil eile' atá ann.

Maidir le pointe (ii) thuas, mar shampla, ní mheasfaí gur 'rialú oifigiúil' é fíorú ar chomhlíonadh rialacha RRO ag an údarás inniúil, toisc nach 'oibreoir' de réir bhrí Airteagal 3(29) de RRO é an 't-údarás inniúil' de réir bhrí Airteagal 3(3) den Rialachán sin. De réir analaí, fíoruithe ar chomhlíonadh oibleagáidí a bhunaítear in RRO ag saotharlanna oifigiúla nó comhlachtaí tarmligthe, mheasfaí gur 'gníomhaíochtaí oifigiúla eile' iad. Mar sin féin, leis na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO, ní eisiatar go mbunaítear oibleagáidí leo le haghaidh na n-eintiteas sin agus, sa chás sin, d'fhéadfadh na heintitis sin cáiliú mar 'oibreoirí' agus d'fhéadfadh fíoruithe ar chomhlíonadh na rialacha sin cáiliú dá bhrí sin mar 'rialuithe oifigiúla'.

Maidir le pointe (iii) thuas, mar shampla, seiceálacha ar chomhlíonadh rialacha seachas RRO agus an reachtaíocht maidir leis an slabhra agraibhia dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO, mheasfaí nach 'rialuithe oifigiúla' ná 'gníomhaíochtaí oifigiúla eile' iad de réir bhrí Airteagal 2 de RRO.

Go ginearálta, ba cheart a mheas gur cuid den ghníomhaíocht sin iad na bearta uile is gá chun gníomhaíocht a thabhairt i gcrích. Áirítear leis sin bearta doiciméadachta, amhail tuarascálacha rialaithe oifigiúil a scríobh nó an toradh ar ghníomhaíocht a thaifeadadh i gcórais leictreonacha (e.g., CHED a thabhairt i gcrích agus a shíniú). Os a choinne sin, mar shampla, is gníomhaíocht ar leithligh é eisiúint deimhnithe oifigiúil as a n-eascraíonn doiciméad a thabhairt ar aird lena bhfuil éifeacht dlí, rud atá bunaithe ar na torthaí ar rialú oifigiúil atá tugtha i gcrích agus doiciméadaithe, ach nach cuid den rialú oifigiúil ann féin é. Ar na samplaí eile de 'ghníomhaíochtaí oifigiúla eile', i gcomhréir leis na tuairimí a nocht na Ballstáit le linn RRO a dhréachtú agus le linn na bpléití sa Comhairle, tá:

— bainistíocht ar liostaí d'oibreoirí cláraithe/formheasta;

— treoraíocht/comhairle d'oibreoirí i dtaca le reachtaíocht an Aontais maidir leis an slabhra agraibhia agus lena cur chun feidhme;

— suirbhéanna maidir le láithreacht lotnaidí plandaí;

— faireachas chun galair ainmhithe a bhrath;

— imscrúduithe eipidéimeolaíochta ar ráigeanna bia-iompartha;

— fógra maidir le galair ainmhithe nó lotnaidí plandaí;

— díothú agus smachtú galar ainmhithe nó lotnaidí plandaí;

I gcás inarb é a éiríonn as neamhchomhlíonadh a suíodh amhras faoi neamhchomhlíonta eile (Airteagal 137(2) de RRO) nó ina spreagtar imscrúduithe leis arb é is aidhm dóibh méid nó bunús an neamhchomhlíonta nó freagracht an oibreora a chinneadh (Airteagal 138(1)(a) de RRO), is é is aidhm do na gníomhaíochtaí sin iontu féin comhlíonadh a fhíorú agus ba cheart a mheas, dá bhrí sin, gur 'rialuithe oifigiúla' iad.

Féadfaidh gníomhaíochtaí áirithe a bheith ina rialuithe oifigiúla nó ina ngníomhaíochtaí oifigiúla eile, de réir a gcuspóra. Mar shampla, cáilíonn an fíorú ar láithreacht galair i gcomhthéacs clár díothúcháin mar 'gníomhaíocht oifigiúil eile' i gcomhréir le hAirteagal 2(2) de RRO, cé gur féidir leis an bhfíorú ar láithreacht an ghalair chéanna a bheith ina 'rialú oifigiúil', má dhéantar é chun fíorú a dhéanamh ar comhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO. Go háirithe, cuid de na modhanna agus de na teicnící le haghaidh rialuithe oifigiúla a luaitear in Airteagal 14 de RRO, úsáidtear go cothrom iad le linn faireachais agus imscrúduithe eipidéimeolaíocha (e.g., scrúdú ar dhoiciméid agus taifid inrianaitheachta, agallaimh, sampláil, anailís, diagnóis agus tástálacha, etc.). Le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin, más gá, is féidir idirdhealú idir an dá chomhthéacs a dhéanamh bunaithe ar na saintréithe ar a dtugtar tuairisc thuas.

Áirítear samplaí praiticiúla áirithe de 'rialuithe oifigiúla' agus de 'ghníomhaíochtaí oifigiúla eile' i dTable 1 thíos.

Tábla 1

Samplaí de rialuithe oifigiúla (RO) agus de ghníomhaíochtaí oifigiúla eile (GOE)

	Gníomhaíocht	RO	GOE	Barúil / réasúnaíocht
1	Seiceáil a dhéanamh ar an liosta de réamhfhógraí maidir le coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas chun rialuithe teorann a phleanáil		GOE	Ullmhú roimh rialuithe oifigiúla a dhéanamh
2	Clár díothúcháin a bhunú		GOE	Galair agus lotnaidí a dhíothú agus a smachtú (cf. aithris 25 de RRO)
3	Úsáid a bhaint as na torthaí ar fhaireachas arna dhéanamh ag oibreoirí		GOE	Anailís ar shonraí lena gcuirtear eolas ar fáil/lena dtugtar cúnamh chun rialuithe oifigiúla a ullmhú, rud nach bhfuil ina fhíorú ar chomhlíonadh ann féin
4	Nósanna imeachta i scríbhinn a dhréachtú chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh		GOE	Ullmhú/cúnamh roimh rialuithe oifigiúla
5	Seiceáil a dhéanamh ar thaifid de choinsíneachtaí idirthurais	RO		Fíorú ar chomhlíonadh (Airteagal 19(e) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124 ón gCoimisiún ([1]))
6	Samplaí a ghlacadh de choinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas de réir TRACES-NT	RO		Fíorú ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO
7	Seiceálacha a dhéanamh ar ainmhithe agus ar earraí a thagann isteach san Aontas.	RO		Fíorú ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO
8	Seiceáil a dhéanamh ar cé acu a líon nó nár líon an t-oibreoir CHED isteach i gceart	RO		Fíorú ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO
9	Sampláil agus anailís ar choinsíneacht ag Post Rialaithe Teorann	RO		Fíorú ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO
10	Sampláil agus anailís ar choinsíneacht ag an gceann scríbe tar éis trádáil trasteorann	RO		Fíorú ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO
11	Seiceáil ar cé acu a chomhlíon nó nár chomhlíon oibreoir na srianta gluaiseachta	RO		Fíorú ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO
12	Sampláil agus anailís ar choinsíneacht i mbunaíocht choraintín, mar a cheanglaítear le rialacha an Aontais	RO		Fíorú ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO
13	Sampláil agus anailís le haghaidh galar atá ag teacht chun cinn		GOE	Faireachas eipidéimeolaíoch; cf. RRO aithris 25
14	Sampláil ar ainmhithe fiáine chun suirbhéireacht a dhéanamh ar ghalar liostaithe		GOE	Clár faireachais chun fíorú a dhéanamh ar láithreacht galair; cf. RRO aithris 25

15	Seiceáil ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann oibreoir ceanglais shonracha a fhorordaítear le clár díothúcháin le haghaidh galar liostaithe	RO		Fíorú ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO
16	Cúnamh le haghaidh oibreora maidir le bearta bithshlándála chun cosc a chur le leathadh galar liostaithe, arna sholáthar ag na húdaráis inniúla, nó ag na comhlachtaí tarmligthe nó ag na daoine nádúrtha a ndearnadh gníomhaíochtaí oifigiúla áirithe eile a tharmligean chucu i gcomhréir le RRO agus leis na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO		GOE	Cúnamh, seachas fíorú ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO
17	Seiceáil ar shonraí táirgeachta chun a fhíorú cé acu a thugann nó nach dtugann an t-oibreoir fógra faoi mhortlaíochtaí mínormálta, rátaí táirgeachta laghdaithe suntasacha lena bhfuil cúis neamhchinntithe nó amhrais i leith galair liostaithe áirithe etc. de réir mar a cheanglaítear le rialacha an Aontais	RO		Fíorú ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO
18	Sampláil agus anailís chun stádas Ballstáit, creasa nó bunaíochta a choinneáil ar bun maidir le bheith saor ó ghalar nó ó lotnaid liostaithe		GOE	Clár faireachais chun láithreacht galair a fhíorú
19	Suirbhéanna bunaithe ar riosca a dhéanamh chun seiceáil a dhéanamh ar láithreacht lotnaidí		GOE	cf. Airteagal 2(2) agus aithris 25 de RRO
20	Measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh táirgí bia agus beatha orgánacha roimh iad a chur ar an margadh	RO		Fíorú ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO
21	Fíorú ar chomhlíonadh Uasleibhéal Iarmhar	RO		Fíorú ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO
22	Imscrúdú eipidéimeolaíoch chun méid leata galair a chinneadh		GOE	cf. Airteagal 2(2) agus aithris 25 de RRO
23	Rialuithe tráthrialta nó bunaithe ar riosca i mbunaíocht fhormheasta chun seiceáil a dhéanamh ar cé acu a leanann nó nach leanann an t-oibreoir de na ceanglais formheasa a chomhlíonadh	RO		Fíorú ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO
24	Gníomhaíochtaí (e.g., cigireacht, grinnscrúdú doiciméadachta etc.) i ndáil le bunaíocht a rinne iarratas ar fhormheas mar a cheanglaítear le rialacha an Aontais (e.g., lárionad tionóil, bunaíocht dobharshaothraithe, bunaíocht táirgí geirmeacha)	RO		Fíorú ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO
25	Iniúchadh ar sheamlais/monarchana gearrtha le haghaidh dea-chleachtais agus nósanna imeachta sláinteachais bunaithe ar phrionsabail AGPRC	RO		Fíorú ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO

26	Fíorú a dhéanamh (lena n-áirítear sampláil agus anailís) ar cé acu a dhéanann nó nach ndéanann, agus sin ar bhealach cuí, tréidlia príobháideach na himscrúduithe is gá ar mhortlaíochtaí mínormálta nó ar tháirgeadh atá laghdaithe go suntasach i gcomhréir le hAirteagal 18(1)(c) de Rialachán (AE) 2016/429 ([2])	RO		Fíorú ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO ag oibreoirí agus tréidlianna príobháideacha
27	Fíorú ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO maidir le hainmhithe agus earraí a thagann isteach san Aontas	RO		Fíorú ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO
28	Cinneadh a dhéanamh agus CHED a shíniú	RO		Cuid de thabhairt i gcrích rialaithe oifigiúil
29	Na torthaí ar sheiceálacha ar ainmhithe agus ar earraí a thagann isteach san Aontas a chur isteach in TRACES-NT	RO		Cuid de thabhairt i gcrích rialaithe oifigiúil
30	Cead a eisiúint le haghaidh teacht isteach ainmhithe san Aontas, lena n-áirítear ceadanna ar bhonn rialacha iontrála nach bhfuil go hiomlán comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais		GOE	Gníomhaíocht bunaithe ar na torthaí ar rialuithe oifigiúla (de réir análaí le heisiúint deimhnithe nó fianaithe oifigiúil (Airteagal 2(2) de RRO). In Airteagal 1(2) de RRO déantar tagairt do rialacha atá curtha ar bun ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon.
31	Sampláil agus anailís a dhéantar chun seiceáil a dhéanamh go gcomhlíonann ainmhí nó coinsíneacht na ceanglais atá le deimhniú le haghaidh trádáil trasteorann	RO		Fíorú ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO
32	Seiceálacha arna ndéanamh ag údaráis inniúla nó comhlachtaí nó daoine tarmligthe ar bhaisceanna plandaí nó táirgí plandaí le haghaidh láithreacht lotnaidí coraintín de chuid an Aontais nó lotnaidí neamhchoraintín rialáilte chun deimhniú fíteashláintíochta a eisiúint	RO		Fíorú ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(g) de RRO
33	Seiceálacha arna ndéanamh ag údaráis inniúla nó comhlachtaí nó daoine tarmligthe ar bhaisceanna plandaí nó táirgí plandaí le haghaidh láithreacht lotnaidí coraintín de chuid an Aontais nó lotnaidí neamhchoraintín rialáilte chun pas planda a eisiúint	RO		Fíorú ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(g) de RRO
34	Seiceálacha arna ndéanamh ag údaráis inniúla nó comhlachtaí nó daoine tarmligthe ar bhaisceanna plandaí nó táirgí plandaí le haghaidh láithreacht lotnaidí coraintín de chuid an Aontais nó lotnaidí neamhchoraintín rialáilte	RO		Fíorú ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO
35	Eisiúint deimhnithe fíteashláintíochta nó pas planda		GOE	Gníomhaíocht bunaithe ar an toradh ar rialú oifigiúil
36	Gníomhaíochtaí suirbhé a bheartaítear chun láithreacht lotnaidí planda a bhrath.		GOE	Gníomhaíocht nach é is aidhm dhíreach di fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6481/oj

37	Sampláil agus anailís arna ndéanamh i gcomhthéacs suirbhéanna le haghaidh láithreacht lotnaidí coraintín de chuid an Aontais		GOE	Faireachas agus faireachán eipidéimeolaíoch; cf. RRO aithris 25
38	Diúscairt seachtháirgí ainmhithe a ordú tar éis ráige chun leathadh galar ainmhithe a smachtú		GOE	Leathadh galar ainmhithe a smachtú (cf. Airteagal 2(2) de RRO)
39	Srianta gluaiseachta a ordú mar chuid de chlár díothúcháin nó de dheasca stádas bunaithe cinnte (ionfhabhtaithe, saor etc.)		GOE	Galair ainmhithe a dhíothú (cf. Airteagal 2(2) de RRO)
40	Srianta gluaiseachta a ordú de dheasca ráig eipidéimeach		GOE	Leathadh galar ainmhithe a smachtú (cf. Airteagal 2(2) de RRO)
41	Ciondíothú ainmhithe i gcomhthéacs clár díothúcháin		GOE	Galair ainmhithe a dhíothú (cf. Airteagal 2(2) de RRO)
42	Fógra maidir le láithreacht galair liostaithe (trí ADNS, do WOAH, do thíortha trádála etc.)		GOE	Gníomhaíocht tar éis rialú oifigiúil (nó tar éis gníomhaíocht oifigiúil eile)
43	An pobal a chur ar an eolas faoi rioscaí áirithe (e.g. galar eipidéimeach, cineál an ghalair sin, na bearta a rinneadh etc.)		GOE	Eolas a chur ar fáil, gan comhlíonadh a fhíorú
44	Formheas bunaíochta a eisiúint		GOE	Gníomhaíocht tar éis fíorú ar chomhlíonadh (Airteagal 148 de RRO); cf. aithris 25
45	Seiceálacha i mbunaíocht de chuid an Aontais chun fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh ceanglas onnmhairiúcháin a leagtar síos sna rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO	RO		Fíorú ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO
46	Gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha chun méid neamhchomhlíonta a chinneadh	RO		Airteagal 138(1) de RRO; fíorú ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO;
47	Fíorú ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO chun deimhniú oifigiúil nó fianú oifigiúil a eisiúint	RO		Fíorú ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO (cf. Airteagal 2(1)(b) de RRO)
48	Deimhniú oifigiúil nó fianú oifigiúil a eisiúint ar bhonn na dtorthaí ar rialuithe oifigiúla		GOE	Gníomhaíocht bunaithe ar rialú oifigiúil críochnaithe (cf. Airteagal 2(2) de RRO)
49	Tuarascáil chigireachta nó iniúchóireachta nó saotharlainne a ullmhú (toradh ar rialú oifigiúil)	RO		Cuid lárnach de ghníomhaíocht rialaithe oifigiúil

50	Faireachán ar éilleáin i mbia nó i mbeatha ([3])a dhéantar chun fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh leibhéil rialála a bhunaítear le rialacha an Aontais nó le rialacha náisiúnta, nó chun fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh oibreora le bearta maolúcháin a bhunaítear le rialacha an Aontais nó rialacha náisiúnta	RO		Gníomhaíocht arb é is aidhm di fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO
51	Faireachán ar éilleáin i mbia nó i mbeatha nár bunaíodh aon leibhéal rialála lena n-aghaidh agus a dhéantar chun fíorú a dhéanamh ar láithreacht éilleán i mbia nó i mbeatha nó arb é is cuspóir dó sonraí a bhailiú i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4])		GOE	Gníomhaíocht faireacháin neamh-spriocdhírithe nach é is aidhm di fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le rialuithe oifigiúla ar choinsíneachtaí ainmhithe agus earraí atá faoi bhealach, á dtrasloingsiú agus á n-iompar ar aghaidh tríd an Aontas, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 798/2008, (CE) Uimh. 1251/2008, (CE) Uimh. 119/2009, (AE) Uimh. 206/2010, (AE) Uimh. 605/2010, (AE) Uimh. 142/2011, (AE) Uimh. 28/2012 ón gCoimisiún, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/759 ón gCoimisiún agus Cinneadh 2007/777/CE ón gCoimisiún (IO L 321, 12.12.2019, lch. 73).

([2]) Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') (IO L 84, 31.3.2016, lch. 1).

([3]) Lena n-áirítear éilleáin mar a shainmhínítear i Rialachán (CEE) 315/93 ón gComhairle agus substaintí neamh-inmhianaithe mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/32/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6481/oj

1.2. **An tréidlia oifigiúil (Airteagal 3 de RRO)**

Airteagal 3 de RRO

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas: [..]

(32) ciallaíonn 'tréidlia oifigiúil' tréidlia arna cheapadh, mar bhall foirne nó ar bhonn eile, ag na húdaráis inniúla, a bhfuil na cáilíochtaí cuí aige chun rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a dhéanamh i gcomhréir leis an Rialachán seo agus na rialacha ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 1(2);

(49) ciallaíonn 'cúntóir oifigiúil' ionadaí ó na húdaráis inniúla atá oilte i gcomhréir leis na ceanglais a bhunaítear faoi Airteagal 18 agus a fhostaítear chun cúraimí áirithe maidir le rialú oifigiúil nó cúraimí áirithe maidir le gníomhaíochtaí oifigiúla eile a dhéanamh; [..]

Mar a luaitear in aithris 44 de RRO, chun rialuithe oifigiúla áirithe a dhéanamh, is gá scileanna sonracha tréidlianna oifigiúla a úsáid chun toradh fónta a áirithiú, ach ní theorannaítear a gcuid oibre leis an gceanglas sin do na cineálacha rialuithe oifigiúla sin amháin.

Leanann sé ó shainmhíniú Airteagal 3(32) de RRO, gur féidir le tréidlianna oifigiúla a bheith ina mbaill foirne de chuid na n-údarás inniúil, nó ar bhonn eile. D'fhéadfadh tréidlia ón earnáil phríobháideach a bheith sa dara catagóir, agus dá bhrí sin ní gá go mbeadh baint ag ceapadh tréidlia oifigiúil le conradh fostaíochta mar bhall foirne de chuid an údaráis inniúil.

Sonraítear in Airteagal 5(2) de RRO go gceapfaidh na húdaráis inniúla tréidlianna oifigiúla i scríbhinn agus go n-áireofar leis an gceapachán sin tuairisc ar na rialuithe oifigiúla sonracha agus ar ghníomhaíochtaí oifigiúla eile agus ar chúraimí gaolmhara a bheidh le déanamh acu. Na rialacha maidir le tarmligean na gcúraimí a leagtar síos in Airteagail 28 go 31 de RRO, ní bhaineann siad leis an gceapachán sin, ós rud é nach bhfuil coincheap an tarmligin iomchuí sa chás sin ina sanntar leis an reachtaíocht go sonrach cúraimí áirithe i ndáil le rialú don tréidlia oifigiúil.


Sonraítear in RRO ról na dtréidlianna oifigiúla in dhá Chaibidil ar leith de Theideal II:

(a) Maidir le táirgeadh táirgí de bhunadh ainmhíoch lena gcaitheamh ag an duine, in Airteagail 17 agus 18 (Caibidil II) maidir le rialuithe oifigiúla, bunaítear le RRO, i measc nithe eile, creat maidir leis na cineálacha comhair idir an tréidlia oifigiúil agus an cúntóir oifigiúil le linn cúraimí áirithe i ndáil le rialú oifigiúil a dhéanamh agus maidir leis na téarmaí maidir leis an méid a dhéanfadh foireann an tseamlais sna cúraimí i ndáil le rialú oifigiúil.

(b) Maidir le coinsíneachtaí dá dtagraítear in Airteagal 47(1) atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann ar a dteacht isteach san Aontas, le hAirteagail 49 (Caibidil V) agus 55 déantar idirdhealú idir ainmhithe agus earraí a mhéid a bhaineann le ról an tréidlia oifigiúil. Go sonrach, le RRO déantar idirdhealú idir ainmhithe agus earraí maidir le cé acu is gá nó nach gá do thréidlianna oifigiúla na seiceálacha fisiceacha a dhéanamh agus na cinntí ábhartha a dhéanamh maidir le coinsíneachta a bheith ag comhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), go pearsanta, nó cé acu is féidir nó nach féidir le foireann oilte iad a ionadú. Léirítear an difríocht seo i bhFíor 1.

Fíor 1

Ról an tréidlia oifigiúil agus na foirne atá oilte agus ainmnithe go sonrach maidir le seiceálacha fisiceacha agus cinntí a dhéantar maidir le hainmhithe agus earraí a thagann isteach san Aontas, faoi Airteagail 49 agus 55 de RRO



De thoradh Airteagal 5(2) de RRO, na ceanglais a chuirtear i bhfeidhm maidir le foireann na n-údarás inniúil, is ceanglais iad a fhorchuirtear freisin ar gach tréidlia oifigiúil arna cheapadh. Ag an bpointe seo, cuireann RRO i bhfios go láidir a thábhachtaí atá saoirse ó aon choinbhleacht leasa do thréidlianna oifigiúla. Chun an easpa coinbhleachta leasa sin a áirithiú, ceanglaítear ar údaráis inniúla nósanna imeachta nó socruithe a bheith i bhfeidhm acu de réir Airteagal 5(1)(c) de RRO.

Tá feidhm ag Airteagal 5(1), (4) agus (5) de RRO maidir le gach tréidlia oifigiúil. Seasann an méid céanna do cheanglais Airteagal 8 de RRO maidir le rúndacht agus ceanglais Airteagal 91(3) a mhéid a bhaineann le neamhchlaontacht agus saoirse ó choinbhleachtaí leasa, a thagraíonn sa chás seo don mhaoirseacht ar eisiúint an fhianaithe oifigiúil ag an tréidlia oifigiúil.

An oibleagáid atá ar na húdaráis inniúla rialuithe oifigiúla a dhéanamh bunaithe ar nósanna imeachta doiciméadaithe, dá bhforáiltear in Airteagal 12 de RRO, tá feidhm aici freisin maidir le tréidlianna oifigiúla. Tá oibreoirí le cuidiú agus comhoibriú le tréidlianna oifigiúla nuair a dhéanann siad rialuithe oifigiúla nó cúraimí a bhaineann le gníomhaíochtaí oifigiúla eile, de réir fhorálacha Airteagal 15(6) de RRO.

A mhéid a bhaineann le hoiliúint, tá na tréidlianna oifigiúla faoi réir ceanglais oiliúna ghinearálta Airteagal 5(4) de RRO, oiliúint le haghaidh eisiúint fianuithe oifigiúla dá dtagraítear in Airteagal 91(3) de RRO agus oiliúint arna soláthar ag na lárionaid tagartha Eorpacha do leas ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 96(e) de RRO.

I ndáil le táirgí de bhunadh ainmhíoch lena gcaitheamh ag an duine, liostaítear in Airteagail 13 agus 14 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún ([3]) agus in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin na ceanglais oiliúna don tréidlia oifigiúil, don chúntóir oifigiúil, d'fhoireann an tseamlais agus don fhoireann atá ainmnithe ag údaráis inniúla chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh i monarchana gearrtha.

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2019 maidir le rialacha sonracha i dtaca le rialuithe oifigiúla a dhéanamh faoi tháirgeadh na feola agus le haghaidh limistéir táirgthe agus athsheachadta na moileasc débhlaoscach beo i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 131, 17.5.2019, lch. 1).

An fhoireann a thugann cúnamh don tréidlia oifigiúil seiceálacha fisiceacha a dhéanamh nó seiceálacha fisiceacha a dhéanamh ag poist rialaithe teorann le haghaidh ainmhithe agus táirgí a leagtar síos in Airteagal 49(2) den RRO, tá siad faoi réir na gceanglas sonrach oiliúna a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1081 ón gCoimisiún ([4]).

2. TEIDEAL II - RIALUITHE OIFIGIÚLA AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ OIFIGIÚLA EILE SNA BALLSTÁIT

2.1. CAIBIDIL II – Rialuithe oifigiúla

2.1.1. *Rialuithe oifigiúla ar ríomhthráchtáil*

Tá oibleagáid ghinearálta ar na Ballstáit córas rialuithe oifigiúla bunaithe ar riosca a bhunú (Airteagal 9 de RRO). A mhéid is gá chun comhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO a fhionnadh, ní mór d'údaráis inniúla rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar 'ainmhithe agus earraí ag aon chéim den táirgeadh, den phróiseáil, den leithdháileadh agus den úsáid'; 'substaintí, ábhair nó réada eile a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar shaintréithe nó ar shláinte ainmhithe agus earraí, agus ar chomhlíonadh na gceanglas is infheidhme acu, ag gach céim den táirgeadh, den phróiseáil, den leithdháileadh agus den úsáid'; agus 'oibreoirí maidir lena gcuid gníomhaíochtaí, lena n-áirítear ainmhithe a choimeád, trealaimh, modhanna iompair, áitribh agus áiteanna eile atá faoina rialú agus a dtimpeallachtaí agus ar dhoiciméadacht ghaolmhar' (Airteagal 10(1) de RRO). Dá bhrí sin, féadfaidh baint a bheith ag na rialuithe oifigiúla le hainmhithe agus le hearraí a thairgtear lena ndíol trí chianchumarsáid agus le hoibreoirí a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí a dhéantar trí chianchumarsáid.

Féadfar '*trí chianchumarsáid*' (dá dtagraítear in Airteagal 15(5) agus Airteagal 36 de RRO) a thuiscint mar mhodhanna lena n-áirítear an tIdirlíon, ach sásraí cianordúcháin eile freisin, amhail tríd an bpost nó ar an bhfón ó chatalóg. Mar sin féin, is iad gníomhaíochtaí ríomhthráchtála, go háirithe díolacháin táirgí agraibhia ar líne, na gníomhaíochtaí is ábhartha i dtéarmaí méide agus nochta do shaoránaigh atá le cur san áireamh chun críocha rialuithe oifigiúla.

Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh ar ghníomhaíochtaí ríomhthráchtála san earnáil agraibhia:

— díolacháin gnólacht le tomhaltóir agus díolacháin gnólacht le gnólacht;

— cur i láthair agus faisnéis táirge ar líne;

— oibríochtaí lena n-úsáidtear bealaí seasta agus bealaí ar líne araon chomh maith le bealaí ar líne amháin;

— modhanna éagsúla ceannaigh le haghaidh earraí ar líne (e.g., íocaíocht ar líne nó tráth seachadta/bailithe);

— gníomhaíochtaí a bhaineann le soláthraithe seirbhíse digití, lena n-áirítear margaí agus ardáin ar líne;

— samhlacha gnó ar líne go sonrach, amhail 'bialanna fíorúla' (i.e., saoráidí ullmhúcháin bia nach n-oibríonn ach amháin le haghaidh seachadta nó orduithe beir leat a chuirtear isteach ar shuíomhanna gréasáin, aipeanna nó ardáin);

— díolacháin trasteorann, lena n-áirítear allmhairí ó oibreoirí atá lonnaithe i dtríú tíortha, go díreach le saoránaigh an Aontais.

Go ginearálta, déanfaidh na húdaráis inniúla rialuithe tráthrialta bunaithe ar riosca ar oibreoirí agus ar ainmhithe nó ar earraí ag aon chéim den táirgeadh, den phróiseáil, den leithdháileadh agus den úsáid i gcomhréir le hAirteagail 9 agus 10 de RRO. Tá feidhm ag an gceanglas sin ar an mbealach céanna maidir le gníomhaíochtaí ríomhthráchtála agus le gnáthghníomhaíochtaí.

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1081 ón gCoimisiún an 8 Márta 2019 lena mbunaítear rialacha maidir le ceanglais shonracha oiliúna don fhoireann i ndáil le seiceálacha fisiceacha áirithe a dhéanamh ag poist rialaithe teorann (IO L 171, 26.6.2019, lch. 1).

2.1.1.1. *Oibreoirí ríomhthráchtála a chlárú*

Ceanglaítear le hAirteagal 10(2) de RRO ar údaráis inniúla liostaí cothrom le dáta d'oibreoirí a choinneáil (féach freisin roinn 2.1.2). Chun na críche seo, ceanglaítear le hAirteagal 15(5) de RRO ar oibreoirí faisnéis nuashonraithe a chur ar fáil do na húdaráis inniúla maidir lena n-ainm agus a bhfoirm dhlíthiúil mar aon leis na gníomhaíochtaí sonracha a dhéanann siad, '*lena n-áirítear gníomhaíochtaí a ghabhtar de láimh trí chianchumarsáid, agus na háiteanna atá faoina rialú*'. Ba cheart faisnéis shonrach a bheith ann faoi na bealaí cianchumarsáide uile a úsáideann an t-oibreoir, lena n-áirítear cé acu a bhaineann nó nach mbaineann an t-oibreoir úsáid as seirbhísí idirghabhálacha amhail líonraí sóisialta agus margaí ar líne, agus ba cheart a chur ar a gcumas d'údaráis inniúla rialuithe oifigiúla a dhéanamh, maidir leis na hoibreoirí, ar '*a gcuid gníomhaíochtaí, lena n-áirítear ainmhithe a choimeád, trealaimh, modhanna iompair, áitribh agus áiteanna eile atá faoina rialú agus a dtimpeallachtaí agus ar dhoiciméadacht ghaolmhar*' i gcomhréir le hAirteagal 10(1)(c) de RRO.

Féadfaidh oibreoirí atá bunaithe i mBallstát amháin suíomhanna gréasáin a oibriú a dhíríonn ar chustaiméirí i mBallstát eile (e.g., trí theanga an Bhallstáit eile a úsáid agus/nó trí roghanna seachadta a thairiscint).

Is iondúil go nochtar oibreoirí atá bunaithe lasmuigh dá ndlínse freisin le straitéisí cuardaigh ar líne a úsáideann na Ballstáit chun suíomhanna gréasáin nó earraí a dhíoltar ar líne a shainaithint. Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as sásraí an chúnaimh agus an chomhair riaracháin (Airteagail 102 go 108 de RRO) chun a chéile a chur ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí trasteorann oibreoirí.

Féadfaidh oibreoirí i dtríú tíortha a bheith faoi réir ceanglais shonracha maidir le clárú nó údarú a leagtar síos sna rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO, ag brath ar a ngníomhaíochtaí agus ar chatagóirí na n-earraí a onnmhairítear chuig an Aontas.

2.1.1.2. *Sampláil agus anailís ar ainmhithe agus ar earraí a dhíoltar ar líne*

Féadfaidh údaráis inniúla sampláil agus anailís a dhéanamh chun comhlíonadh a fhíorú le linn rialuithe bunaithe ar riosca ar ainmhithe agus earraí i gcomhréir le hAirteagal 14(h) de RRO. D'fhéadfadh sé go mbainfeadh sé sin le hainmhithe agus le hearraí a thairgtear ar líne. Féadfar samplaí a thógáil agus cigireacht á déanamh ar áitreabh na n-oibreoirí a thairgeann táirgí ar líne. Bealach éifeachtach samplála eile (go háirithe i gcásanna trasteorann) is ea earraí a ordú ar líne agus samplaí de na hearraí sin a thógáil tráth a seachadta. Chun na críche sin, agus chun bheith in ann rialuithe oifigiúla a dhéanamh gan fógra a thabhairt roimh ré i gcomhréir le hAirteagal 9(4) de RRO, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar údaráis inniúla a gcéannacht a cheilt le linn an phróisis ordaithe. Le hAirteagal 36 de RRO soláthraítear an bunús dlí chun go n-úsáidfidh údaráis inniúla ainmhithe agus earraí a ordaítear ar líne (nó trí mhodhanna eile cianchumarsáide) gan iad féin a chur in aithne mar shamplaí chun críoch rialuithe oifigiúla. Ní mór d'údaráis inniúla, a luaithe a bheidh na samplaí ina seilbh acu, oibreoirí a chur ar an eolas gur ordaíodh earraí chun críoch samplála oifigiúla agus/nó anailíse (Airteagal 36(2)(a) de RRO). Oibreoirí a bhfuil a n-ainmhithe agus a n-earraí faoi réir samplála agus anailíse, tá an ceart acu don dara tuairim shaineolach (féach tuilleadh mionsonraí i gCaibidil 2.3.2 maidir le hAirteagal 35 de RRO).

2.1.1.3. *Gníomhaíocht i gcás neamhchomhlíonta agus riosca*

Is ar na Ballstáit atá an fhreagracht reachtaíocht an Aontais maidir leis an slabhra agraibhia a fhorfheidhmiú (aithris 15 de RRO), agus déanann a n-údaráis inniúla gníomhaíocht i gcomhréir le hAirteagail 137 agus 138 de RRO. I gcás ina bhfaighfear, nó ina mbeidh amhras faoi, neamhchomhlíonta ainmhithe agus earraí a thairgtear nó a dhíoltar ar líne agus atá ábhartha do Bhallstáit eile, nó i gcás ina mbeidh an t-oibreoir freagrach lonnaithe i mBallstát eile, bainfear úsáid as sásraí an chúnaimh agus an chomhair riaracháin a leagtar síos in Airteagail 102 go 108 de RRO agus a chuirtear chun feidhme sa chóras TF iRASFF mar chomhpháirt den Chóras Bainistíochta Faisnéise do Rialuithe Oifigiúla (CBFRO), chun go bhféadfar gníomhaíocht forfheidhmithe éifeachtúil chomhsheasmhach a dhéanamh ar fud na mBallstát uile.

I gcás ina bhfaighfear go mbaineann riosca don tsláinte de réir bhrí Airteagal 50 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 le hearraí neamhchomhlíontacha a thairgtear nó a dhíoltar ar líne, ba cheart an nós imeachta RASFF a chuirtear chun feidhme sa chóras iRASFF a úsáid dá réir sin.

Cuirfidh an Coimisiún tríú tíortha nach bhfuil rochtain acu ar chórais iRASFF ná TRACES ar an eolas faoi tháirgí atá faoi réir fógraí RASFF (foláireamh, faisnéis nó fógra faoi chead thar teorainn isteach a dhiúltú) de thionscnamh na dtríú tíortha sin nó a dháiltear orthu; i gcás fógraí maidir le neamhchomhlíonadh agus fógraí maidir le calaois bhia, *féadfaidh* an Coimisiún tríú tíortha lena mbaineann nach bhfuil rochtain acu ar iRASFF ná ar chóras TRACES a chur ar an eolas (Airteagal 27 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715).

Tá tuilleadh faisnéise maidir le húsáid phraiticiúil iRASFF chun fógra a thabhairt faoi tháirgí a thairgtear ar líne le fáil i Nósanna Imeachta Oibríochta Caighdeánacha RASFF ([5]).

2.1.1.4. *Soláthraithe seirbhíse digití*

Tá feidhm cheana féin ag Rialachán (AE) 2022/2065 ([6]) (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) maidir le hardáin ar líne agus innill chuardaigh ar líne arna n-ainmniú ag an gCoimisiún mar ardáin an-mhór ar líne agus mar innill chuardaigh an-mhór ar líne ([7]). Tá feidhm aige maidir leis na soláthraithe seirbhísí idirghabhálaí uile atá gníomhach san Aontas ón 17 Feabhra 2024. Leagtar síos leis an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha rialacha maidir leis an díolúine ó dhliteanas agus ó oibleagáidí díchill a fhorchuirtear ar sholáthraithe seirbhíse idirghabhálaí.

Sainítear in Airteagal 3(g) den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha catagóirí éagsúla seirbhísí idirghabhálacha, arb é an '*óstáil*' is ábhartha ó thaobh sábháilteacht agus comhlíonadh táirgí de. Is seirbhís í an óstáil ina stórálann soláthraí seirbhíse faisnéis ar a fhreastalaí, ar faisnéis í a sholáthraíonn úsáideoir na seirbhíse, i.e., tríú páirtí neamhspleách. Is fochatagóir shonrach óstála seirbhís 'ardán ar líne' lena n-áirítear seirbhísí ina ndéantar an fhaisnéis a stóráiltear, ina theannta sin, a scaipeadh ar an bpobal ar iarraidh ó úsáideoir na seirbhíse, amhail líonraí sóisialta ar líne nó ardáin ar líne a cheadaíonn do thomhaltóirí cianchonarthaí a thabhairt i gcrích le trádálaithe.

Níl aon oibleagáid ghinearálta ar sholáthraithe seirbhíse idirghabhálaí a dhéanann gníomhaíochtaí óstála faireachán a dhéanamh ar úsáid a gcuid seirbhísí maidir le gníomhaíocht neamhdhleathach agus tá siad díolmhaithe go coinníollach ó dhliteanas i leith inneachar neamhdhleathach a sholáthraíonn tríú páirtithe a úsáideann a gcuid seirbhísí. Cumhdaítear le coincheap an inneachair neamhdhleathaigh sa chomhthéacs seo freisin earraí neamhsháibháilte agus/nó neamhchomhlíontacha a thairiscint.

Ní díolúine absalóideach í an díolúine ó dhliteanas. De réir Airteagal 6(1) den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha, níl feidhm aici ach amháin ar choinníoll:

(a) *nach bhfuil eolas iarbhír ag an soláthraí ar ghníomhaíocht neamhdhleathach nó inneachar neamhdhleathach agus, a mhéid a bhaineann le héilimh ar dhamáistí, nach bhfuil sé ar an eolas faoi fhíorais nó cúinsí ónar léir an ghníomhaíocht neamhdhleathach nó an t-inneachar neamhdhleathach; nó*

(b) *nuair a fhaigheann an soláthraí an t-eolas nó an fheasacht sin, go ngníomhaíonn sé go tapa chun rochtain ar an inneachar neamhdhleathach a bhaint nó a dhíchumasú.*

Dá bhrí sin, chun leas a bhaint as an díolúine ó dhliteanas a leagtar síos in Airteagal 6 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha, ní mór do sholáthraithe seirbhísí óstála gníomhú ar fhaisnéis shonrach a fháil maidir le gníomhaíocht nó ábhar neamhdhleathach, a fhaightear mar thoradh ar imscrúduithe deonacha féintionscnaimh ([8]) nó a fhaightear trí fhógra a fháil ó dhaoine aonair nó eintitis sheachtracha. I gcomhréir le hAirteagal 16 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha, ní mór do sholáthraithe seirbhísí óstála sásraí a chur i bhfeidhm lena gceadaítear d'aon duine aonair nó eintiteas fógra a thabhairt dóibh faoi mhíreanna sonracha faisnéise a bheith ar a seirbhís a mheasann an duine aonair nó an t-eintiteas a bheith ina inneachar neamhdhleathach ('sásraí fógra agus gnímh').

Ina theannta sin, tá sé d'oibleagáid ar sholáthraithe ardán ar líne a cheadaíonn do thomhaltóirí cianchonarthaí a thabhairt i gcrích le trádálaithe 'comhlíonadh trí dhearadh' a chur chun feidhme. Ciallaíonn sé sin gur cheart dóibh a áirithiú '*go bhfuil a comhéadan ar líne deartha agus eagraithe ar bhealach a chuireann ar a gcumas do thrádálaithe a gcuid oibleagáidí maidir le faisnéis réamh-chonarthach, faisnéis maidir le comhlíonadh agus sábháilteacht táirgí a chomhlíonadh faoi dhlí is infheidhme an Aontais*' (Airteagal 31(1) den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha).

Ina theannta sin, agus in aon chás, ceanglaítear le hAirteagail 9 agus 10 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha ar sholáthraithe seirbhíse idirghabhálaí na húdaráis ábhartha a chur ar an eolas gan moill mhíchuí faoi aon éifeacht a tugadh d'aon ordú gníomhú in aghaidh inneachar neamhdhleathach nó faisnéis a sholáthar, arna ghlacadh ag na húdaráis náisiúnta bhreithiúnacha nó riaracháin ábhartha ar bhonn dhlí an Aontais nó an dlí náisiúnta is infheidhme i gcomhréir le dlí an Aontais. Chun na críche seo, ceanglaítear le hAirteagal 11 den Rialachán sin ar sholáthraithe seirbhíse idirghabhálaí pointe teagmhála aonair a ainmniú chun cumarsáid a dhéanamh le húdaráis na mBallstát, leis an gCoimisiún agus leis an mBord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha (Airteagal 61 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha).

([5]) https://food.ec.europa.eu/safety/rasff_en?prefLang=ga.

([6]) Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1).

([7]) Féach https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/IP_23_2413.

([8]) Mar sin féin, i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2022/2065, níor cheart soláthraithe seirbhíse a bheith neamh-incháilithe go ginearálta do na díolúintí dliteanais dá bhforáiltear in Airteagal 6 den Rialachán sin de bhíthin amháin go ndéanann siad imscrúduithe deonacha féintionscnaimh chun gníomhaíocht neamhdhleathach a bhrath.

2.1.1.5. *Straitéisí rialaithe ríomhthráchtála – dea-chleachtais*

Bunaithe ar an méid thuas agus ar thaithí sna Ballstáit, ba cheart na bearta seo a leanas a mheas mar dhea-chleachtais maidir le rialuithe ríomhthráchtála:

(i) Ba cheart tacú le rialuithe oifigiúla a dhéanann údaráis inniúla na mBallstát trí chuardaigh ghréasáin a dhéanamh chun díoltóirí ar líne a shainaithint atá lonnaithe i gcríoch an Bhallstáit agus nach eol go fóill d'údaráis inniúla, agus é mar aidhm leis sin iad a chur faoi réir rialuithe bunaithe ar riosca.

(ii) Ba cheart cuardaigh ghréasáin a úsáid freisin chun tairiscintí earraí ar líne a shainaithint, ar earraí iad a sainaithníodh le linn rialuithe oifigiúla mar earraí neamhchomhlíontacha nó mar earraí a bhfuil riosca ag baint leo, nó i gcás ina bhfuil amhras faoi neamhchomhlíonadh, lena n-áirítear earraí ar tugadh fógra ina leith sa chóras iRASFF.

(iii) Ba cheart rialú suíomhanna gréasáin agus comhlíonadh na gceanglas maidir le faisnéis faoin táirge a bheith ina gcuid de rialú gníomhaíochtaí ríomhthráchtála. Mar shampla, ní mór do thairiscintí bia ar líne na ceanglais maidir le faisnéis bhia a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ([9])a chomhlíonadh. De réir Airteagal 1 den Rialachán sin, tá feidhm ag ceanglais maidir le faisnéis bhia i leith oibreoirí gnólachtaí bia ag gach céim den bhiashlabhra, i gcás ina mbaineann a ngníomhaíochtaí le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí, leis na bianna go léir a bheartaítear a sholáthar don tomhaltóir deiridh, agus le bianna a sheachadann oll-lónadóirí nó a sholáthraítear dóibh. Ní mór cleachtais tráchtála chothroma a áirithiú trí fhaisnéis bhia a sholáthar, trí fhógraíocht freisin, de réir Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011.

(iv) Ba cheart rialuithe ríomhthráchtála a dhéanamh trí úsáid a bhaint as crua-earraí agus bogearraí oiriúnacha chun gur féidir cuardaigh ghréasáin agus ceannacháin ar líne a dhéanamh gan céannacht an údaráis inniúil a nochtadh.

(v) Ba cheart d'údaráis inniúla teagmhálacha a bhunú le pointí teagmhála na soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha, de réir mar is ábhartha, lena n-áirítear líonraí sóisialta ar líne, margaí ar líne, soláthraithe seirbhísí íocaíochta digití agus clárlanna ainmneacha fearainn chun go n-éascófar baint thráthúil tairiscintí ar líne d'earraí neamhchomhlíontacha nó góchumtha, i measc nithe eile, nó chun go sainaithneofar oibreoirí nó úsáideoirí seirbhísí digiteacha más gá chun críoch forfheidhmithe.

(vi) Chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh go héifeachtúil, ba cheart cumhacht a thabhairt d'údaráis inniúla faisnéis a iarraidh nó bearta iomchuí a dhéanamh maidir le hoibreoirí ábhartha eile nach bhfuil faoi réir RRO (d'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás roinnt soláthraithe seirbhíse idirghabhálacha nó institiúidí airgeadais, mar shampla), nó, de réir struchtúir riaracháin náisiúnta, ba cheart dóibh dlúthchomhar a áirithiú le húdaráis náisiúnta eile a dhéanann maoirseacht ar ghníomhaíochtaí na n-oibreoirí eile sin.

(vii) I gcomhréir lena gceanglais bhunreachtúla, féadfaidh na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar aonaid lárnacha rialaithe ríomhthráchtála a bhunú do na cúraimí thuasluaite, ar chúiseanna éifeachtúlachta agus comhchuibhithe maidir le nósanna imeachta, trealamh agus teagmhálacha seachtracha.

2.1.2. ***Liostú oibreoirí (Airteagal 10(2) agus (3) de RRO)***

Le hAirteagal 10(2) de RRO ceanglaítear ar údaráis inniúla liostaí cothrom le dáta d'oibreoirí a choinneáil. Baineann an fhoráil seo le '*hoibreoirí*' de réir bhrí Airteagal 3(29) de RRO.

Airteagal 10(2) agus (3) de RRO
2. Gan dochar do na rialacha maidir le liostaí nó cláir atá ann cheana agus a bunaíodh ar bhonn na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2), déanfaidh na húdaráis inniúla liosta oibreoirí a tharraingt suas agus a choinneáil cothrom le dáta. I gcás inar ann do liosta nó do chlár den sórt sin cheana chun críocha eile, féadfar é a úsáid freisin chun críocha an Rialacháin seo.

([9]) Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2002/67/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún (IO L 304, 22.11.2011, lch. 18).

3. *Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 144 chun an Rialachán seo a leasú maidir le catagóirí oibreoirí a leagan amach a bheidh díolmhaithe ó liosta na n-oibreoirí dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo i gcás ina mbeadh ualach riaracháin díréireach orthu iad a chur ar liosta den sórt sin i gcomparáid leis an riosca a bhaineann lena gcuid gníomhaíochtaí.*

Airteagal 3(29) de RRO:

Ciallaíonn 'oibreoir' aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá faoi réir ceann amháin nó níos mó de na hoibleagáidí dá bhforáiltear sna rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2);

Áirítear daoine nádúrtha leis an sainmhíniú ar oibreoirí in Airteagal 3(29) de RRO, má tá siad sin faoi réir ceann amháin nó níos mó de na hoibleagáidí dá bhforáiltear sna rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2). Mar shampla, le hAirteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 eisiatar '*ullmhú, láimhseáil nó stóráil bia sa bhaile le haghaidh tomhaltas teaghlaigh príobháideach*' ó raon feidhme an Rialacháin sin. Dá bhrí sin, i ndáil le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, ní mheasfaí tomhaltóirí teaghlaigh a bheith ina n-oibreoirí de réir bhrí Airteagal 3(29) de RRO agus ní gá iad a áireamh sna liostaí dá dtagraítear in Airteagal 10(2) de RRO.

Tá feidhm ag na ceanglais maidir le hoibreoirí a liostú agus a chlárú in Airteagal 10(2) agus (3) de RRO maidir leis na réimsí uile dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO. I gcás ina mbunófar le rialacha earnáilsonracha rialacha maidir cuimsiú nó eisiamh catagóirí áirithe oibreoirí, agus na riachtanais i dtéarmaí bainistíochta riosca a bhaineann go sonrach leis an earnáil sin á gcur san áireamh, féadfar cláir arna dtarraingt suas ar bhonn na rialacha sin a úsáid chun críoch RRO i gcomhréir le hAirteagal 10(2), an dara habairt, de RRO.

Mar shampla, i réimse na sláinte plandaí, ceanglaítear le hAirteagal 65 de Rialachán (AE) 2016/2031 ([10]) ar na húdaráis inniúla clár a choinneáil agus a thabhairt cothrom le dáta ar a mbeidh roinnt catagóirí oibreoirí gairmiúla a oibríonn ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann. Dá bhrí sin, faoi na rialacha earnáilsonracha sin, ní cheanglaítear ach oibreoirí gairmiúla a chlárú. Thairis sin, le hAirteagal 65 de Rialachán (AE) 2016/2031 leagtar síos díolúintí áirithe ón gceanglas sin clár a tharraingt suas agus cumhachtaítear don Choimisiún tuilleadh catagóirí d'oibreoirí gairmiúla atá le díolmhú a chur leis, i gcás ina mbeadh an clárú sin ina ualach riaracháin díréireach d'oibreoirí i gcomparáid leis an riosca íseal lotnaide a bhaineann lena ngníomhaíochtaí gairmiúla. I gcomhréir le hAirteagal 10(2), an dara habairt, de RRO, i réimse na sláinte plandaí, féadfar cláir na n-oibreoirí gairmiúla arna mbunú de bhun Airteagal 65 de Rialachán (AE) 2016/2031 a úsáid freisin chun críocha RRO. Ar an gcaoi chéanna, sa limistéar orgánach, féadfar na liostaí oibreoirí agus grúpaí oibreoirí a choimeádtar i gcomhréir le hAirteagal 34(6) de Rialachán (AE) 2018/848 ([11]) a úsáid chun críocha RRO.

D'fhéadfadh sé go gceanglófaí ar phointí teagmhála líonra TRACES na mBallstát liostaí cothrom le dáta d'oibreoirí áirithe a choinneáil mar shonraí tagartha i gcóras TRACES i gcomhréir le hAirteagal 45 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715 ón gCoimisiún (Rialachán CBFRO). Féadfar liostaí den sórt sin a úsáid freisin chun críoch Airteagal 10 de RRO.

2.1.3. ***Modhanna agus teicnící do rialuithe oifigiúla: cigireachtaí agus iniúchtaí (Airteagal 14 de RRO)***

2.1.3.1. *Cigireachtaí*

Liostaítear in Airteagal 14 de RRO modhanna agus teicnící rialuithe oifigiúla atá le húsáid, de réir mar is iomchuí, ag údaráis inniúla chun go bhfíorófar go gcomhlíonann oibreoirí agus ainmhithe nó earraí na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2). Dhá theicníc thábhachtacha a liostaítear san airteagal sin is ea '*cigireachtaí*' agus '*iniúchtaí*'.

([10]) Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle (IO L 317, 23.11.2016, lch. 4).

([11]) Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1).

I gcomhthéacs rialuithe oifigiúla faoi raon feidhme RRO, is é is cuspóir do chigireacht a fhíorú go gcomhlíonann réada cigireachta faoi láthair ceanglais shonracha a leagtar síos sna rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO.

Ní shainmhínítear an téarma '*cigireacht*' in RRO agus is féidir é a thuiscint, de réir bhrí an fhoclóra, mar thagairt do ghrinnscrúdú ar réad, nó ar ghnéithe áirithe den rud céanna (e.g., trealamh, saoráidí, áiteanna, ainmhithe, earraí, ábhair, sonraí, gníomhaíochtaí, próisis). Is éard atá i gceist le cigireacht den chuid is mó barúlacha díreacha is féidir leis an duine atá ag déanamh an scrúdaithe a dhéanamh ag am ar leith. Is minic a dhéantar cigireachtaí le cabhair ó sheicliostaí de na ceanglais shonracha atá le comhlíonadh. Tá an tuiscint seo ar an téarma ar aon dul leis an sainmhíniú ar '*chigireacht*' i gcaighdeán idirnáisiúnta ISO/IEC 17000 'Measúnú comhréireachta – Stór focal agus prionsabail ghinearálta'.

Na gnéithe a bhfuil scrúdú le déanamh orthu, de réir mar is iomchuí, trí '*chigireacht*' mar chuid de rialuithe oifigiúla, liostaítear iad in Airteagal 14(b) de RRO:

> Airteagal 14 de RRO:
>
> Áireofar an méid seo a leanas leis na rialuithe oifigiúla, leis na modhanna agus leis na teicnící, de réir mar is iomchuí:
>
> [..]
>
> (b) cigireacht ar an méid seo a leanas:
>
> (i) trealaimh, modhanna iompair, áitribh agus áiteanna eile atá faoina rialú agus a dtimpeallachtaí;
>
> (ii) *ainmhithe agus earraí, lena n-áirítear earraí leathchríochnaithe, amhábhair, comhábhair, cabhracha próiseála agus táirgí eile arna n-úsáid chun earraí a ullmhú agus a tháirgeadh, nó chun ainmhithe a bheathú nó a chóireáil;*
>
> (iii) táirgí agus próisis ghlantacháin agus chothabhála;
>
> (iv) *inrianaitheacht, lipéadú, cur i láthair, fógraíocht agus ábhar pacáistithe ábhartha lena n-áirítear ábhair atá ceaptha a bheith i dtadhall le bia;*

D'fhéadfadh forluí nó baint bhreise a bheith ann idir cigireachtaí agus modhanna eile a liostaítear in Airteagal 14 de RRO. Mar shampla, is iondúil go mbaineann cigireacht ar '*inrianaitheacht*' ainmhí nó earra (Airteagal 14(b)(iv) de RRO) le scrúdú ar thaifid inrianaitheachta, dá dtagraítear in Airteagal 14(e) de RRO.

2.1.3.2. *Iniúchtaí*

Sainmhínítear an téarma '*iniúchadh*' in Airteagal 3(30) de RRO:

> Airteagal 3(30) de RRO
>
> ciallaíonn 'iniúchadh' scrúdú córasach neamhspleách chun a chinneadh an gcomhlíonann gníomhaíochtaí agus na torthaí a bhaineann le gníomhaíochtaí den sórt sin socruithe beartaithe agus chun a chinneadh an gcuirtear na socruithe sin i bhfeidhm go héifeachtach, agus freisin chun a chinneadh an bhfuil siad oiriúnach leis na cuspóirí a bhaint amach;

Tá trí ghné ag baint leis an sainmhíniú sin:

(i) comhlíonadh socruithe beartaithe;

(ii) cur i bhfeidhm éifeachtach na socruithe sin;

(iii) oiriúnacht na socruithe sin le cuspóirí a bhaint amach.

Dá bhrí sin, tá níos mó i gceist le hiniúchadh, i gcomparáid le cigireacht, ná fíorú ar chomhlíonadh ceanglas sonrach; scrúdaíonn sé freisin an féidir torthaí réamhshainithe (cuspóirí) a bhaint amach.

Is inchomparáide an sainmhíniú seo ar iniúchadh leis an sainmhíniú ar iniúchtaí i gcaighdeáin idirnáisiúnta amhail ISO/IEC 17000 'Measúnú comhréireachta – Stór focal agus prionsabail ghinearálta' agus ISO 19011 'Treoirlínte maidir le córais bhainistíochta a iniúchadh'.

Cuirtear iniúchadh i bhfeidhm de ghnáth nuair is gníomhaíocht amhail nós imeachta nó córas bainistíochta é ábhar na rialuithe, ar gá measúnú a dhéanamh air maidir lena oiriúnacht chun torthaí comhlíontacha a bhaint amach go córasach. Dá bhrí sin, chun iniúchadh a dhéanamh, is gá measúnú níos leithne agus córasach a dhéanamh ar chéimeanna éagsúla de phróiseas.

Nuair a úsáidtear mar theicníc le linn rialuithe oifigiúla í, féadfar roinnt de na modhanna agus teicnící eile a liostaítear in Airteagal 14 de RRO, nó iad uile, a bheith i gceist leis an iniúchóireacht, amhail scrúdú a dhéanamh ar dhoiciméid nó ar thaifid eile, agallaimh le baill foirne, etc.

Thairis sin, d'fhéadfadh iniúchadh mar mhodh a bheith i gceist le cuid de na heilimintí a liostaítear in Airteagal 14 de RRO, mar shampla:

— scrúdú ar na rialuithe atá curtha i bhfeidhm ag oibreoirí agus ar na torthaí a fuarthas (Airteagal 14(a) de RRO);

— measúnú ar nósanna imeachta maidir le dea-chleachtais mhonaraíochta, dea-chleachtais sláinteachais, dea-chleachtais feirmeoireachta, agus ar nósanna imeachta atá bunaithe ar phrionsabail na bpointí criticiúla rialaithe ar anailís ghuaise (HACCP) (Airteagal 14(d) de RRO).

Cé go bhfuil rialuithe oifigiúla le déanamh go ginearálta gan fógra a thabhairt roimh ré (Airteagal 9(4) de RRO), is minic nach féidir iniúchtaí a dhéanamh ach amháin *le* fógra roimh ré, mar gheall ar ullmhú riachtanach an iniúchóra agus an eintitis a ndéantar iniúchadh air (cf. aithris 33 de RRO).

Cé is moite d'úsáid na hiniúchóireachta i rialuithe oifigiúla, tá an iniúchóireacht mar theicníc ábhartha freisin chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

— Iniúchtaí inmheánacha nó seachtracha ar údaráis inniúla (Airteagal 6 de RRO) ([12]);

— Iniúchtaí arna n-eagrú ag údaráis inniúla ar chomhlachtaí agus daoine tarmligthe (Airteagal 33(a) de RRO), ar shaotharlanna oifigiúla (Airteagal 39 de RRO) agus ar shaotharlanna tagartha náisiúnta (Airteagal 100(2) de RRO);

— Measúnuithe creidiúnaithe ag comhlachtaí creidiúnaithe náisiúnta, mar shampla, ar chomhlachtaí tarmligthe (Airteagal 29(b)(iv) de RRO) nó ar shaotharlanna oifigiúla (Airteagal 37(4)(e) agus (5) de RRO);

— Rialuithe an Choimisiúin sna Ballstáit (Airteagal 116 de RRO).

2.1.4. ***Rialuithe oifigiúla maidir le táirgeadh táirgí de bhunadh ainmhíoch lena gcaitheamh ag an duine***

Le hAirteagal 17 de RRO leagtar síos sainmhínithe sonracha is infheidhme sna rialuithe ar tháirgeadh táirgí de bhunadh ainmhíoch. Sonraítear leis na sainmhínithe 'faoi fhreagracht an tréidlia oifigiúil' agus 'faoi mhaoirseacht an tréidlia oifigiúil' an cineál comhair idir an tréidlia oifigiúil agus an cúntóir oifigiúil le linn rialuithe tréidliachta, mar a fhoráiltear in RRO.

Sa dá chás, sannann an tréidlia oifigiúil gníomhaíocht don chúntóir oifigiúil, agus is é an difríocht eatarthu, i gcás na maoirseachta, go bhfuil an tréidlia oifigiúil i láthair ag an áitreabh le linn don chúntóir oifigiúil an ghníomhaíocht a dhéanamh.


Thairis sin, sainítear in Airteagal 17 na gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme na 'cigireachta réamhbháis' agus na 'cigireachta iarbháis'.

Le hAirteagal 18 de RRO leagtar síos ceanglais shonracha maidir le rialuithe oifigiúla ar tháirgeadh táirgí de bhunadh ainmhíoch. I mír 2, cuirtear i láthair ann an creat chun go bhfíorófar comhlíonadh reachtaíocht an Aontais maidir le táirgeadh táirgí de bhunadh ainmhíoch lena gcaitheamh ag an duine agus sonraítear ann na rialuithe oifigiúla agus ról an tréidlia oifigiúil agus an chúntóra oifigiúil a dhéanann na rialuithe sin, mar a léirítear i bhFíor 2.

([12]) Chun tuilleadh treoraíochta a fháil maidir le hiniúchtaí i gcomhréir le hAirteagal 6 de RRO féach: *Fógra ón gCoimisiún maidir le treoirdhoiciméad i ndáil le cur chun feidhme na bhforálacha maidir le hiniúchtaí a dhéanamh faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* (IO C 66, 26.2.2021, lch. 22).

Fíor 2

Baill foirne a dhéanann na rialuithe oifigiúla le haghaidh táirgeadh táirgí de bhunadh ainmhíoch lena gcaitheamh ag an duine, faoi Airteagal 17 agus 18(2), agus (4), 18(7)(a), (b), (e) de RRO ([13])



Ba cheart a chur i dtábhacht, ós rud é go n-eascraíonn sé as Airteagal 18(5) de RRO, nuair a shanntar gníomhaíochtaí do na cúntóirí oifigiúla, go leanann na tréidlianna oifigiúla de bheith freagrach as cinntí ábhartha, gan beann ar a láithreacht ag an áitreabh.

Ina theannta sin, déantar foráil le hAirteagal 18(3) de RRO maidir leis an bhféidearthacht go ndéanfaidh foireann an tseamlais an méid seo a leanas:

(a) cuidiú chun cúraimí a dhéanamh maidir leis na rialuithe oifigiúla dá dtagraítear in Airteagal 18(2) i mbunaíochtaí ina maraítear éanlaith chlóis nó giorriaigh,

([13]) Tá feidhm ag sainmhínithe Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004 an 29 Aibreán 2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sonracha sláinteachais do bhia de bhunadh ainmhíoch (IO L 139, 30.4.2004, lch. 55) maidir leis na bunaíochtaí 'Seamlas', 'Bunaíocht láimhseála géimfheola' agus 'Ionad spólta'.

(b) sampláil agus tástáil a dhéanamh i seamlais ar speicis eile.

Mar réamhriachtanas do rannpháirtíocht fhoireann an tseamlais sna rialuithe oifigiúla, ní mór go léireofar le hanailís bunaithe ar riosca ar an údarás inniúil go n-áirithítear an leibhéal céanna cosanta do shláinte an duine, agus do shláinte agus do leas ainmhithe agus na rialuithe oifigiúla sin á ndéanamh sa seamlas. Thairis sin, is ann don fhéidearthacht thuas ar choinníoll go n-áirithíonn an t-údarás inniúil go bhfuil oiliúint iomchuí ar an bhfoireann sin, go ngníomhaíonn siad go neamhspleách ar fhoireann táirgthe an tseamlais agus go ndéanann siad na cúraimí i láthair agus faoi threoracha an tréidlia oifigiúil nó an chúntóra. Faoi na coinníollacha céanna, is féidir le foireann an tseamlais an marc sláinte a chur freisin.


Is iad míreanna 7 agus 8 d'Airteagal 18 de RRO an bunús dlí chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena bhforlíontar RRO agus gníomhartha cur chun feidhme lena soláthraítear socruithe praiticiúla chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh.

Tá sannadh na gcúraimí don chúntóir oifigiúil, faoi mhaoirseacht nó faoi fhreagracht an tréidlia oifigiúil, nó do bhaill foirne arna n-ainmniú ag na húdaráis inniúla, faoi réir critéir agus coinníollacha áirithe a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe ábhartha.

Go sonrach, sonraítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 róil an tréidlia oifigiúil agus an chúntóra oifigiúil maidir le cúraimí sonracha i ndáil le rialú agus déantar foráil ann maidir le maoluithe ar rialacha RRO. Cúraimí maidir le rialú oifigiúil a fhorchoimeádtar go heisiach don tréidlia oifigiúil le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624, léirítear iad i bhFíor 3.

Fíor 3

Cigireachtaí réamhbháis agus iarbháis a dhéanann an tréidlia oifigiúil go heisiach, dá bhforáiltear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624



Le forálacha Airteagail 3, 6, 7 agus 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624, comhlánaítear róil an tréidlia oifigiúil agus an chúntóra maidir le cigireacht réamhbháis agus iarbháis agus rialuithe oifigiúla eile.

Thairis sin, tugtar isteach leis an Rialachán seo an sainmhíniú ar an bhfoireann arna hainmniú ag na húdaráis inniúla chun cúraimí sonracha a dhéanamh ag monarchana gearrtha.

> Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún
>
> Sainmhínithe
>
> Beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas chun críocha an Rialacháin seo: [..]
>
> (5) ciallaíonn 'foireann arna hainmniú ag na húdaráis inniúla' duine seachas an cúntóir oifigiúil agus an tréidlia oifigiúil, atá cáilithe i gcomhréir leis an Rialachán seo chun gníomhú i gcáil den sórt sin i monarchana gearrtha agus a sannann na húdaráis inniúla feidhmiú gníomhaíochtaí sonracha dó;[..]'

De réir Airteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624, de mhaolú ar fhorálacha RRO, i monarchana gearrtha, is féidir le foireann eile arna hainmniú ag na húdaráis inniúla na rialuithe oifigiúla dá dtagraítear in Airteagal 18(2)(d) de RRO a dhéanamh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tá an fhoireann sin faoi réir ceanglais oiliúna shonracha agus faoi réir seiceálacha rialta ar a bhfeidhmíocht.

Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún ([14]), leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch. Tá treoracha ann maidir le cúraimí na foirne atá rannpháirteach sna rialuithe oifigiúla sin. Sna táblaí seo a leanas, tugtar achoimre ar na cúraimí maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch le tagairt d'fhorálacha ábhartha RRO, do Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 agus do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627, rud a fhágann gur féidir teacht ar chonclúid maidir leis an bhfoireann a bhfuil cead acu gach cúram a dhéanamh.

([14]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún an 15 Márta 2019 lena leagtar síos socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch atá beartaithe lena dtomhailt ag an duine i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2074/2005 ón gCoimisiún maidir le rialuithe oifigiúla (IO L 131, 17.5.2019, lch. 51).

FOIREANN A DHÉANANN CÚRAIMÍ I nDÁIL LE RIALÚ OIFIGIÚIL MAIDIR LE TÁIRGEADH TÁIRGÍ DE BHUNADH AINMHÍOCH

Tábla 2

Cúraimí arna ndéanamh ag an tréidlia oifigiúil

Uimh.	Cúraimí		RRO	Rialachán (AE) 2019/624	Rialachán (AE) 2019/627
1	Cigireacht réamhbháis [sainmhíniú in Airteagal 17(c) de RRO]	Cigireacht réamhbháis ar chrúbacha intíre lasmuigh den seamlas i gcás marú éigeandála de réir Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún	Airteagal 18(7)(c)	Airteagal 4	-
2		Cigireacht réamhbháis agus seiceálacha ag an ngabháltas bunáitíochta le haghaidh gach speicis de réir Airteagal 5(2)(a), (b) agus (c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún	Airteagal 18(7)(d)	Airteagal 5(2)	-
3		Cigireacht chliniciúil ar ainmhithe scoite chun cigireacht réamhbháis níos críochnúla a dhéanamh. Cigireacht réamhbháis ar ainmhithe a bhfuil amhras fúthu go bhfuil galar nó riocht orthu a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do shláinte an duine nó do shláinte ainmhithe	Airteagal 18(2)(a)	Airteagal 3(3)(b)-(f)	Airteagal 11(5) Airteagal 43(4)

Uimh.	Cúraimí		RRO	Rialachán (AE) 2019/624	Rialachán (AE) 2019/627
4	Cigireacht iarbháis [sainmhíniú in Airteagal 17(d) RRO]	I gcás marú éigeandála na gcrúbach intíre lasmuigh den seamlas i gcomhréir le Caibidil VI de Roinn I d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) 853/2004 Scrúdú ar an deimhniú sláinte ainmhithe i gCaibidil 5 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún ([1])	Airteagal18(2)(c), Airteagal 18(7)(f)	Airteagal 8(a)	- Airteagal 10(3)
5		Cigireacht ar Ainmhithe a bhfuil amhras fúthu go bhfuil galar nó riocht orthu a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do shláinte an duine	Airteagal 18(2)(c)	Airteagal 8(b)	-
6		Cigireacht ar Bhó-ainmhithe ó thréada nár dearbhaíodh go hoifigiúil go bhfuil siad saor ón eitinn		Airteagal 8(c)	-
7		Cigireacht ar Bhó-ainmhithe agus ainmhithe de chineál caorach agus gabhair ó thréada nár dearbhaíodh go hoifigiúil go bhfuil siad saor ón mbruisealóis		Airteagal 8(d)	-

8		Cigireacht i gcás ráig de ghalair ainmhithe a bhfuil rialacha sláinte ainmhithe leagtha síos ina leith i reachtaíocht an Aontais, le haghaidh ainmhithe atá soghabhálach i leith an ghalair áirithe i dtrácht agus a thagann ó na réimsí ar fad a chumhdaítear leis an méid seo a leanas: — Bearta éigeandála an Aontais [Catagóir A áirithe: Fliú éanúil ardphataigineach (HPAI), bolgach caorach etc.]; — bearta náisiúnta atá nasctha le haon bhearta díothaithe galar de Chatagóir A; — bearta speisialta (breise) rialaithe galar de chuid an Aontais [Catagóir A áirithe: Fiabhras Afracach na muc (ASF), ionfhabhtú le galar an chraicinn chnapánaigh (LSD) etc.]; — cláir díothaithe fhormheasta éigeantacha le haghaidh ghalair Chatagóir B agus a liostaítear in Iarscríbhinn I-II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún [2][An bhruisealóis agus coimpléasc *Mycobacterium tuberculosis* (MTBC)]		Airteagal 8(e)	-
9	Cigireacht iarbháis	Cigireacht i gcás inar gá rialuithe níos déine chun galair atá ag teacht chun cinn nó galair áirithe atá liostaithe ag an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe a chur san áireamh		Airteagal 8(f)	-
10		Cigireacht iarbháis ar cuireadh moill nach mó ná 24 uair an chloig uirthi ó thráth an mharaithe nó ó theacht chuig an mbunaíocht láimhseála géim, i seamlais ísealacmhainneachta nó i mbunaíochtaí láimhseála géim ísealacmhainneachta i gcomhréir le hAirteagal 13 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún		Airteagal 8(g)	Airteagal 13
11		Feidhmiú na nósanna imeachta cigireachta iarbháis breise dá dtagraítear in Airteagail 18(3), 19(2), 20(2), 21(2), 22(2) agus 23(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún tríd an gconablach agus an scairteach a ghearradh agus a láimhsiú i gcás ina bhféadfadh riosca a bheith ann i ndáil le cásanna dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún		Airteagal 8	Airteagal 24
12	Dearbhú go bhfuil feoil mí-oiriúnach lena caitheamh ag an duine	Neamhchomhlíonadh na gceanglas maidir le feoil úr	Airteagal 18(5)	-	Airteagal 45
13		Feoil ionfhabhtaithe le cisticeirceas nó trichinella spiralis		-	Airteagail 30, 31
14		Feoil dlúthchrúbach inar diagnóisíodh fothach		-	Airteagal 32(3)
15		I gcás inar fhreagair ainmhithe go dearfach nó go neamhchonclúideach don tiúibeirclin nó i gcás ina bhfuil forais eile ann le drochamhras a bheith orthu go bhfuil ionfhabhtú ann		-	Airteagal 33
16		I gcás inar fhreagair ainmhithe go dearfach nó go neamhchonclúideach do thástáil bruisealóise nó i gcás ina bhfuil forais eile ann le drochamhras a bheith orthu go bhfuil ionfhabhtú ann		-	Airteagal 34
17	Eile	Fíorú ar chomhlíonadh fheidhmíocht an chúntóra oifigiúil a dhéanann cúraimí réamhbháis faoi mhaoirseacht nó faoi fhreagracht an tréidlia oifigiúil	-	Airteagail 3(1)(c) agus (2)(c)	-
18		Fíorú ar chomhlíonadh fheidhmíocht na n-oibreoirí gnólachtaí bia a dhéanann géim feirme a mharú agus a fhuiliú ag an ngabháltas bunáitíochta	-	Airteagal 6(4)(b)	-

19		Measúnú ar chóras an oibreora chun éin le mínormáltachtaí, éilliú nó lochtanna a bhrath agus a scaradh	-	-	Airteagal 25(2)(a)
20		A áirithiú go ndéanfar tástáil saotharlainne bhreise le haghaidh riachtanais Airteagal 18(2) de RRO	Airteagal 18(5)	-	Airteagal 37(2)

([1]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha, deimhnithe oifigiúla caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha i dtaca le coinsíneachtaí catagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a theacht isteach san Aontas agus lena ngluaiseacht laistigh den Aontas, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 599/2004, Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 636/2014 agus (AE) 2019/628, Treoir 98/68/CE agus Cinntí 2000/572/CE, 2003/779/CE agus 2007/240/CE (IO L 442, 30.12.2020, lch. 1).

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le formheas an stádais saor ó ghalair agus an stádais neamh-vacsaínithe atá ag Ballstát áirithe nó ag criosanna nó deighleoga díobh i ndáil le galair liostaithe áirithe agus formheas na gclár díothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin (IO L 131, 16.4.2021, lch. 78).

Uimh.	Cúraimí		RRO	Rialachán (AE) 2019/624	Rialachán (AE) 2019/627
21	Eile	Meastóireacht ar thorthaí rialuithe oifigiúla arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 7 go 38 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún	Airteagal 18(5)	-	Airteagal 39(1)
22		Torthaí rialuithe a chur in iúl i gcás ina nochtar le cigireachtaí gurb ann d'aon ghalar nó riocht a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do shláinte an duine nó do shláinte ainmhithe nó a d'fhéadfadh leas ainmhithe a chur i mbaol		-	Airteagal 39(2)
23		Fíorú ar chomhlíonadh na gceanglas sláinte maidir le táirgeadh bainne amh agus grutha bhuí mar a leagtar síos i gCuid I de Chaibidil I de Roinn IX d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 853/2004	-	-	Airteagail 49(1), (3)

Tábla 3

Cúraimí arna ndéanamh ag an tréidlia oifigiúil nó ag an gcúntóir oifigiúil faoi mhaoirseacht an tréidlia oifigiúil

Uimh.	Cúraimí		RRO	Rialachán (AE) 2019/624	Rialachán (AE) 2019/627
1	Cigireacht réamhbháis [sainmhíniú in Airteagal 17(c) de RRO]	Cigireacht réamhbháis ag an seamlas ar speicis seachas éanlaith chlóis agus giorriaigh (lena n-áirítear fíorú ar chomhlíonadh na rialacha maidir le leas ainmhithe ([1])), maidir le faisnéis faoin mbiashlabhra, seiceáil céannachta ainmhithe agus réamhroghnú ainmhithe le mínormáltachtaí faoi na coinníollacha a shainítear in Airteagal 3(1)de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún ach amháin sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 3(3) den Rialachán Tarmligthe sin	Airteagal 18(2)(-a) Airteagal 18(7)(-a)	Airteagal 3(1)	Airteagal 10(1), Airteagal 11, Airteagal 38, Airteagal 40
2		Cigireacht réamhbháis ar éanlaith chlóis agus ar ghiorriaigh lena n-áirítear fíorú ar chomhlíonadh na rialacha maidir le leas ainmhithe.	Airteagal 18(2)(-b)	-	Airteagal 38

(1) Rialacha an Aontais agus go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 an 22 Nollaig 2004 ón gComhairle maidir le hainmhithe a chosaint le linn iompair agus le linn oibríochtaí gaolmhara agus lena leasaítear Treoir 64/432/CEE agus Treoir 93/119/CE agus Rialachán (CE) Uimh. 1255/97 (IO L 3, 5.1.2005, lch. 1) agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 an 24 Meán Fómhair 2009 ón gComhairle maidir le hainmhithe a chosaint tráth an mharaithe (IO L 303, 18.11.2009, lch. 1), chomh maith le rialacha náisiúnta maidir le leas ainmhithe.

Uimh.	Cúraimí		RRO	Rialachán (AE) 2019/624	Rialachán (AE) 2019/627
3	Cigireacht iarbháis [sainmhíniú in Airteagal 17(d) RRO] (1)	Scrúdú ar dheimhnithe ainmhithe a mharaítear ag an ngabháltas bunáitíochta	Airteagal 18(2)(c)	-	Airteagal 10(2)
4		Scrúdú orthu seo a leanas: i. dearbhuithe (an duine oilte) a ghabhann le géim fiáin mór arna eisiúint i gcomhréir le pointe 4(a) de Chaibidil II de Roinn IV d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) 853/2004; ii. deimhniú oifigiúil Chaibidil 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún maidir le géim fiáin mór neamhfheannta a bheartaítear lena chaitheamh ag an duine a aistriú idir na Ballstáit.		-	Airteagal 10(4), Airteagal 28
5		Cigireacht iarbháis ar chonablaigh agus ar scairteach a ghabhann leo, lena n-áirítear socruithe praiticiúla sonracha, tástáil saotharlainne agus fíorú ar chomhlíonadh na rialacha maidir le leas ainmhithe		-	Airteagail 12, 14 (mura n-údaraítear é le hAirteagail shonracha eile), 15, 17, 18(1) agus (2), 19(1), 20(1), 21(1), 22(1), 23(1), 25, 26, 27, 28(1), (2), (3) agus (4), 29 (ábhar sonraithe riosca a bhaint den chonablach), 30, 31, 32, 33, 34, 35, 36, 37, 38
6		Feidhmiú na nósanna imeachta cigireachta iarbháis breise dá dtagraítear in Airteagail 18(3), 19(2), 20(2), 21(2), 22(2) agus 23(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún tríd an gconablach agus an scairteach a ghearradh agus láimhsiú i gcás ina bhféadfadh riosca a bheith ann. Ní féidir cigireacht iarbháis bhreise a dhéanamh faoi mhaoirseacht an tréidlia oifigiúil i gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 8 den Rialachán Tarmligthe (féach Tábla 2, ró 11)		-	Airteagal 24
7	Eile	Rialuithe oifigiúla i ndáil le heinceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 (2), a mhéid a bhaineann le hábhar sonraithe riosca a láimhseáil agus a dhiúscairt i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 (3)maidir le seachtháirgí ainmhithe	Airteagal 18(2)(d)(iv), (v)	-	Airteagal 29
8		Sampláil le haghaidh anailíse agus aon sampláil bhreise	Airteagal 18(2)(d)(ii), (iii) agus (iv)	-	Airteagal 35, Airteagal 36, Airteagal 37

(1) Bunaíocht nach gcomhlíonann coinníollacha Airteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624.
(2) Rialachán (CE) Uimh. 999/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2001 lena leagtar síos rialacha chun einceifileapaití spúinseacha in-tarchurtha áirithe a chosc, a rialú agus a dhíothú (IO L 147, 31.5.2001, lch. 1).
(3) Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena n-aisgheartar Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe) (IO L 300, 14.11.2009, lch. 1).

Tábla 4

Cúraimí a dhéanann an tréidlia oifigiúil nó an cúntóir oifigiúil faoi mhaoirseacht nó faoi fhreagracht an tréidlia oifigiúil

Uimh.	Cúraimí		Airteagal RRO	Rialachán (AE) 2019/624	Rialachán (AE) 2019/627
1	Cigireacht réamhbháis [sainmhíniú in Airteagal 17(c) de RRO]	Cigireacht réamhbháis ag an seamlas ar gach speiceas (lena n-áirítear fíorú ar chomhlíonadh na rialacha maidir le leas ainmhithe) i gcás ina ndearna an tréidlia oifigiúil cigireacht réamhbháis ag an ngabháltas bunáitíochta cheana féin, faoi na coinníollacha a shainítear in Airteagal 3(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún cé is moite de na cásanna dá dtagraítear in Airteagal 3(3) den Rialachán Tarmligthe sin Scrúdú ar dheimhniú sláinte ainmhithe caighdeánach maidir le hainmhithe beo arna n-iompar chuig an seamlas i gcás ina ndearnadh cigireacht réamhbháis ag an ngabháltas bunáitíochta [Caibidil 1 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún]	18(2)(a), (b)	3(2) 5(2)(f)	11(6) 10(2) 38
2		Seiceálacha breise ar rialacha maidir le sainaithint ainmhithe agus leas ainmhithe ag an seamlas tar éis cigireacht réamhbháis ag an ngabháltas bunáitíochta de réir le hAirteagal 5(3) agus le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún		3(2), 5(3)	-
3	Cigireacht iarbháis [sainmhíniú in Airteagal 17(d) RRO]	Cigireacht iarbháis ar chúraimí Thábla 3 i mbunaíochtaí ísealacmhainneachta lena gcomhlíontar coinníollacha Airteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún	18(2)(c), 18(7)(e)	7	-
4		Cigireacht iarbháis ar ionathar, gnéasorgáin agus úth, mar a shonraítear in Airteagal 12(1)(c) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/624 ón gCoimisiún, de chuid *Rangifer tarandus tarandus* (réinfhianna) ó limistéir sa tSualainn agus san Fhionlainn mar a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin (1)		12(1)(c)	-

(1) Tréidlia oifigiúil, cúntóir oifigiúil faoi mhaoirseacht nó faoi fhreagracht, nó foireann an tseamlais a bhfuil oiliúint iomchuí orthu (cúraimí áirithe).

Uimh.	Cúraimí		Airteagal RRO	Rialachán (AE) 2019/624	Rialachán (AE) 2019/627
5	Eile	Faisnéis a bhailiú maidir le sampláil agus torthaí na samplála le haghaidh *Salmonella* ag oibreoirí gnólachtaí bia de chuid seamlas dá bhforáiltear in Airteagal 35(1)(b) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún	18(2)(d)(iii), 18(7)(e)	9	35
6		Faisnéis a bhailiú maidir le sampláil agus torthaí na samplála le haghaidh *Campalabaictéir* ag oibreoirí gnólachtaí bia de chuid seamlas dá bhforáiltear in Airteagal 36(1)(b) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627 ón gCoimisiún			36
7		Faisnéis a bhailiú maidir le rialuithe oifigiúla a mhéid a bhaineann le dea-chleachtais agus nósanna imeachta sláinteachais bunaithe ar phrionsabail AGPRC i seamlais agus i mbunaíochtaí láimhseála géim			39
8		Bearta iomchuí a ghlacadh i gcásanna neamhchomhlíonadh na rialacha maidir le leas ainmhithe i dtaca le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar is rialacha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 ón gComhairle	18(2)(d)(vi)	-	44 ([1])
9		Fíorú ar ghníomhaíochtaí ceartaitheacha agus coisctheacha an oibreora i gcásanna neamhchomhlíonadh na rialacha maidir le cosaint ainmhithe tráth an mharaithe a leagtar síos in Airteagail 3 go 9 agus in Airteagail 14 go 17 agus 19 de Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009		-	
10		Gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin i gcásanna neamhchomhlíonadh na rialacha maidir le leas ainmhithe i dtaca le cosaint ainmhithe tráth an mharaithe a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009		-	
11		Fadhbanna sainaitheanta i ndáil le leas ainmhithe a chur in iúl do na húdaráis inniúla, i gcás inarb iomchuí		-	
12		Marc sláinte a chur ar chrúbacha intíre, ar mhamaigh géim shaothraithe seachas giorriaigh agus géim fiáin mór ([2])	18(4)	-	48

([1]) Ní fhéadfaidh cúntóir oifigiúil an beart a dhéanamh ach amháin i gcásanna práinneacha, go dtí go dtiocfaidh an tréidlia oifigiúil (Airteagal 44(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/627).
([2]) Féadfaidh comhaltaí foirne an tseamlais an marc sláinte a chur freisin (Airteagal 18(4) de RRO), i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 18(3) de RRO.

ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6481/oj

2.2. **CAIBIDIL III – Cúraimí áirithe de chuid na n-údarás inniúil a tharmligean (Airteagail 28 go dtí 33 de RRO)**

Le Caibidil III de Theideal II de RRO leagtar síos, ar thaobh amháin, coinníollacha maidir le cúraimí áirithe i ndáil le *rialú oifigiúil* a tharmligean (Airteagail 28 go 30 de RRO) agus, ar an taobh eile, coinníollacha maidir le cúraimí a bhaineann le *gníomhaíochtaí oifigiúla eile* a tharmligean (Airteagal 31 de RRO). Le hAirteagal 32 de RRO leagtar síos rialacha maidir le hoibleagáidí na gcomhlachtaí tarmligthe agus daoine nádúrtha. Le hAirteagal 33 de RRO bunaítear oibleagáidí na n-údarás inniúil tarmligin.

Rialacha breise maidir le cúraimí i ndáil le rialú oifigiúil agus cúraimí a bhaineann le gníomhaíochtaí oifigiúla eile a tharmligean, féadfar iad a leagan síos i rialacha sonracha de chuid an Aontais. Mar shampla, i réimse na táirgeachta orgánaí, i dtaca le rialacha breise maidir le cúraimí i ndáil le rialú oifigiúil agus cúraimí a bhaineann le gníomhaíochtaí oifigiúla eile a tharmligean chuig 'comhlachtaí rialaithe', leagtar síos iad in Airteagal 40 de Rialachán (AE) 2018/848 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha.

2.2.1. ***Coinníollacha maidir le cúraimí áirithe i ndáil le rialú oifigiúil a tharmligean***

Le hAirteagail 29 agus 30 de RRO leagtar síos coinníollacha chun cúraimí áirithe i ndáil le rialú oifigiúil a tharmligean chuig comhlachtaí tarmligthe agus daoine nádúrtha, faoi seach.

Ba cheart do na húdaráis inniúla cúraimí maidir le rialuithe oifigiúla a tharmligean bunaithe ar rialuithe ar an láthair na gcomhlachtaí tarmligthe nó na ndaoine nádúrtha is iarrthóirí. I gcás comhlachtaí tarmligthe, ba cheart na rialuithe oifigiúla a dhéanamh go neamhspleách ar a gcreidiúnú i gcomhréir le hAirteagal 29(b)(iv) de RRO.

Ní mór d'údaráis inniúla a tharmlig cúraimí áirithe i ndáil le rialú oifigiúil chuig comhlachtaí tarmligthe nó chuig daoine nádúrtha iniúchtaí nó cigireachtaí comhlachtaí nó daoine den sórt sin a eagrú, de réir mar is gá. Ní mór dóibh an tarmligean a tharraingt siar ina iomláine nó i bpáirt gan mhoill i gcás neamhchomhlíonta (Airteagal 33(b) de RRO).

Dá bhrí sin, na coinníollacha chun cúraimí áirithe i ndáil le rialú oifigiúil a tharmligean a leagtar síos in Airteagail 29 agus 30 de RRO, agus na sásraí fíorúcháin agus na bearta leantacha maidir le neamhchomhlíonadh a leagtar síos in Airteagal 33 de RRO, ní mór iad a thuiscint mar phróiseas leanúnach d'fhaireachán ar chomhlíonadh.

Agus iniúchtaí agus cigireachtaí á n-eagrú acu, ní mór do na húdaráis inniúla breithniú a dhéanamh ar thoradh na n-iniúchtaí creidiúnaithe ábhartha arna ndéanamh ag na comhlachtaí Creidiúnaithe Náisiúnta, a shainítear in Airteagal 2(11) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ([15]) (Airteagal 33(a) de RRO). I leith na gcineálacha éagsúla rialuithe sin, ba cheart dúbláil a sheachaint (Airteagal 33(a) de RRO). Dá bhrí sin, is gá cumarsáid a dhéanamh le comhlachtaí Creidiúnaithe Náisiúnta agus comhordú a dhéanamh maidir le huainiú na rialuithe.

Rialacha a ghlactar sna Ballstáit lena gceadaítear cúraimí a tharmligean go sealadach chuig comhlachtaí tarmligthe nach bhfuil creidiúnaithe fós i gcomhréir le hAirteagal 29(b)(iv) de RRO, d'fhéadfaí a mheas go bhfuil siad comhoiriúnach le RRO faoi réir coinníollacha. Is amhlaidh atá an cás más rud é:

i) nach n-eisiatar an tarmligean sealadach sin leis na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO lena mbunaítear forálacha sonracha maidir le cúraimí a tharmligean;

ii) go léirítear le rialuithe ar an láthair go gcomhlíontar na coinníollacha uile eile le haghaidh an tarmligin a bhunaítear in Airteagal 29 de RRO ([16]);

iii) go ndeonaítear an tarmligean sealadach ar feadh tréimhse theoranta, ag féachaint d'fhad an nós imeachta creidiúnaithe, na rioscaí sa réimse lena mbaineann agus cosaint leasanna na dtomhaltóirí;

iv) go gcruthaíonn an comhlacht a dhéanann iarratas ar tharmligean go ndearna sé iarratas ar an gcreidiúnú cheana féin.

Le linn an tarmligin shealadaigh sin, ní mór don údarás inniúil an tarmligean a tharraingt siar go hiomlán nó go páirteach gan mhoill sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 33(b) de RRO.

Le haghaidh comhlachtaí tarmligthe, tá tábhacht ar leith le creidiúnú i gcomhréir le hAirteagal 29, pointe (b)(iv) de RRO chun a áirithiú go gcaomhnófar neamhchlaontacht, cáilíocht agus comhsheasmhacht na rialuithe oifigiúla (cf. aithris 46 de RRO).

([15]) Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

([16]) Ní mór oibriú iarbhír an chomhlachta tarmligthe i gcomhréir leis na caighdeáin ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 29(b)(iv) a fhíorú le linn an phróisis creidiúnaithe dá dtagraítear san fhoráil sin.

Ba cheart d'údaráis inniúla ábharthacht caighdeáin a bhreithniú maidir leis na cúraimí tarmligthe chun a oiriúnacht a chinneadh i dtaca lena úsáid ag an gcomhlacht tarmligthe agus lena chreidiúnú aige de réir Airteagal 29(b)(iv) de RRO. Déanfaidh na comhlachtaí Creidiúnaithe Náisiúnta measúnú ina dhiaidh sin i dtaobh an oibríonn an comhlacht tarmligthe i gcomhréir le ceanglais an chaighdeáin shainithe, i gcomhthéacs an chreidiúnaithe.

Ba cheart do na Ballstáit comhsheasmhacht a áirithiú ar fud na n-údarás inniúil agus an caighdeán ábhartha á shainaithint acu maidir le cúram rialaithe ar leith a tharmligean.

Tá EN ISO/IEC 17020 'Ceanglais maidir le hoibriú cineálacha éagsúla comhlachtaí a dhéanann cigireacht' ar cheann de na caighdeáin ábhartha nach mór a úsáid chun comhlachtaí tarmligthe a oibriú agus a chreidiúnú, de réir RRO. Is é seo an caighdeán tagartha le haghaidh cúraimí cigireachta mura dtagraítear do chaighdeán eile i reachtaíocht earnálach faoi RRO, nó mura gcomhfhreagraíonn caighdeán eile ar bhealach níos fearr do chineál na gcúraimí tarmligthe (mar shampla: deimhnithe táirgí, córais bainistíochta, etc.).

Caighdeáin eile a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir leis na cúraimí tarmligthe is ea iad seo a leanas:

— EN ISO/IEC 17065 'Measúnú comhréireachta — Ceanglais ar chomhlachtaí a dheimhníonn táirgí, próisis agus seirbhísí';

— EN ISO/IEC 17021-1: 'Measúnú comhréireachta – Ceanglais ar chomhlachtaí a dhéanann iniúchtaí agus a dheimhníonn córais bhainistíochta – Cuid 1: Ceanglais';

— ISO 22003-1 'Sábháilteacht bia — Cuid 1: Ceanglais ar chomhlachtaí a dhéanann iniúchtaí agus a dheimhníonn córais bainistíochta sábháilteachta bia'.

Saotharlanna oifigiúla a ainmniú chun anailísí, tástálacha agus diagnóisí saotharlainne a dhéanamh ar shamplaí arna dtógáil le linn rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile, tagann sé faoi rialacha Airteagail 34 go 42 (Caibidil IV) de RRO. Sa chás seo, tá EN ISO/IEC 17025 éigeantach chun an tsaotharlann oifigiúil ainmnithe a oibriú agus a chreidiúnú (Airteagal 37(4) de RRO).

Ní inmholta comhlacht tarmligthe a chreidiúnú i gcomhréir le níos mó ná caighdeán amháin le haghaidh na gníomhaíochta céanna. Ba cheart a thabhairt faoi deara go ndéantar foráil le EN ISO/IEC 17065 maidir leis an bhféidearthacht ceanglais ábhartha uile na gcaighdeán creidiúnaithe eile a áireamh sna ceanglais is infheidhme maidir leis an gcomhlacht tarmligthe. Chuige sin, is féidir é a úsáid mar 'bhrat-'chaighdeán.

Is féidir tuilleadh rialacha maidir le sainaithint na gcaighdeán ábhartha a leagan síos:

— i reachtaíocht an Aontais maidir le réimsí dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO:

  — i réimse na dtáirgí orgánacha, foráiltear le hAirteagal 40(3) de Rialachán (AE) 2018/848 gurb é an caighdeán ábhartha chun cúraimí áirithe i ndáil le rialú oifigiúil a tharmligean d'fhonn comhlíonadh an Rialacháin sin a fhíorú an leagan is déanaí a foilsíodh den chaighdeán 'Measúnú comhréireachta – Ceanglais ar chomhlachtaí a dheimhníonn táirgí, próisis agus seirbhísí', ar foilsíodh an tagairt ina leith in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, i.e. i leith chaighdeán EN ISO/IEC 17065;

  — i réimse na dtásc geografach le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, foráiltear le hAirteagail 41(1) agus 73(1) de Rialachán (AE) 2024/1143 ([17]) go gcomhlíonfaidh na comhlachtaí tarmligthe agus na comhlachtaí deimhnithe táirge Caighdeán EN ISO/IEC 17065 'Measúnú comhréireachta — Ceanglais ar chomhlachtaí a dheimhníonn táirgí, próisis agus seirbhísí' nó Caighdeán EN ISO/IEC 17020 'Measúnú comhréireachta — Ceanglais maidir le hoibriú cineálacha éagsúla comhlachtaí a dhéanann cigireacht' agus go gcreidiúnófar iad i gcomhréir leis na caighdeáin sin.

— i reachtaíocht náisiúnta na mBallstát.

([17]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L , 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

2.3. **CAIBIDIL IV – Sampláil, Anailís, tástálacha agus diagnóisí (Airteagal 34 go dtí 42 de RRO)**

2.3.1. ***Modhanna a úsáidtear le haghaidh samplála, anailíse, tástálacha agus diagnóise (Airteagal 34 de RRO)***

Le hAirteagal 34 de RRO leagtar síos ceanglais le haghaidh na modhanna a úsáidtear i gcomhthéacs rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile araon. Go háirithe, bunaítear ordlathas critéar, rud atá le cur i bhfeidhm agus rogha á déanamh as na modhanna atá ar fáil in éagmais rialacha is infheidhme ón Aontas ('an modh cascáide').

Léirítear an caidreamh ordlathach idir na roghanna a liostaítear i míreanna (1) go (3) d'Airteagal 34 de RRO trí úsáid a bhaint as frásaí amhail 'in éagmais' agus 'murab ann do [..] den sórt sin'. Laistigh den ordlathas, bunaítear roghanna áirithe mar roghanna malartacha comhionanna, mar a léirítear le húsáid an chónaisc 'nó'.

Le hAirteagal 34(1) de RRO bunaítear go gcomhlíonfar rialacha an Aontais, más ann do na rialacha sin, le modhanna a úsáidtear le haghaidh samplála nó le haghaidh anailísí, tástálacha agus diagnóisí saotharlainne i gcomhthéacs rialuithe oifigiúla nó gníomhaíochtaí oifigiúla eile. Leis na rialacha sin féadfar modhanna sonracha a bhunú nó critéir feidhmiúcháin a leagan síos, critéir atá le cur i bhfeidhm le haghaidh na modhanna a úsáidtear. Le dlíthe earnáilsonracha an Aontais féadfar tosaíochtaí modha éagsúla a leagan síos freisin a chlaonann ón mbun-ordlathas a bhunaítear in Airteagal 34 de RRO, ag a mbeadh tosaíocht (*lex specialis*) ansin ar an ordlathas ginearálta a bhunaítear in Airteagal 34 de RRO. Mar shampla, cé go gcuirtear i láthair le hAirteagal 34(2)(a) de RRO modhanna lena gcomhlíontar 'rialacha nó prótacail ábhartha atá aitheanta go hidirnáisiúnta' mar rogha chomhionann le modhanna arna moladh ag Saotharlanna Tagartha Eorpacha (STAEnna), le hAirteagal 6(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ([18]) ón gCoimisiún tugtar tosaíocht do mhodhanna arna moladh ag STAEnna seachas do mhodhanna arna moladh ag an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH) i gcomhthéacs faireachas galair. An ceanglas a leagtar síos in Airteagal 34(1) de RRO, tá feidhm aige maidir le modhanna anailíse, tástála nó diagnóise saotharlainne, mar aon le modhanna a úsáidtear le haghaidh samplála, gan beann ar cé acu a úsáideann nó nach n-úsáideann údaráis inniúla (nó comhlachtaí nó daoine tarmligthe), nó saotharlanna oifigiúla na modhanna sin.

Le hAirteagal 34(2) de RRO leagtar síos ordlathas modhanna atá le húsáid ag saotharlanna oifigiúla in éagmais rialacha ón Aontas dá dtagraítear i mír 1. Ar na modhanna dá dtagraítear i mír 2 dá bhrí sin áirítear modhanna anailíse, tástála nó diagnóise saotharlainne mar aon le modhanna a úsáidtear le haghaidh samplála nó ullmhú sampla, i gcás ina n-úsáidfidh saotharlanna oifigiúla na modhanna sin i gcomhthéacs rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile (lena n-áirítear, mar shampla, cásanna ina ndéantar ábhar samplach comhiomlánaithe a dheighilt i samplaí le haghaidh anailíse sa tsaotharlann).

Le hAirteagal 34(2)(a) de RRO leagtar síos gurb amhlaidh in éagmais rialacha an Aontais dá dtagraítear i mír 1 go n-úsáidfidh saotharlanna oifigiúla modhanna arna moladh le rialacha nó prótacail atá aitheanta go hidirnáisiúnta (e.g.,CEN, WOAH), nó modhanna arna bhforbairt nó arna moladh ag saotharlanna tagartha de chuid an Aontais agus arna mbailíochtú i gcomhréir le prótacail eolaíocha atá inghlactha go hidirnáisiúnta. Déantar an dá rogha sin in Airteagal 34(2)(a) de RRO a shonrú mar roghanna malartacha comhionanna ar féidir iad araon a chur i bhfeidhm in éagmais rialacha an Aontais.

Le hAirteagal 34(2)(b) de RRO liostaítear modhanna nach bhféadfar iad a chur i bhfeidhm ach i gcás nach ann d'aon riail ón Aontas dá dtagraítear i mír 1 ná aon phrótacal idirnáisiúnta ná modh STAE dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2. Laistigh de na roghanna a liostaítear faoi Airteagal 34(2)(b) de RRO, tabharfar tosaíocht do na modhanna a fhorordaítear le rialacha náisiúnta ar mhodhanna arna moladh ag saotharlanna náisiúnta tagartha. Mar sin féin, is féidir modhanna bailíochtaithe eile a chur i bhfeidhm mar rogha mhalartach ar an dá rogha réamhluaite.

Le hAirteagal 34(3) de RRO ní dhéantar tagairt ach do mhodhanna anailíse, tástála nó diagnóise saotharlainne seachas modhanna samplála. Ní cheadaítear leis modhanna neamhbhailíochtaithe a úsáid ach i gcás nach ann d'aon cheann de na modhanna dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 agus má tá géarghá le hanailísí, tástálacha nó diagnóisí saotharlainne. Maidir leis an gcéad cheann de na coinníollacha sin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil infhaighteacht modha i saotharlann ná Ballstát ar leith ina critéar ábhartha i gcomhthéacs Airteagal 34(3) de RRO, i bhfianaise fhéidearthacht na n-údarás inniúil saotharlanna oifigiúla agus tagartha a ainmniú i mBallstáit nó i dtíortha LEE eile. Faoi na coinníollacha a bhunaítear in Airteagal 34(3) de RRO, ní fhéadfaidh saotharlanna tagartha náisiúnta ná saotharlanna oifigiúla modhanna neamhbhailíochtaithe a úsáid ach in éagmais saotharlann náisiúnta tagartha.

([18]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothúcháin, agus stádas saor ó ghalair i gcás galair áirithe atá liostaithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211).

Le hAirteagal 34(4) de RRO bunaítear an ceanglas bonnlíne le haghaidh modhanna anailíse saotharlainne i gcomhthéacs rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile gur cheart modhanna a shaintréithriú aon uair is féidir agus na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn III de RRO á n-úsáid.

Le hAirteagal 34(5) de RRO ceanglaítear go ndéantar samplaí a ghlacadh, a láimhseáil agus a lipéadú ar bhealach a ráthóidh a mbailíocht dhlíthiúil, eolaíoch agus theicniúil. Tá feidhm ag an gceanglas sin maidir le próiseáil samplaí le linn na samplála féin, cibé acu a dhéanann na húdaráis inniúla (nó comhlachtaí nó daoine tarmligthe) nó saotharlanna oifigiúla sin, le linn aistriú na samplaí chuig an tsaotharlann agus le linn anailísí, tástálacha nó diagnóisí a bheith á ndéanamh ag saotharlanna oifigiúla nó ag saotharlanna náisiúnta tagartha.


Le Fíor 4 soláthraítear forbhreathnú ar mhíreanna Airteagal 34 de RRO a mhéid a bhaineann lena n-infheidhmeacht maidir le modhanna samplála agus/nó modhanna anailíse, tástála nó diagnóise saotharlainne.

Infheidhmeacht Airteagal 34(1) go (5) de RRO maidir le i) modhanna samplála arna n-úsáid ag údaráis inniúla (nó comhlachtaí tarmligthe nó daoine nádúrtha a ndearnadh cúraimí áirithe a tharmligean chucu), ii) modhanna samplála arna n-úsáid ag saotharlanna oifigiúla iii) modhanna anailísí, tástálacha agus diagnóisí saotharlainne arna n-úsáid ag saotharlanna oifigiúla. (ÚI = údarás inniúil (nó comhlacht tarmligthe nó duine nádúrtha a ndearnadh cúraimí áirithe a tharmligean chucu); SO = saotharlann oifigiúil)

Article 34: Methods used for sampling, analyses, tests and diagnoses	paragraph applies to:		
*1. Methods used for **sampling and for laboratory analyses, tests and diagnoses** during official controls and other official activities shall comply with Union rules establishing those methods or the performance criteria for those methods.*	sampling (by CA)	sampling (by OL)	lab. analyses, tests and diagnoses (by OL)
*2. In the absence of the Union rules as referred to in paragraph 1, and in the context of official controls and other official activities, **official laboratories** shall use one of the following methods according to the suitability for their specific analytical, testing and diagnostic needs:* *(a) available methods complying with relevant internationally recognised rules or protocols including those that the European Committee for Standardisation (CEN) has accepted; or relevant methods developed or recommended by the European Union reference laboratories and validated in accordance with internationally accepted scientific protocols;* *(b) in the absence of the suitable rules or protocols, as referred to in point (a), methods which comply with relevant rules established at national level, or, if no such rules exist, relevant methods developed or recommended by national reference laboratories and validated in accordance with internationally accepted scientific protocols; or relevant methods developed and validated with inter or intra-laboratory methods validation studies in accordance with internationally accepted scientific protocols.*		sampling (by OL)	lab. analyses, tests and diagnoses (by OL)
*3. Where **laboratory analyses, tests or diagnoses** are urgently needed and none of the methods referred to in paragraphs 1 and 2 of this Article exists, the relevant national reference laboratory or, if no such national reference laboratory exists, any other laboratory designated in accordance with Article 37(1) may use methods other than those referred to in paragraphs 1 and 2 of this Article until the validation of an appropriate method in accordance with internationally accepted scientific protocols.*			lab. analyses, tests and diagnoses (by NRL/OL)
*4. Wherever possible, **methods used for laboratory analyses** shall be characterised by the relevant criteria set out in Annex III.*			lab. analyses, tests and diagnoses (by OL)
***5. Samples shall be taken, handled and labelled** in such a way as to ensure their legal, scientific and technical validity.*	sampling (by CA)	sampling (by OL)	lab. analyses, tests and diagnoses (by OL)

Fíor 5

‘Cascáid’ le haghaidh modhanna anailíse, tástála agus diagnóise saotharlainne i gcomhthéacs rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile mar a thuairiscítear in Airteagal 34 de RRO. Tabhair faoi deara nach bhfuil feidhm ag na heilimintí uile san ordlathas maidir le modhanna samplála (féach Fíor 4)



ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6481/oj

IO C, 8.11.2024

2.3.2. ***An Dara Tuairim Shaineolach (Airteagal 35 de RRO)***

Le hAirteagal 35(1) de RRO leagtar síos ceart an oibreora chun an dara tuairim shaineolach ar chostas an oibreora féin:

> Airteagal 35 de RRO
>
> Dara tuairim shaineolach
>
> 1. *Áiritheoidh na húdaráis inniúla go mbeidh an ceart ag oibreoirí, a bhfuil a n-ainmhithe nó a n-earraí faoi réir sampláil, anailís, tástáil nó diagnóis i gcomhthéacs rialuithe oifigiúla, an dara tuairim shaineolach a lorg, ar chostas an oibreora féin.*
>
> [..]

Tá feidhm ag an gceart sin maidir leis an tsampláil, an anailís, an tástáil nó an diagnóis a dhéantar i gcomhthéacs rialuithe oifigiúla, seachas i gcomhthéacs gníomhaíochtaí oifigiúla eile. Leis an dara tuairim shaineolach cosnaítear cearta dlisteanacha na n-oibreoirí, go háirithe a gceart chun achomhairc in aghaidh bearta a rinneadh mar a leagtar síos in Airteagal 7 de RRO, trí rannchuidiú le bonn fíorasach fónta. Dá bhrí sin, na hoibreoirí ar a bhfuil na bearta arna ndéanamh ag an údarás inniúil dírithe, tá siad i dteideal an chirt sin.

Leis an gceart chun an dara tuairim shaineolach ní dhéantar difear d'oibleagáid na n-údarás inniúil beart a dhéanamh láithreach chun go ndíothófar nó go smachtófar rioscaí le haghaidh shláinte an duine, sláinte ainmhithe nó sláinte plandaí, nó leas ainmhithe nó, a mhéid a bhaineann le OGManna agus táirgí cosanta plandaí, agus le haghaidh an chomhshaoil (Airteagal 35(4) de RRO).

Is féidir nach gcuirfidh údaráis inniúla an ceart chun an dara tuairim shaineolach faoi réir táille a íoc. Mar sin féin, mar a shonraítear go soiléir in Airteagal 35(1) de RRO, seasfaidh an t-oibreoir costais an dara tuairim shaineolach.

Leis an gceart chun an dara tuairim shaineolach cuimsítear trí eilimint, lena dtugtar teideal don oibreoir an méid seo a leanas a dhéanamh:

i) athbhreithniú doiciméadach ar an tsampláil, an anailís, an tástáil nó an diagnóis tosaigh a iarraidh ar shaineolaí aitheanta ag a bhfuil na cáilíochtaí iomchuí (Airteagal 35(1) de RRO);

> Airteagal 35 de RRO
>
> 1. [..]
>
> Leis an gceart chun an dara tuairim shaineolach, beidh an t-oibreoir i dteideal athbhreithniú doiciméadach a iarraidh ar an tsampláil, anailís, tástáil nó diagnóis atá déanta ag saineolaí aitheanta eile a bhfuil na cáilíochtaí iomchuí aige

ii) a iarraidh go ndéanfaidh an t-údarás inniúil cainníocht shamplach leordhóthanach a ghlacadh chun críoch an dara hanailís arna déanamh mar chuid den dara tuairim shaineolach (aithris 48 agus Airteagal 35(2) de RRO, faoi réir na gcoinníollacha a luaitear iontu); an eilimint sin den dara tuairim shaineolach níl feidhm aici agus measúnú á dhéanamh ar láithreacht lotnaidí coraintín i bplandaí, táirgí plandaí ná réada eile chun fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialacha dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 1(2) de RRO (Airteagal 35(2) an dara habairt).

> Aithris 48 de RRO
>
> [..] Le ceart den sórt sin, ba cheart don oibreoir a bheith in ann a iarraidh go ndéanfadh saineolaí eile athbhreithniú doiciméadach ar an gcéad sampláil, anailís, tástáil nó diagnóis, agus a iarraidh freisin go ndéanfaí an dara hanailís, tástáil nó diagnóis ar na codanna den ábhar samplála a tógadh i dtús báire mura mbeadh aon dara hanailís, tástáil nó diagnóis den sórt sin dodhéanta go teicniúil nó neamhábhartha. B'amhlaidh a bheadh, go háirithe, dá mbeadh leitheadúlacht na guaise san ainmhí nó san earra iontach beag nó dá mbeadh a leithdháileadh iontach tearc nó mírialta ó thaobh a mheas an bhfuil orgánaigh coraintín i láthair nó chun anailís mhicribhitheolaíoch a dhéanamh, de réir mar a bheidh.

Airteagal 35 de RRO

[..]

2. I gcás inarb ábhartha, iomchuí agus indéanta ón taobh teicniúil de, ag féachaint go háirithe do leitheadúlacht agus leithdháileadh na guaise sna hainmhithe nó sna hearraí, do shomheatacht shamplaí na n-*earraí agus don mhéid foshraithe atá ar fáil, déanfaidh na húdaráis inniúla an méid seo a leanas:*

   (a) *agus an sampla á thógáil, agus má iarrann an t-oibreoir amhlaidh, a áirithiú go dtógfar cainníocht leordhóthanach chun an dara tuairim shaineolach a cheadú agus an t-athbhreithniú dá dtagraítear i mír 3 a dhéanamh, más gá; nó*

   (b) *i gcás nach mbeidh sé indéanta an chainníocht leordhóthanach a thógáil amhail dá dtagraítear i bpointe (a), an t-oibreoir a chur ar an eolas faoi sin.*

Ní bheidh feidhm ag an mír seo i gcás ina mbeidh sé á mheas an bhfuil lotnaidí coraintín i láthair i bplandaí, i dtáirgí plandaí nó i réada eile chun comhlíonadh na rialacha amhail dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 1(2) a fhíorú.

iii) a iarraidh go ndéanfaidh an t-údarás inniúil cainníocht shamplach leordhóthanach a ghlacadh chun go ndéanfaidh saotharlann oifigiúil eile anailís eile arna iarraidh sin don oibreoir i gcás díospóid bunaithe ar an anailís tosaigh agus ar an dara tuairim shaineolach, má dhéantar foráil maidir leis an gceart sin sa dlí náisiúnta (Airteagal 35(3) de RRO, faoi réir na gcoinníollacha a luaitear in Airteagal 35(2) de RRO).

Airteagal 35 de RRO

[..]

3. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, i gcás ina mbeidh aighneas idir na húdaráis inniúla agus na hoibreoirí, bunaithe ar an dara tuairim shaineolach dá dtagraítear i mír 1, go bhféadfaidh na hoibreoirí athbhreithniú doiciméadach a iarraidh, ar a gcostas féin, ar an anailís, an tástáil nó an diagnóis thosaigh agus, i gcás inarb iomchuí, anailís, tástáil nó diagnóis eile a iarraidh a dhéanfaidh saotharlann oifigiúil eile.

I gcás ina mbunófar rialacha le reachtaíocht earnáilsonrach le haghaidh na samplála nó na hanailíse i réimse sonrach, tá tosaíocht ag na rialacha sin ar na bunphrionsabail a leagtar síos in Airteagal 35 de RRO. Go háirithe, le rialacha earnáilsonracha is féidir go mbeidh baint cainníochta leordhóthanaí le haghaidh samplaí breise éigeantach nó go gceanglófar nósanna imeachta sonracha a leanúint chun samplaí críochnaitheacha a fháil. Mar shampla, le roinnt gníomhartha dlí de chuid an Aontais ([19]) ([20]) ([21]) bunaítear nósanna imeachta sonracha chun a áirithiú go nglactar cainníocht leordhóthanach chun samplaí ionadaíocha a fháil 'chun críoch forfheidhmiúcháin, cosanta agus réiteora'. I gcás inar glacadh rialacha sonracha ar bhonn Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ([22]), leanann na forálacha ábhartha de bheith i bhfeidhm, mura ndéantar iad a aisghairm nó a ionadú le reachtaíocht nua arna glacadh faoi RRO.

I gcás nach sonrófar na nósanna imeachta a thuilleadh i reachtaíocht an Aontais, is ag leibhéal na mBallstát atá sé rialacha a chur chun feidhme maidir leis an méid seo a leanas:

— critéir cháilíochta le haghaidh an *tsaineolaí aitheanta ag a bhfuil na cáilíochtaí iomchuí* maidir leis an athbhreithniú doiciméadach dá dtagraítear in Airteagal 35(1) de RRO a dhéanamh;

— láimhseáil agus stóráil cainníochta samplaí breise arna glacadh chun críche anailíse breise mar chuid den dara tuairim shaineolach;

([19]) Rialachán (CE) Uimh. 333/2007 ón gCoimisiún an 28 Márta 2007 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse le haghaidh rialú oifigiúil ar leibhéil luaidhe, caidmiam, mearcair, stáin neamhorgánaigh, 3-MCPD agus beinsi(a)piréin in earraí bia (IO L 88, 29.3.2007, lch. 29).

([20]) Rialachán (CE) Uimh. 401/2006 ón gCoimisiún an 23 Feabhra 2006 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse chun rialú oifigiúil a dhéanamh ar na leibhéil míceatocsainí in earraí bia (IO L 70, 9.3.2006, lch. 12).

([21]) Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2009 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse chun rialú oifigiúil a dhéanamh ar bheatha (IO L 54, 26.2.2009, lch. 1).

([22]) Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 165, 30.4.2004, lch. 1), aisghaireadh é le Rialachán (AE) 2017/625 an 14 Nollaig 2019.

— úsáid thorthaí na hanailíse tosaigh, an dara tuairim shaineolach agus, más infheidhme, an dara hanailís oifigiúil, ó na húdaráis inniúla agus ó na hoibreoirí. Is é is aidhm do na rialacha a leagtar síos in RRO, i measc nithe eile, a áirithiú go mbeidh bunús fíorasach fónta ag oibreoirí le haghaidh a gcinntí chun a gceart chun achomhairc a fheidhmiú (Airteagal 7 de RRO). An nós imeachta achomhairc féin, áfach, níl sé rialáilte le RRO, ach trí rialacha náisiúnta;

— aon teorainn ama maidir le feidhmiú an chirt chun athbhreithnithe dhoiciméadaigh, e.g., agus teorainneacha ama á gcur san áireamh, ar teorainneacha ama iad dá bhforáiltear le haghaidh modhanna sásaimh ábhartha ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear an ceart chun achomhairc.

2.3.2.1. *Coinníollacha le haghaidh samplála le haghaidh an dara tuairim shaineolach agus le haghaidh anailís eile a dhéanfaidh saotharlann oifigiúil eile*

Cainníocht shamplach bhreise chun críoch an dara tuairim shaineolach agus/nó atá le coinneáil le haghaidh an athbhreithnithe (anailís eile a dhéanfaidh saotharlann oifigiúil eile) dá dtagraítear in Airteagal 35(3) de RRO, ní mór í a ghlacadh tráth a bhaintear an t-ábhar sampla ar dtús. Ba cheart don údarás inniúil a áirithiú go mbeidh gach sampla chomh hionadaíoch céanna leis an mbaisc a sampláladh.

An tsampláil ar chainníocht shamplach leordhóthanach chun go bhféadfar an dara hanailís a dhéanamh mar chuid den dara tuairim shaineolach agus le haghaidh an athbhreithnithe dá dtagraítear in Airteagal 35(3) de RRO, tá sí faoi réir an choinníll go bhfuil an tsampláil sin 'ábhartha, iomchuí agus indéanta ón taobh teicniúil de'.

Le hAirteagal 35(2) agus le haithris (48) de RRO tugtar tuairisc ar roinnt cásanna eiseamláireacha inar féidir nach mbeidh glacadh cainníochta samplaí leordhóthanaí 'ábhartha, iomchuí ná indéanta ón taobh teicniúil de'. Is féidir go n-athróidh na tosca atá le meas de réir an chineáil ainmhí nó earra, maitríse, sprioc-oibreáin, dálaí samplála agus an chineáil anailíse atá le déanamh. Féadfar an liosta neamhchuimsitheach seo a leanas de shamplaí a chur san áireamh, gan dochar do rialacha earnáilsonracha:

Maidir le sampláil cainníochta samplaí leordhóthanaí chun críocha an dara tuairim shaineolach agus/nó an athbhreithnithe dá dtagraítear in Airteagal 35(3) de RRO, is féidir nach mbeidh sí

'ábhartha', i gcás

— nach ndéanfar an ceart chun an dara hanailís oifigiúil a chur chun feidhme sa dlí náisiúnta;

— nach féidir anailís eile a dhéanfaidh saotharlann oifigiúil eile i gcomhréir le hAirteagal 35(3) de RRO a dhéanamh toisc nach bhfuil an saineolas ná an trealamh ag aon saotharlann oifigiúil eile san Aontas ná in LEE chun an anailís i gceist a dhéanamh, má tá eolas ag an údarás inniúil ar an imthoisc sin roimh shampláil; ba cheart údar a thabhairt leis an gcinneadh sin ar bhonn imscrúdú agus úsáid á baint, mar shampla, as na sásraí maidir le cúnamh agus comhar riaracháin dá bhforáiltear in Airteagail 102 go 108 de RRO agus/nó na huirlisí atá ar fáil agus a ndéanann an Coimisiún foráil maidir leo ([23]) ;

'iomchuí', i gcás

— ina seasfaidh an t-ábhar sampláilte do riosca má chuirtear ar fáil don oibreoir é, e.g. ábhar galair nó oibreáin bithsceimhlitheoireachta fhéideartha; glacadh cainníochta samplaí leordhóthanaí le haghaidh anailís eile a dhéanfaidh saotharlann oifigiúil eile i gcomhréir le hAirteagal 35(3) de RRO féadfaidh sé a bheith iomchuí mar sin féin sna cásanna sin, má dhéantar an sampla a iompar, a stóráil agus a láimhseáil faoi rialú an údaráis inniúil agus saotharlanna oifigiúla;

— ina bhféadfaidh leitheadúlacht na guaise san ainmhí nó san earra a bheith iontach beag nó ina bhféadfaidh a leithdháileadh a bheith iontach tearc nó mírialta, chun go mb'fhéidir nach féidir an t-oibreán guaiseach in ábhar breise a bhrath le hiontaofacht leordhóthanach;

'indéanta ón taobh teicniúil', i gcás

— ina mbeidh méid neamhleor cainníochta samplaí ar fáil lena shampláil;

— nach féidir cainníocht leordhóthanach atá chomh hionadaíoch céanna leis an mbaisc arna sampláil a fháil ó earraí arna n-ordú ag na húdaráis inniúla ó oibreoirí trí chianchumarsáid gan iad féin a shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 36. A mhéid is féidir, ba cheart do na húdaráis inniúla féachaint le ceart an oibreora chun an dara tuairim shaineolach a chaomhnú trí aonaid leordhóthanacha a ordú, ach ba cheart dóibh an t-oibreoir a chur ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 35(2)(b) de RRO i gcás ina mainneoidh siad cainníocht ionadaíoch leordhóthanach a aisghabháil;

([23]) https://ec.europa.eu/eusurvey/runner/contactform/DGSANTE_official_labs_R2017_625.

— le somheatacht, in-bhithdhíghrádaitheacht nó gníomhaíocht an oibreáin bhitheolaíoch, cheimicigh nó fhisicigh atá le hanailísiú cuirtear cosc le samplaí a stóráil agus a láimhseáil i gcomhréir le hAirteagal 34(5) de RRO (nó cuirtear teorainn leis an tráthchlár ar laistigh de is féidir déanamh amhlaidh).

Go ginearálta, maidir le sampláil cainníochta leordhóthanaí i gcomhréir le hAirteagal 35(2) de RRO, aon uair a mheastar nach bhfuil sí 'ábhartha, iomchuí ná indéanta ón taobh teicniúil de,' cuirfidh an t-údarás inniúil an t-oibreoir ar an eolas faoi sin i gcomhréir le hAirteagal 35(2)(b).

2.3.2.2. *Anailís eile a dhéanfaidh saotharlann oifigiúil eile*

Le hAirteagal 35(3), tugtar an saincheart do na Ballstáit an ceart chun athbhreithnithe dhoiciméadaigh ar an gcéad anailís agus chun anailíse oifigiúla eile (an dara tástáil oifigiúil) nó diagnóis ag saotharlann oifigiúil eile a chur chun feidhme. Chun an ceart sin a chur chun feidhme, ní mór reachtaíocht náisiúnta a ghlacadh (arna glacadh tar éis theacht i bhfeidhm an RRO) lena bhforáiltear go sonrach don cheart chun anailís oifigiúil eile a fháil.

An tsaotharlann oifigiúil a dhéanann anailís eile i gcomhréir le hAirteagal 35(3) de RRO glacann sí feidhm 'réiteora' i gcásanna inarb ann do dhíospóid idir an t-údarás inniúil agus an t-oibreoir bunaithe ar an anailís tosaigh agus ar an dara tuairim shaineolach. I gcás nach mbeidh an saineolas ná an trealamh ag aon saotharlann oifigiúil eile sa chríoch ina n-oibríonn an t-údarás inniúil chun anailís eile a dhéanamh, ba cheart do na húdaráis inniúla, aon uair is féidir, na sásraí maidir le hainmniúchán trasteorann dá bhforáiltear in Airteagal 37(2) de RRO a úsáid.

Má chinneann na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir leis an gceart chun anailíse, tástála nó diagnóise eile i gcomhréir le hAirteagal 35(3) de RRO, seasann na hoibreoirí na costais ar na hanailísí, na tástálacha nó na diagnóisí sin.

2.3.3. ***Saotharlanna oifigiúla (Airteagail 37 go dtí 42 de RRO)***

2.3.3.1. *Ainmniocht*

Ceanglaítear ar na húdaráis inniúla saotharlanna oifigiúla a ainmniú chun na hanailísí, na tástálacha agus na diagnóisí a dhéanamh ar na samplaí a glacadh le linn rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile araon. Beidh an t-ainmniúchán sin i scríbhinn, beidh na heilimintí dá dtagraítear in Airteagal 37(3) de RRO ann agus ba cheart fianaise dhoiciméadach a sholáthar leis chun a chruthú go ndearnadh measúnú ar na ceanglais in Airteagal 37(4) agus (5) de RRO agus gur comhlíonadh iad.

Le hAirteagal 37(1) de RRO ní chuirtear cosc le hainmniú saotharlann príobháideach mar shaotharlanna oifigiúla, má chomhlíonann siad ceanglais Airteagal 37(4) agus (5) de RRO. Mar sin féin, má choinníonn saotharlann phríobháideach caidrimh ghnó ar bun le hoibreoirí atá faoi réir rialuithe oifigiúla i dteannta a róil mar shaotharlann oifigiúil, ba cheart sásraí a bheith i bhfeidhm chun neamhchlaontacht a áirithiú maidir le cúraimí na saotharlainne mar shaotharlann oifigiúil, i gcomhréir le hAirteagal 37(4)(c) de RRO. Mura n-ainmnítear saotharlanna oifigiúla le maolú ar chreidiúnú éigeantach (féach caibidil 2.3.3.2. maidir le creidiúnú), is infheidhme na sásraí chun neamhchlaontacht a áirithiú a bhunaítear in EN ISO/IEC 17025.

Féadfaidh feidhm saotharlainne oifigiúla agus saotharlainne tagartha nó lárionaid tagartha a bheith le saotharlann, ar choinníoll go gcomhlíonann sí na ceanglais agus na hoibleagáidí agus go mbeidh sí ainmnithe le haghaidh gach ceann dá feidhmeanna i gcomhréir le forálacha ábhartha RRO (Airteagail 37-42 agus Airteagail 92-101 de RRO). Leis an ainmniúchán áireofar, i measc nithe eile, tuairisc mhionsonraithe ar 'na socruithe is gá chun comhordú agus comhar éifeachtúil agus éifeachtach idir an tsaotharlann agus na húdaráis inniúla a áirithiú' (Airteagal 37(3)(c) de RRO). Féadfar a chumhdach leis na socruithe sin, mar shampla:

— nósanna imeachta um pleanáil thráthrialta agus leithdháileadh acmhainní, chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag na húdaráis inniúla ar acmhainneachtaí saotharlainne i gcomhréir le hAirteagal 37(4)(a), (b) agus (d) de RRO agus i gcomhréir lena bpleananna rialaithe ilbhliantúla náisiúnta;

— nósanna imeachta um thuairisciú tráthrialta, lena n-áirítear malartú tráthúil sonraí maidir le samplaí agus torthaí saotharlainne, go háirithe i gcás ina dtagrófar leis na torthaí sin do neamhchomhlíonta nó do rioscaí le haghaidh shláinte an duine, sláinte ainmhithe nó sláinte plandaí, nó, a mhéid a bhaineann le OGManna agus táirgí cosanta plandaí, le haghaidh an chomhshaoil freisin (Airteagal 38(1) de RRO);

— comhar saotharlann oifigiúil le saotharlanna tagartha náisiúnta agus/nó de chuid an Aontais, go háirithe á áirithiú go gcuirtear an t-údarás inniúil ar an eolas faoi thorthaí tástálacha comparáideacha nó tástálacha inniúlachta idirshaotharlainne i gcomhréir le hAirteagal 38(2) de RRO, agus é á chur ar a chumas dó a oibleagáidí a eascraíonn as Airteagal 39(2) de RRO a chomhlíonadh;

— feidhmíocht iniúchtaí i gcomhréir le hAirteagal 39(1) de RRO, lena n-áirítear sásraí chun a áirithiú go gcuirtear an t-údarás inniúil ar an eolas faoi thorthaí measúnuithe creidiúnaithe, agus é á chur ar a chumas dó a oibleagáidí a eascraíonn as Airteagal 39(2) de RRO a chomhlíonadh.

2.3.3.2. Creidiúnú

Tá oibleagáid ar shaotharlanna oifigiúla oibriú i gcomhréir le EN ISO/IEC 17025 agus a bheith creidiúnaithe faoin gcaighdeán sin. De réir Airteagal 37(5) de RRO, áireofar le raon feidhme a gcreidiúnaithe na modhanna anailíse, tástála nó diagnóise saotharlainne uile a gceanglaítear ar an tsaotharlann iad a úsáid i gcás ina n-oibreoidh sí mar shaotharlann oifigiúil.

Sa chomhthéacs sin, is féidir an téarma 'modh' a thuiscint mar nós imeachta tomhais a chuirtear i bhfeidhm maidir le maitrís shonrach nó grúpa maitrísí, agus maidir le hanailít shonrach nó grúpa anailítí, nó teaglaim díobh, de réir an mhodha i gceist, i gcomhréir le EN ISO/IEC 17025. Déantar foráil le RRO do mhaoluithe ar an oibleagáid sin, tríd an tsainphribhléid a thabhairt do na Ballstáit saotharlann oifigiúil a ainmniú nach gcomhlíonann an oibleagáid chreidiúnaithe faoi choinníollacha áirithe, agus deonaítear solúbthacht áirithe leis maidir le raon feidhme an chreidiúnaithe:

1. Féadfaidh an méid seo a leanas a bheith fíor maidir le raon feidhme creidiúnaithe saotharlainne oifigiúla:

    a. féadfar grúpaí modhanna a chuimsiú leis (Airteagal 37(5)(b) de RRO)

    b. féadfaidh é a bheith sainithe ar bhealach solúbtha ([24]) (Airteagal 37(5)(c) de RRO)

2. Bunaítear maoluithe buana ar chreidiúnú éigeantach le haghaidh saotharlanna oifigiúla nach ndéanann ach *Trichinella* ([25]) a bhrath i bhfeoil agus saotharlanna nach ndéanann ach anailísí, tástálacha nó diagnóisí i gcomhthéacs gníomhaíochtaí oifigiúla eile (faoi na coinníollacha a thuairiscítear in Airteagal 40(1)(a) agus Airteagal 40(1)(b) de RRO, faoi seach);

3. Na maoluithe buana ar an oibleagáid go gcumhdófar le raon feidhme an chreidiúnaithe na modhanna uile arna n-úsáid ag an tsaotharlann oifigiúil, bunaítear iad i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1353 ón gCoimisiún ([26]) le haghaidh na réimsí a bhaineann le sláinte plandaí, ábhair a bhíonn i dtadhall le bia, breiseáin bhia, einsímí bia, blastáin agus breiseáin bheatha bunaithe ar an gcumhachtú in Airteagal 41 de RRO;

4. Ceadaítear maolú sealadach ar chreidiúnú éigeantach (1 + 1 bliain) le haghaidh saotharlanna oifigiúla sna cásanna seo a leanas, dá dtagraítear in Airteagal 42(1) de RRO, agus faoi réir na gcoinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 42(2) go (4) de RRO:

    a. i gcás ina mbeidh úsáid an mhodha sin nuacheangailte le rialacha an Aontais (agus sin ó dháta theacht i bhfeidhm na rialacha sin)

    b. i gcás ina gceanglófar creidiúnú nua nó sínte le hathruithe ar mhodh in úsáid (mura gcumhdaítear sin le raon feidhme creidiúnaithe solúbtha)

    c. i gcás ina n-eascróidh an gá chun an modh a úsáid as staid éigeandála nó as riosca atá ag teacht chun cinn.

Bunaithe ar an gcumhachtú in Airteagal 41 de RRO, leagtar síos le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1353 ón gCoimisiún rialacha faoina bhféadfaidh údaráis inniúla saotharlanna oifigiúla a ainmniú nach gcomhlíonann an ceanglas a leagtar síos in Airteagal 37(4)(e) de RRO i ndáil leis na modhanna uile a úsáideann siad le haghaidh rialuithe oifigiúla.

Is iad na réimsí a chumhdaítear faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1353, a bhféadfar maoluithe faoi Airteagal 41 de RRO a chur i bhfeidhm ina leith, ábhair a bhíonn i dtadhall le bia, breiseáin bhia, einsímí bia, blastáin, breiseáin bheatha agus sláinte plandaí.

([24]) 'Raon feidhme creidiúnaithe solúbtha': An raon feidhme creidiúnaithe a léirítear chun a cheadú do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta athruithe a dhéanamh ar mhodheolaíocht agus ar pharaiméadair eile a thagann laistigh d'inniúlacht an chomhlachta um measúnú comhréireachta arna dheimhniú ag an gcomhlacht creidiúnaithe (ISO/IEC 17011:2017).

([25]) Treoirlínte maidir le moltaí íosta le haghaidh saotharlann oifigiúil arna ceapadh chun Trichinella a bhrath i bhfeoil: https://ec.europa.eu/food/system/files/2021-10/biosafety_fh_legis_guidance_min-recom-trichinella-meat_en.pdf.

([26]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1353 ón gCoimisiún an 17 Bealtaine 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na cásanna agus na coinníollacha faoina bhféadfaidh údaráis inniúla saotharlanna oifigiúla a ainmniú nach gcomhlíonann na coinníollacha maidir leis na modhanna ar fad a úsáideann siad le haghaidh rialuithe oifigiúla nó gníomhaíochtaí oifigiúla eile (IO L 291, 13.8.2021, lch. 20).

Le hAirteagail 2 agus 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1353, leagtar síos na coinníollacha seo a leanas chun saotharlann oifigiúil a ainmniú le haghaidh modh atá lasmuigh de raon feidhme a creidiúnaithe sna réimsí a chumhdaítear faoin Rialachán sin:

(i) Ní mór córas dearbhaithe cáilíochta a bheith i bhfeidhm ag an tsaotharlann chun a áirithiú go bhfaighfear torthaí iontaofa ó úsáid modhanna anailíse, tástála nó diagnóise saotharlainne atá lasmuigh de raon feidhme a gcreidiúnaithe.

Is ceanglas é córas dearbhaithe cáilíochta a bheith i bhfeidhm chun creidiúnú a fháil i gcomhréir le caighdeán EN ISO/IEC 17025 mar a cheanglaítear le hAirteagal 37(4)(e) de RRO. Mar sin féin, chun críocha Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1353, ní mór an córas dearbhaithe cáilíochta a chur i bhfeidhm *freisin* maidir leis na modhanna a úsáidtear *lasmuigh* de raon feidhme an chreidiúnaithe.

(ii) An modh neamhchreidiúnaithe a úsáideann an tsaotharlann, is é is bunús dó na critéir atá ábhartha maidir leis an limistéar faoi seach a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann le RRO.

Tá an ceanglas sin comhchosúil leis an mbuncheanglas maidir le bunús an mhodha in Airteagal 34(4) de RRO. Mar sin féin, chun críoch shonrach Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1353, *ní mór* an ceanglas sin a chomhlíonadh (agus ní hamháin '*nuair is féidir*', mar a cheanglaítear le hAirteagal 34(4) de RRO).

(iii) I réimse shláinte na bplandaí, ceanglaítear le hAirteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1353 ina theannta sin go bhfuil an tsaotharlann oifigiúil creidiúnaithe cheana féin (i gcomhréir le caighdeán EN ISO/IEC 17025) le haghaidh modh a bhaineann le ceann de na catagóirí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin; féadfar an tsaotharlann a ainmniú ansin faoin gcoinníoll go n-úsáideann sí an modh céanna sin lasmuigh de raon feidhme an chreidiúnaithe ar lotnaid ar den ghrúpa orgánach céanna ise agus an lotnaid ar a n-úsáidtear an modh creidiúnaithe. Measfar gur '*grúpaí orgánacha*' iad na grúpaí seo a leanas, i gcomhréir le haithris 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1353:

— néimeatóidí;

— baictéir;

— fungais agus úimícéití;

— víris, víoróidigh agus fíteaplasmaí;

— feithidí agus fíneoga.

I gcás ina n-ainmneoidh údaráis inniúla saotharlann ina saotharlann oifigiúil i gcomhréir le hAirteagal 37(1) de RRO agus freisin ina saotharlann tagartha náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 100(1) de RRO, is féidir an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 41 de RRO a chur i bhfeidhm le haghaidh an ainmniúcháin mar shaotharlann oifigiúil. Maidir le feidhm na saotharlainne sin mar shaotharlann tagartha, níl feidhm ag an maolú dá bhforáiltear in Airteagal 41 de RRO.

Mar sin féin, i réimse na sláinte plandaí, saotharlanna oifigiúla a ainmnítear ar bhonn maolú dá bhforáiltear in Airteagal 41 de RRO, is féidir iad a ainmniú ina dhiaidh sin ina saotharlanna tagartha náisiúnta (nó de chuid an Aontais) gan beann ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann siad na ceanglais chreidiúnaithe a leagtar síos in Airteagal 37(4)(e) de RRO (nó Airteagal 93(3)(a) de RRO le haghaidh STAEnna, faoi seach) ([27]).

2.3.3.3. *Ainmniúchán trasteorann*

Féadfaidh na húdaráis inniúla saotharlann oifigiúil a ainmniú mar shaotharlann oifigiúil atá lonnaithe i mBallstát nó i dtír LEE eile (faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 37(2) de RRO). Leis an bhforáil sin tugtar solúbthacht áirithe do na Ballstáit, mar shampla, i gcás nach mbeidh aon saotharlann a chomhlíonann ceanglais Airteagal 37(4) agus (5) de RRO le fáil sa chríoch ina n-oibríonn an t-údarás inniúil. Na rialacha agus na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 34-42 de RRO, tá feidhm acu freisin maidir le saotharlanna oifigiúla a ainmnítear i mBallstát eile nó i dtír LEE eile. Mar shampla, saotharlanna arna n-ainmniú ag dhá údarás inniúla nó níos mó, ní mór dóibh a bheith in ann an ceanglas a chomhlíonadh i ndáil le hacmhainneacht saotharlainne leordhóthanach a bheith acu (Airteagal 37(4)(a), (b) agus (d) de RRO) maidir lena ngealltanais i leith na n-údarás inniúil ainmniúcháin uile.

([27]) Airteagal 100(2), an dara habairt, de RRO agus Airteagal 93(4) de RRO le haghaidh STNanna agus STAEnna, faoi seach.

I dteannta na socruithe idir gach údarás inniúil ainmniúcháin agus a shaotharlanna ainmnithe, na húdaráis inniúla a bhfuil an tsaotharlann chéanna ainmnithe acu mar shaotharlann oifigiúil, ba cheart dóibh cumarsáid agus comhar a dhéanamh eatarthu féin chun foráil a dhéanamh maidir leis an méid seo a leanas:

— iniúchtaí a dhéanamh (Airteagal 37(2) i gcomhar le hAirteagal 39(1) de RRO): is féidir leis an dá údarás inniúla nó leis na húdaráis inniúla uile iniúchtaí a dhéanamh ar leithligh nó is féidir iad a tharmligean chuig údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an tsaotharlann lonnaithe;

— malartú faisnéise maidir le raon feidhme creidiúnaithe na saotharlainne agus na torthaí ar mheasúnuithe creidiúnaithe, go háirithe i gcásanna ina mbíonn an Ballstát óstach ag brath ar mheasúnuithe creidiúnaithe;

— malartú faisnéise le haghaidh chás aistarraingthe an ainmniúcháin mar shaotharlann oifigiúil de réir Airteagal 39(2) de RRO, go háirithe aistarraingt arna déanamh ag an údarás inniúil sa Bhallstát ina bhfuil an tsaotharlann lonnaithe, ós rud é gur sainphribhléid an t-ainmniúchán sin le haghaidh ainmniú ó Bhallstát eile de réir Airteagal 37(2)(b) de RRO.

Chun comhar a éascú idir na Ballstáit chun críche ainmniúcháin trasteorann, agus chun meastóireacht a dhéanamh ar na cásanna a thuairiscítear in Airteagal 37(6) de RRO, tairgeann an Coimisiún ardán lárnach le haghaidh na mBallstát chun faisnéis teagmhála saotharlann náisiúnta ainmnithe ina gcríocha a chomhroinnt lena chéile. I dteannta na faisnéise a chomhroinntear ar an ardán, féadfaidh na Ballstáit a mheas faisnéis bhreise níos mionsonraithe a thairiscint maidir le gníomhaíochtaí a saotharlann ainmnithe (amhail modhanna atá ar fáil, stádas creidiúnaithe) ar shuíomhanna gréasáin a n-údarás inniúil nó a saotharlann.

2.3.3.4. *Fochonraitheoireacht*

Ní mór na saotharlanna uile a dhéanann anailísí, tástálacha agus diagnóisí ar shamplaí oifigiúla a bheith ainmnithe mar shaotharlanna oifigiúla, mura bhfuil an saineolas, an trealamh, an bonneagar ná an fhoireann is gá ag saotharlann oifigiúil ar bith a ainmnítear san Aontas nó i dtír LEE chun anailísí, tástálacha nó diagnóisí saotharlainne nua nó iontach neamhchoitianta a dhéanamh (Airteagal 37(6) de RRO). Dá bhrí sin, seachas i gcásanna de bhun Airteagal 37(6) de RRO, ní fhéadfaidh saotharlanna oifigiúla cúraimí a ligean ar fochonradh ach le saotharlann oifigiúil eile. I gcás saotharlanna atá creidiúnaithe i gcomhréir le EN ISO/IEC 17025, na forálacha ábhartha maidir le táirgí agus seirbhísí de chuid an chaighdeáin sin a sholáthraítear go seachtrach, leanfar iad sna cásanna sin.

Ba cheart an t-údarás inniúil ainmniúcháin a chur ar an eolas i gcónaí roimh aon ghníomhaíocht a ligean ar fochonradh le saotharlann oifigiúil eile. Má tá an tsaotharlann ar fochonradh lonnaithe sa Bhallstát céanna, ach í ainmnithe ag údarás inniúil éagsúil, tá gá le comhordú agus cumarsáid idir na húdaráis inniúla ainmniúcháin chun a áirithiú go gcomhlíonann an tsaotharlann ar fochonradh na ceanglais ainmniúcháin a leagtar síos in Airteagal 37(4) agus (5) de RRO ar feadh thréimhse an fhochonartha agus le haghaidh na gníomhaíochta ar fochonradh. Chun na críche sin, féadfaidh na húdaráis inniúla atá lonnaithe sa Bhallstát céanna tarraingt ar na foirmeacha comhair riaracháin atá ann cheana.

I gcás cúraimí a ligean ar fochonradh le saotharlann oifigiúil i mBallstát nó i dtír LEE eile, le hAirteagal 37(2) de RRO ceanglaítear ar an údarás inniúil sa chéad Bhallstát an tsaotharlann atá lonnaithe sa Bhallstát nó sa tír LEE eile a ainmniú. Leis an riail sin áirithítear go bhfuil formhaoirseacht ag an údarás inniúil ainmniúcháin sa chéad Bhallstát ar gach saotharlann ainmnithe maidir lena chúraimí, lena fheidhmíocht agus le comhlíonadh a cheanglas gach tráth, agus gur féidir comhordú éifeachtach a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 37(2)(a) de RRO.

Le hAirteagal 37(6) de RRO sonraítear eisceacht ar an gceanglas ainmniúcháin, trína cheadú do na húdaráis inniúla é a chur de chúram ar shaotharlanna nach bhfuil ainmnithe mar shaotharlanna oifigiúla ná ionaid dhiagnóiseacha anailísí, tástálacha nó diagnóisí saotharlainne nua nó iontach neamhchoitianta a dhéanamh. Mar sin féin, ní cheadaítear sin ach mura bhfuil an saineolas, an trealamh, an bonneagar ná an fhoireann is gá ag saotharlann oifigiúil ar bith eile i mBallstát nó i dtír LEE chun na hanailísí sin a dhéanamh. Ba cheart do na húdaráis inniúla údar a thabhairt lena gcinneadh chun an fhoráil sin a chur i bhfeidhm trína léiriú gur nochtadh le himscrúduithe nach bhféadfaí aon saotharlann oifigiúil oiriúnach eile a shainaithint. Is é a d'fhéadfadh a bheith i gceist le himscrúduithe na sásraí le haghaidh cúnamh agus comhar riaracháin dá bhforáiltear in Airteagail 102-108 de RRO agus/nó an bunachar sonraí saotharlann arna fhorbairt ag an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Sábháilteacht Bia de chuid an Choimisiúin ([28]). An nós imeachta chun 'iarraidh ar shaotharlann nó ar ionad diagnóiseach […] na hanailísí, na tástálacha agus na diagnóisí sin a dhéanamh', ní cheanglaítear ainmniúchán foirmiúil leis i gcomhréir le hAirteagal 37(1) de RRO, ach is féidir leis a bheith bunaithe ar chomhaontú conarthach leis an tsaotharlann faoi seach.

([28]) https://ec.europa.eu/eusurvey/runner/contactform/DGSANTE_official_labs_R2017_625.

2.3.3.5. *Iniúchtaí*

Is é an t-údarás inniúil ainmniúcháin atá freagrach as a fhíorú go leanann an tsaotharlann oifigiúil de bheith ag comhlíonadh na gceanglas ainmniúcháin a leagtar síos in Airteagal 37(4) agus (5) de RRO agus na hoibleagáidí in Airteagal 38 de RRO. Tá iniúchtaí creidiúnaithe ar an bpríomhionstraim chun ardfheidhmíocht saotharlann oifigiúil a áirithiú. Dá bhrí sin, féadfaidh na húdaráis inniúla a n-oibleagáid a chomhlíonadh chun iniúchtaí tráthrialta a eagrú trí bheith ag brath ar mheasúnuithe creidiúnaithe arna ndéanamh ag an gcomhlacht náisiúnta creidiúnaithe, má mheasann siad go bhfuil na hiniúchtaí sin iomarcach i.e coibhéiseach le hiniúchtaí arna ndéanamh ag an údarás inniúil, i gcomhréir le hAirteagal 39(1) de RRO. Ba cheart do na húdaráis inniúla a áirithiú go gcuirtear ar an eolas iad faoi na torthaí ar mheasúnuithe creidiúnaithe mar aon le haon bheart feabhais arna dhéanamh ag an tsaotharlann oifigiúil, chun bheith in ann beart a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 39(2) de RRO.

I dteannta measúnuithe creidiúnaithe, ba cheart sásraí a bheith i bhfeidhm lena gcuirtear é ar a chumas don údarás inniúil freagairt do neamhchomhlíonadh na saotharlainne oifigiúla leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 37(4)(a) go (d) de RRO agus lena hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 38 de RRO. Féadfar a áireamh ar na sásraí sin tuairisciú bliantúil, tuairisciú tráthrialta, malartú faisnéise le húdaráis áitiúla ar aistrigh an t-údarás inniúil freagrachtaí chucu i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de RRO agus a oibríonn leis an tsaotharlann oifigiúil ar bhonn tráthrialta, mar aon le hathbhreithniú ar thorthaí tástálacha comparáideacha nó tástálacha inniúlachta idirshaotharlainne arna n-eagrú ag STNanna.

I gcás inarb ann do léiriú ar neamhchomhlíonadh na saotharlainne oifigiúla maidir le haon cheann de na pointí a luaitear in Airteagal 39(2) de RRO, déanfaidh an t-údarás inniúil beart, mar shampla trí iniúchtaí breise a eagrú i gcomhréir le hAirteagal 39(1) de RRO, trí iarraidh ar an tsaotharlann beart feabhais a dhéanamh agus tríd an ainmniúchán a tharraingt siar ar deireadh, mura ndéanann an tsaotharlann beart feabhais iomchuí agus tráthúil.

Le haghaidh treoraíocht maidir le socruithe iniúchóireachta idir údaráis inniúla Ballstát éagsúil féach thuas faoi 'ainmniúchán trasteorann' agus 'fochonraitheoireacht'.

2.4. **CAIBIDIL V Rialuithe oifigiúla ar ainmhithe agus ar tháirgí a thagann isteach san Aontas**

2.4.1. ***Rialacha maidir le rialuithe oifigiúla i leith coinsíneachtaí a thagann isteach san Aontas***

2.4.1.1. *Coinsíneachtaí agus doiciméid a ghabhann leo*

> Airteagal 3 de RRO
>
> Sainmhínithe
>
> Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas: [..]
>
> (37) *Ciallaíonn 'coinsíneacht' líon ainmhithe nó cainníocht earraí arna gcumhdach ag an deimhniú oifigiúil céanna, an fianú oifigiúil céanna nó ag aon doiciméad eile, arna n-iompar ar an modh iompair céanna agus a thagann as an gcríoch chéanna nó as an tríú tír chéanna agus, cé is moite d'earraí atá faoi réir na rialacha dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 1(2), ar den chineál céanna, den aicme chéanna nó den tuairisc chéanna iad; [..]*

Le deimhnithe oifigiúla, fianuithe oifigiúla nó doiciméid a ghabhann le coinsíneacht, sainaithnítear na hainmhithe nó na hearraí a bhaineann leis an gcoinsíneacht chéanna. De réir Airteagal 89 de RRO, ní mór go gceadófar le deimhnithe oifigiúla an nasc idir iad agus an choinsíneacht, luchtóg nó ainmhí aonair nó earra aonair arna chumhdach acu a fhíorú go héasca, agus ní mór a bheith in ann an t-údarás eisiúna, an duine a shínigh iad agus an dáta eisiúna a shainaithint leo. Ar an gcaoi chéanna, is toradh é ar Airteagal 91 de RRO, i gcás ina mbaineann fianuithe oifigiúla le coinsíneacht nó le luchtóg, nach mór dóibh fíorú an naisc leis an gcoinsíneacht nó leis an luchtóg sin a cheadú. Dá dheasca sin, rannchuidíonn na doiciméid sin le sainaithint na coinsíneachta agus gabhann siad léi chun dearbhú a sholáthar go gcomhlíontar na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO.

Ní mór ainmhithe agus earraí den choinsíneacht chéanna a bheith den chineál, aicme nó tuairisc chéanna, seachas plandaí, táirgí plandaí agus réada eile, faoi réir na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(g) de RRO, ar féidir leo a bheith ilchineálach a mhéid a bhaineann leis an gcineál, aicme nó tuairisc. Mar shampla, is féidir cineálacha éagsúla torthaí agus glasraí a bheith i gcoinsíneacht táirgí plandaí arna gcumhdach leis an deimhniú físeashláintíochta céanna.

Ós rud é gur den chineál, aicme nó tuairisc chéanna iad, i gcás ina n-éilítear deimhniú chun na hainmhithe nó na hearraí a theacht isteach san Aontas, tugtar an méid seo a leanas le tuiscint:

(i) gur féidir na hainmhithe agus na hearraí a chumhdach leis an deimhniú céanna, mar a cheanglaítear le reachtaíocht an Aontais;

(ii) go bhféadfaidh siad freagairt don tuairisc chéanna ar an gcoinsíneacht i gCuid I den deimhniú sin, agus

(iii) nach mór dóibh go léir na ráitis roghnaithe i gCuid II den deimhniú ábhartha a chomhlíonadh.

Is féidir le coinsíneacht amháin a bheith comhdhéanta de luchtóga éagsúla. Iompraítear na hainmhithe nó na hearraí i gcoinsíneacht ar an modh iompair céanna.

Ba cheart earraí ón gcoinsíneacht chéanna a chaomhnú ag an teocht chéanna (teocht chomhthimpeallach, fhuaraithe nó reoite) le linn a n-iompair.

2.4.1.2. *Rialacha deimhniúcháin d'ainmhithe, do tháirgí de bhunadh ainmhíoch, do tháirgí ilchodacha agus do tháirgí geirmeacha*

Sainiúlacht thábhachtach a bhaineann le hainmhithe, le táirgí de bhunadh ainmhíoch agus le táirgí geirmeacha is ea nach mór don oifigeach deimhniúcháin atá údaraithe chun na deimhnithe oifigiúla a shíniú a bheith ina thréidlia oifigiúil i gcomhréir le hAirteagal 237(2) de Rialachán (AE) 2016/429, mura bhfuil feidhm ag rialacha sonracha eile.

Maidir le hainmhithe agus le huibheacha goir, ní mór na deimhnithe a eisiúint laistigh de 10 lá roimh an dáta a shroichtear an post rialaithe teorann, tréimhse is féidir a shíneadh, i gcás iompar ar muir, chun fad an turais ar muir a chumhdach (i gcás ina dtacaítear leis le dearbhú forlíontach ó chaptaen na loinge) de réir Airteagail 3, 14 agus 101 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([29]).

A mhéid a bhaineann le táirgí geirmeacha, de bhun Airteagal 182*a* den Rialachán Tarmligthe céanna, is féidir seanstoic a bailíodh agus a táirgeadh faoi rialacha an Aontais a bhí infheidhme roimhe seo a allmhairiú isteach san Aontas. Tá deimhnithe sonracha ar fáil chun na críche sin ([30]).

Cás idirthurais nó trasloingsithe i dtríú tíortha

Tar éis dóibh a dtríú tír thionscnaimh a fhágáil, is féidir le coinsíneachtaí idirthuras a dhéanamh trí thríú tíortha eile nó iad a thrasloingsiú iontu sula dtiocfaidh siad isteach i gcríoch an Aontais. Mar sin féin, ní cheadaítear idirthuras, díluchtú, nó trasloingsiú ainmhithe i dtríú tíortha (lena n-áirítear athrú uisce le haghaidh ainmhithe uisceacha) ach amháin i dtríú tíortha a liostaítear maidir le teacht isteach an tráchtearra áirithe san Aontas i gcomhréir le hAirteagail 14(2) agus 167(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún. Déantar foráil maidir le roinnt maoluithe ar an riail sin le haghaidh ainmhithe talún in Airteagail 15 agus 16 den Rialachán Tarmligthe céanna.

I gcás ina bhfanann na táirgí de bhunadh ainmhíoch nó na táirgí ilchodacha ina gcoimeádán iompair séalaithe ionas nach n-athraíonn stádas sláintíochta na coinsíneachta, ní gá don tríú tír idirthurais deimhniú nua a eisiúint, ós rud é nach gcuirtear i mbaol na ceanglais sláinte ainmhithe dá dtagraítear in Airteagal 238(1) de Rialachán (AE) 2016/429 ná na ceanglais sláinte poiblí dá dtagraítear in Airteagal 21(4)(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún ([31]).

([29]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe áirithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh a theacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379).

([30]) Airteagail 20-23 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/403 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) 2016/429 agus (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, maidir le coinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe talún agus a dtáirgí geirmeacha, deimhniúchán oifigiúil maidir leis na deimhnithe sin a theacht isteach san Aontas agus maidir lena ngluaiseachtaí idir na Ballstáit, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2010/470/AE (IO L 113, 31.3.2021, lch. 1).

([31]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais i ndáil le coinsíneachtaí bia-ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a theacht isteach san Aontas (IO L 304, 24.11.2022, lch. 1).

Mar sin féin, ní mór an tríú tír idirthurais a liostú le haghaidh an táirge lena mbaineann agus deimhniú nua a eisiúint sna cásanna seo a leanas, ós rud é nach bhfuil na ráthaíochtaí sláinte a sholáthraítear leis an deimhniú tosaigh bailí a thuilleadh:

— táirgí a dhíluchtú ar an mórchóir, lena n-áirítear pacáistí ar phaillead, agus iad a athluchtú i gcoimeádán iompair atá le seoladh chuig an Aontas;

— díluchtú lena stóráil i stóras de chuid an tríú tír idirthurais, gan beann ar a stádas custaim, agus athluchtú isteach i modh iompair atá ceaptha don Aontas;

— díluchtú agus aon láimhseáil nó próiseáil i mbunaíocht de chuid an tríú tír idirthurais, sula n-athluchtaítear é isteach i modh iompair atá ceaptha don Aontas.

Cás ildeimhniúcháin

Mar phrionsabal ginearálta, ní bhíonn ach aon deimhniú oifigiúil amháin ag gabháil le coinsíneacht táirgí de bhunadh ainmhíoch dá dtagraítear in Airteagal 21(1)(b) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 nó táirgí ilchodacha dá dtagraítear in Airteagal 21(1)(f) den Rialachán céanna. In imthosca áirithe, áfach, d'fhéadfadh sé nach mór roinnt deimhnithe oifigiúla a bheith ag gabháil le coinsíneacht. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás earraí bia (na táirgí measctha mar a thugtar orthu) ina bhfuil táirgí éagsúla de bhunadh ainmhíoch, mar shampla, táirgí iascaigh agus táirgí déiríochta. Sa chás seo:

— ní mór na deimhnithe ábhartha a cheanglaítear le haghaidh gach cineáil táirge de bhunadh ainmhíoch i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 a bheith ag gabháil leis an gcoinsíneacht;

— i ngach deimhniú, ní mór a shonrú sa tuairisc ar an gcoinsíneacht an speiceas, cineál na dtáirgí, an chóireáil agus an bhunaíocht nó na bunaíochtaí liostaithe a bhaineann leis an aon chatagóir amháin nó leis na haon chatagóirí amháin de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chumhdaítear leis an deimhniú. Mar sin féin, ba cheart baint a bheith ag na cóid CC, an líon pacáistí agus na meáchain leis an táirge deiridh, rud a chiallaíonn gur cheart an fhaisnéis seo a bheith mar an gcéanna i ngach ceann de na deimhnithe sin agus gur cheart don fhaisnéis seo tagairt a dhéanamh don choinsíneacht ina hiomláine seachas don táirge a chumhdaítear le gach deimhniú sonrach;

— chun inrianaitheacht chuí a áirithiú, ba cheart na deimhnithe a shainaithint leis an tagairt chéanna, nó ba cheart tagairt do na deimhnithe eile a áireamh i ngach deimhniú;

— ag an bpost rialaithe teorann, ní eiseofar ach aon CHED amháin, toisc go bhfuil aon choinsíneacht amháin ann. Ní mór tagairt a dhéanamh sa tuairisc ar an gcoinsíneacht don fhaisnéis a bhaineann leis an táirge deiridh.

Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh sé go mbeadh níos mó ná deimhniú oifigiúil amháin ag teastáil ó choinsíneacht táirgí a bhfuil seachtháirgí éagsúla ainmhithe iontu nó atá comhdhéanta díobh, amhail beatha chumaisc nó leasacháin chumaisc. Le táirgí den sórt sin, ní mór deimhnithe ábhartha a eisiúint do *gach* cineál seachtháirge ainmhithe.

2.4.1.3. *Rialacha deimhniúcháin do phlandaí, táirgí plandaí agus réada eile*

Féadfaidh plandaí áirithe, táirgí plandaí áirithe agus réada áirithe eile de thionscnamh tríú tír teacht isteach san Aontas má tá deimhniú físeashláintíochta ag gabháil leo, mar a shonraítear in Airteagal 71 de Rialachán (AE) 2016/2031, arna eisiúint ag údaráis inniúla an tríú tír.

Cé nach mór deimhniú físeashláintíochta le haghaidh onnmhairiú a eisiúint le haghaidh coinsíneachtaí a thugtar isteach *go díreach* ón tríú tír thionscnaimh, de bhun Airteagal 76 de Rialachán (AE) 2016/2031, ní mór deimhniú físeashláintíochta le haghaidh onnmhairiú nó athonnmhairiú a eisiúint nuair a thugtar coinsíneachtaí isteach ó thríú tír seolta, rud a chiallaíonn tír athonnmhairithe, i.e., tír seachas tír thionscnaimh na gcoinsíneachtaí sin. Féadfaidh an tír seolta deimhniú físeashláintíochta le haghaidh athonnmhairiú a eisiúint i gcás nár fásadh nó nár próiseáladh an tráchtearra sa choinsíneacht chun a chineál a athrú sa tír sin agus sa chás go bhfuil bundeimhniú físeashláintíochta le haghaidh onnmhairiú, nó cóip dheimhnithe de, ar fáil, agus sa chás sin amháin.

Leagtar amach ábhar na ndeimhnithe seo in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/2031. Ní mór an deimhniú físeashláintíochta le haghaidh onnmhairiú, nó cóip dheimhnithe de, a bheith ag gabháil leis an deimhniú físeashláintíochta le haghaidh athonnmhairiú agus ní mór é a nascadh leis. Chun an deimhniú físeashláintíochta le haghaidh athonnmhairiú a eisiúint, ní mór do na húdaráis inniúla fhreagracha aon athruithe ar an riosca lotnaide a bhaineann leis an gcoinsíneacht agus a d'fhéadfadh a bheith tar éis tarlú sa tír seolta a chur san áireamh. Má rinneadh an choinsíneacht a athphacáil, a athluchtú, a stóráil, a roinnt nó a chomhcheangal le coinsíneachtaí allmhairithe eile, féadfar deimhniú físeashláintíochta le haghaidh athonnmhairiú a eisiúint fós, ar choinníoll nár nochtadh í d'inmhíolú nó d'éilliú ó lotnaidí arna rialú le reachtaíocht an Aontais.

I gcásanna áirithe, chun dearbhú a thabhairt go gcomhlíonann an choinsíneacht ceanglais infheidhme an Aontais, ní mór d'údaráis inniúla an tríú tír seolta gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh chun deimhniú nua físeashláintíochta onnmhairiúcháin a eisiúint.

Ní mór dearbhú breise, i gcás inarb infheidhme, a bheith i láthair agus ceart ionas gur féidir leis an údarás inniúil glacadh leis an gcoinsíneacht, de réir Airteagal 76 de Rialachán (AE) 2016/2031.

2.4.1.4. *Deimhniú leictreonach*

Le seirbhís deimhniúcháin leictreonach chóras TRACES is féidir deimhnithe agus doiciméid oifigiúla leictreonacha a tháirgeadh i gcóras TRACES agus a tharchur chuige. Éascaítear leis rialuithe oifigiúla a dhéanamh toisc go bhfuil rochtain láithreach trí chóras TRACES ag na gníomhaithe uile a bhfuil baint acu le gluaiseacht áirithe ar an deimhniú leictreonach bunaidh nó ar an CHED bunaidh. Ina theannta sin, tairgtear seirbhís deimhniúcháin leictreonaigh chóras TRACES do gach údarás inniúil trí úsáid a bhaint as chóras TRACES (AE agus neamh-AE araon) saor in aisce. Ní mór deimhnithe oifigiúla agus CHEDanna a shíniú go leictreonach, i gcás ina gceanglaítear amhlaidh le rialacha earnála, amhail i gcás eisiúint an deimhnithe oifigiúil dá dtagraítear in Airteagal 35(1) de Rialachán (AE) 2018/848, deimhniú nach mór a eisiúint i bhfoirm leictreonach i gcóras TRACES (Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2119 ón gCoimisiún ([32])).

Ní féidir ach deimhnithe oifigiúla agus CHEDanna a chomhlíonann na ceanglais maidir le deimhniú leictreonach dá bhforáiltear i Rialachán CBFRO a mheas mar dheimhnithe leictreonacha agus an ceanglas maidir le heisiúint na ndeimhnithe agus na ndoiciméad oifigiúil ábhartha i bhformáid pháipéir a tharscaoileadh.

2.4.1.5. *Ainmhithe agus earraí a thagann isteach san Aontas faoi réir rialuithe oifigiúla*

Airteagal 3 de RRO

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas: [..]

(40) ciallaíonn 'teacht isteach san Aontas' an ghníomhaíocht arb í ainmhithe agus earraí a thabhairt isteach i gceann de na críocha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo ó áit lasmuigh de na críocha sin ach amháin i ndáil leis na rialacha dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 1(2), cás ina gciallaíonn an ghníomhaíocht arb í earraí a thabhairt isteach 'i gcríoch an Aontais' mar a shainmhínítear é sa dara fomhír d'Airteagal 1(3) de Rialachán (AE) 2016/2031;

(44) ciallaíonn 'idirthuras' aistriú ó thríú tír amháin go dtí tríú tír eile faoi mhaoirseacht lucht custaim trí cheann amháin de na críocha a liostaítear in Iarscríbhinn I nó ó cheann amháin de na críocha a liostaítear in Iarscríbhinn I go críoch eile a liostaítear in Iarscríbhinn I trí chríoch tríú tír, ach amháin i ndáil leis na rialacha dá dtagraítear i bpointe (g) d'Airteagal 1(2), cás ina gciallaíonn sé ceann amháin díobh seo a leanas;

(a) gluaiseacht ó thríú tír amháin go tríú tír eile, mar a shainmhínítear é sa chéad fhomhír d'Airteagal 1(3) de Rialachán (AE) 2016/2031 dul, faoi mhaoirseacht lucht custaim, trí 'chríoch an Aontais', mar a shainmhínítear sin sa dara fomhír d'Airteagal 1(3) den Rialachán sin; nó

(b) gluaiseacht ó 'chríoch an Aontais' go cuid eile de 'chríoch an Aontais', mar a shainmhínítear sin sa dara fomhír d'Airteagal 1(3) de Rialachán (AE) 2016/2031 dul trí chríoch tríú tír mar a shainmhínítear sin sa chéad fhomhír d'Airteagal 1(3) den Rialachán sin; [..]

Le RRO leagtar síos rialacha maidir le rialuithe oifigiúla ar na coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí uile a thagann isteach san Aontas in Airteagail 43 go 77 agus déantar idirdhealú idir ainmhithe agus earraí atá nó nach bhfuil faoi réir rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann, chun comhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a fhionnadh.

([32]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2119 ón gCoimisiún an 1 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le taifid agus dearbhuithe áirithe a éilítear ar oibreoirí agus grúpaí oibreoirí agus maidir leis na modhanna teicniúla chun deimhnithe a eisiúint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1378 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann leis an deimhniú a eisiúint d'oibreoirí, do ghrúpaí oibreoirí agus d'onnmhaireoirí i dtríú tíortha (IO L 430, 2/12/2021, lch. 24).

Déantar foráil le hAirteagail 44 go 46 de RRO maidir le rialuithe oifigiúla ar ainmhithe agus earraí nach bhfuil faoi réir a gcur i láthair éigeantach ag poist rialaithe teorann. Tá feidhm acu maidir le coinsíneachtaí a meastar riosca níos ísle a bheith ag baint leo agus déanann siad foráil maidir le solúbthacht i dtaca le suíomh na rialuithe oifigiúla, rud is féidir a dhéanamh ag aon áit iomchuí ón bpointe teacht isteach san Aontas, lena n-áirítear post rialaithe teorann, chuig an gceann scríbe (Airteagal 44(3) de RRO). Déanfar na rialuithe sin ar bhonn riosca.

Chun an riosca a chinneadh, ní mór do na húdaráis inniúla breithniú a dhéanamh, *inter alia*, i gcomhréir le hAirteagal 44(2) de RRO ar stair chomhlíonta na nithe seo a leanas: bunaíocht an táirgthe nó an tionscnaimh, an t-onnmhaireoir, an t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht, an tír a onnmhairíonn chuig an Aontas, agus na ráthaíochtaí arna soláthar ag a húdaráis inniúla a mhéid a bhaineann le comhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO.

Déantar foráil le hAirteagail 47 go 64 de RRO maidir le rialuithe oifigiúla ar ainmhithe agus earraí dá dtagraítear in Airteagal 47(1) a cheanglaítear a chur i láthair ag post rialaithe teorann an chéad teacht isteach san Aontas agus a gceanglaítear orthu dul faoi rialuithe oifigiúla.

Roimh theacht fisiceach na coinsíneachta ag an bpost rialaithe teorann, ní mór don oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht réamhfhógra a thabhairt maidir lena teacht trí chuid I den CHED a líonadh isteach. Céim éigeantach í seo chun an choinsíneacht a chur i láthair le haghaidh rialuithe oifigiúla ag an bpost rialaithe teorann agus déantar foráil ina leith in Airteagal 56 de RRO, ach amháin i gcásanna sonracha amhail trasloingsiú laistigh de na teorainneacha ama a shainítear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124 ón gCoimisiún. Ní mór an fógra seo a thabhairt tráth nach déanaí ná lá oibre amháin *roimh* theacht ionchasach na coinsíneachta chuig post rialaithe teorann an chéad teacht isteach agus, má tá srianta lóistíochta ann, tráth nach déanaí ná 4 uair an chloig roimh an teacht ionchasach, i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1013 ón gCoimisiún ([33]).

Sa bhreis ar na ceanglais seo, i gcás gach catagóire de tháirgí orgánacha agus de tháirgí atá á dtiontú, ní mór réamhfhógra a thabhairt de bhun Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2307 ón gCoimisiún ([34]) trí chóras TRACES laistigh de na teorainneacha ama céanna dá bhforáiltear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1013. Úsáidtear Bosca 20 den DC chun na críche seo.

De réir Airteagal 5 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2306, ní mór don chomhlacht rialaithe nó don údarás rialaithe doiciméid tráchtála agus iompair na coinsíneachta a uaslódáil i gcóras TRACES agus an DC ábhartha á eisiúint aige. I gcás ina gcumhdaítear an choinsíneacht le CHED freisin, moltar go mbeadh na doiciméid tráchtála agus iompair chéanna i gceangal leis, chun an comhar idir na húdaráis inniúla a éascú le linn na seiceálacha comhthreomhara.

Faoi chumhachtuithe Airteagal 47(2) de RRO, bunaíonn an Coimisiún na liostaí de chuid de na hainmhithe agus na hearraí atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann, a shainaithnítear leis na cóid Ainmníochta Comhcheangailte (AC) chomhfhreagracha.

Go háirithe, liostaítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/632 ón gCoimisiún ([35]) na hainmhithe, na táirgí de bhunadh ainmhíoch, na táirgí geirmeacha, na seachtháirgí ainmhithe agus na táirgí díorthaithe, na táirgí ilchodacha, mar aon le féar tirim agus tuí, atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann. Ainmhithe agus táirgí nach n-áirítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme, *eisiatar* iad, trí réamhshocrú, ó na rialuithe oifigiúla dá bhforáiltear in Airteagal 47(1) de RRO. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 ón gCoimisiún ([36]) díolmhaítear ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann táirgí ilchodacha fadré áirithe lena mbaineann riosca íseal don tsláinte phoiblí agus do shláinte ainmhithe agus leagtar síos rialacha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar na táirgí sin.

([33]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1013 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2019 maidir le réamhfhógra faoi choinsíneachtaí de chatagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a thagann isteach san Aontas (IO L 165, 21.6.2019, lch. 8).

([34]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2307 ón gCoimisiún an 21 Deireadh Fómhair 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le doiciméid agus fógraí a cheanglaítear le haghaidh táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú a bheartaítear a allmhairiú isteach san Aontas (IO L 461, 27.12.2021, lch. 30).

([35]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/632 ón gCoimisiún an 13 Aibreán 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liostaí na n-ainmhithe, na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch, na dtáirgí geirmeacha, na seachtháirgí ainmhithe agus na dtáirgí díorthaithe, na dtáirgí ilchodacha, mar aon le féar tirim agus tuí atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2007 agus Cinneadh 2007/275/CE ón gCoimisiún (IO L 132, 19.4.2021, lch. 24).

([36]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/630 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le catagóirí earraí áirithe atá díolmhaithe ó rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann agus lena leasaítear Cinneadh 2007/275/CE ón gCoimisiún (IO L 132, 19.4.2021, lch. 17).

Ina theannta sin, liostaítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 ón gCoimisiún ([37]) bia agus beatha áirithe nach de bhunadh ainmhíoch iad ó thríú tíortha áirithe atá faoi réir méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla chomh maith le bearta éigeandála (coinníollacha speisialta maidir le teacht isteach agus fionraíocht teacht isteach san Aontas) lena rialaítear teacht isteach bia agus beatha den sórt sin san Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 47(1)(d) agus (e) de RRO.

I réimse na sláinte plandaí, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ([38]), bunaítear in Iarscríbhinní XI agus XII a ghabhann leis na liostaí plandaí, táirgí plandaí agus réad eile de bhun Airteagail 72(1) agus 74(1) de Rialachán (AE) 2016/2031, atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann an chéad teacht isteach san Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 47(1)(c) de RRO.

Tá údaráis inniúla freagrach as measúnú a dhéanamh ar chéannacht ainmhithe agus earraí agus as cinneadh a dhéanamh an gcomhfhreagraíonn siad do na tuairiscí dá bhforáiltear sna Rialacháin thuas agus, dá bhrí sin, an dtagann siad faoina raon feidhme nó nach dtagann.

2.4.1.6. *Seiceálacha a dhéanamh*

Airteagal 3 de RRO

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas: [..]

(41) *ciallaíonn 'seiceáil dhoiciméadach' scrúdú a dhéanamh ar na deimhnithe oifigiúla, ar na fianuithe oifigiúla agus ar na doiciméid eile, lena n-áirítear doiciméid de chineál tráchtála, a cheanglaítear a bheith ag gabháil leis an gcoinsíneacht amhail dá bhforáiltear sna rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) agus in Airteagal 56(1), nó i ngníomhartha cur chun feidhme arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagail 77(3), 126(3), 128(1) agus 129(1);*

(42) *ciallaíonn 'seiceáil céannachta' amharc-chigireacht lena fhíorú go bhfuil inneachar agus lipéadú coinsíneachta, lena n-áirítear marcanna ar ainmhithe, séalaí agus modhanna iompair, ag freagairt don fhaisnéis atá sna deimhnithe oifigiúla, sna fianuithe oifigiúla agus i ndoiciméid eile a ghabhann léi;*

(43) ciallaíonn 'seiceáil fhisiceach' seiceáil ar ainmhithe nó ar earraí agus, de réir mar is iomchuí, seiceálacha ar phacáistíocht, ar mhodhanna iompair, ar lipéadú agus ar theocht, ar an sampla le haghaidh anailíse, tástála nó diagnóisithe agus seiceáil ar bith eile is gá chun comhlíonadh na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a fhíorú; [..]

De réir Airteagal 15(1) agus (3) de RRO, ní mór rochtain a thabhairt d'fhoireann na n-údarás inniúil ar threalamh, ar mhodhanna iompair, ar na háitribh, ar chórais bainistíochta faisnéise, ar na hainmhithe agus na hearraí atá faoina rialú agus ar na doiciméid, a mhéid is gá sin chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar choinsíneachtaí. Ní mór do na hoibreoirí atá freagrach as na coinsíneachtaí an fhaisnéis go léir atá i bhfoirm páipéir nó leictreonach a bhaineann leis an gcoinsíneacht a chur ar fáil.

Tá trí chineál éagsúla seiceálacha ann ar ainmhithe agus earraí dá dtagraítear in Airteagal 47(1) de RRO nó a thagann faoi Airteagal 44 de RRO agus ní mór iad a dhéanamh san ord caighdeánach seo: seiceálacha doiciméadacha, seiceálacha céannachta, seiceálacha fisiceacha. Ní mór iad a dhéanamh ar mhinicíochtaí éagsúla, ón minicíocht is airde le haghaidh seiceálacha doiciméadacha go minicíocht laghdaithe le haghaidh seiceálacha céannachta agus minicíocht chomhionann nó níos ísle le haghaidh seiceálacha fisiceacha.

([37]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2019 maidir le maidir le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla agus ar bhearta éigeandála lena rialaítear earraí áirithe ó thríú tíortha áirithe a theacht isteach san Aontas lena gcuirtear chun feidhme Rialacháin (AE) 2017/625 agus (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 669/2009, (AE) Uimh. 884/2014, (AE) 2015/175, (AE) 2017/186 agus (AE) 2018/1660 ón gCoimisiún (IO L 277, 29.10.2019, lch. 89).

([38]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosanta in aghaidh lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1).

Maidir leis na hainmhithe agus na hearraí dá dtagraítear in Airteagal 47(1) de RRO, ní mór don údarás inniúil atá freagrach as an bpost rialaithe teorann seiceálacha doiciméadacha a dhéanamh ar na coinsíneachtaí uile (Airteagal 54(1) de RRO). Maidir leo siúd a thagann faoi raon feidhme Airteagal 44 de RRO, déanfar rialuithe oifigiúla ag áit iomchuí (mar a shainmhínítear in Airteagal 44(3)). I gcomhréir leis an riail ghinearálta a leagtar síos in Airteagal 9(5) de RRO, ní mór an t-ualach riaracháin agus an cur isteach oibríochtúil le haghaidh oibreoirí a choimeád chomh híseal is féidir. Dá bhrí sin, ba cheart an cur isteach oibríochtúil a éiríonn as sin a chur san áireamh maidir le rogha na háite ina ndéanfar rialuithe oifigiúla ar earraí a thagann faoi Airteagal 44 de RRO, chun feidhmiú rianúil na trádála a áirithiú. Déantar seiceálacha doiciméadacha ar bhonn measúnú riosca agus le minicíocht iomchuí (Airteagail 44(1) agus 45(1) de RRO).

Coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí dá dtagraítear in Airteagal 47(1) de RRO atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag an bpost rialaithe teorann, ní mór na deimhnithe nó na doiciméid bhunaidh nó a gcoibhéisí leictreonacha a cheanglaítear leis na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) a bheith ag gabháil leo. De bhun Airteagal 50 de RRO, *ní mór* d'údaráis inniúla na bpost rialaithe teorann na deimhnithe nó na doiciméid seo a choinneáil agus ní mór dóibh cóipeanna fíordheimhnithe nó leictreonacha a sholáthar do na hoibreoirí, mura bhforáiltear a mhalairt leis na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2). Faoi Airteagail 11, 13 agus 15 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124 maidir le hainmhithe atá ag fanacht ar an modh iompair céanna le haghaidh taisteal ar aghaidh agus coinsíneachtaí trasloingsithe, ní mór na deimhnithe a ghabhann leo fanacht leis na coinsíneachtaí don chuid eile den turas.

Féadfar seiceálacha doiciméadacha ar phlandaí, táirgí plandaí agus réada eile áirithe a dhéanamh i gcéin ón bpost rialaithe teorann, de réir Airteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 ón gCoimisiún ([39]).

San áireamh i seiceálacha doiciméadacha tá:

— cigireacht ar dheimhnithe oifigiúla, ar fhianuithe oifigiúla agus ar dhoiciméid eile a ghabhann leis na coinsíneachtaí nó a gcoibhéisí leictreonacha a chuirtear isteach i gcóras TRACES agus

— fíorú a dhéanamh go gcomhlíonann na doiciméid sin na ceanglais dhlíthiúla ábhartha agus go gcomhlíonann an fhaisnéis a sholáthraíonn siad na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO.

Le haghaidh ainmhithe agus earraí dá dtagraítear in Airteagal 47(1) de RRO, ní mór do na húdaráis inniúla scrúdú a dhéanamh ar na deimhnithe, na fianuithe agus na doiciméid eile a cheanglaítear a bheith ag gabháil leis an gcoinsíneacht agus seiceáil dhoiciméadach á déanamh acu. Ní mór dóibh a fhíorú, i gcomhréir le forálacha Airteagal 56 de RRO, gur chuir an t-oibreoir cuid I den CHED isteach, arna chomhlánú go cuí cruinn, in CBFRO (córas TRACES) *roimh* theacht na coinsíneachta chuig an bpost rialaithe teorann agus go gcomhfhreagraíonn an fhaisnéis atá inti don fhaisnéis a áirítear sna deimhnithe oifigiúla, sna fianuithe oifigiúla agus i ndoiciméid eile. Baineann seiceálacha doiciméadacha freisin leis an bhfaisnéis maidir le húsáid ainmhithe agus earraí agus a gceann scríbe.

Tar éis seiceálacha doiciméadacha, ní mór do na húdaráis inniúla seiceálacha céannachta a dhéanamh ar choinsíneachtaí a chuirtear i láthair ag áit na rialuithe oifigiúla, ag minicíocht áirithe, mar a cheanglaítear le dlí an Aontais amhail Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2129 ón gCoimisiún ([40]), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2389 ón gCoimisiún ([41]). Áirítear go háirithe leis na seiceálacha sin, a shainmhínítear i bpointe 42 d'Airteagal 3 de RRO, fíorú ar líon agus ar shaintréithe na n-ainmhithe, ar ábhar agus cainníocht na n-earraí atá ag teacht isteach san Aontas agus, i gcás inarb infheidhme, ar stampaí, marcanna aitheantais, cóid, séalaí agus modhanna iompair, i ndáil leis an bhfaisnéis faoi seach atá sna deimhnithe oifigiúla, sna fianuithe oifigiúla agus sna ndoiciméid eile.

([39]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir leis na cásanna ina bhféadfar seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha ar tháirgí áirithe a dhéanamh ag pointí rialaithe agus na cásanna ina bhféadfar seiceálacha doiciméadacha a dhéanamh i gcéin ó phoist rialaithe teorann, agus na coinníollacha faoina bhféadfar na seiceálacha sin a dhéanamh (IO L 321, 12.12.2019, lch. 64).

([40]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2129 ón gCoimisiún an 25 Samhain 2019 lena mbunaítear rialacha maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach rátaí minicíochta le haghaidh seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha ar choinsíneachtaí áirithe ainmhithe agus earraí a thagann isteach san Aontas (IO L 321, 12.12.2019, lch. 122).

([41]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2389 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2022 lena mbunaítear rialacha maidir le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach rátaí minicíochta le haghaidh seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha ar choinsíneachtaí plandaí, táirgí plandaí agus réad eile a thagann isteach san Aontas (IO L 316, 8.12.2022, lch. 42).

Le haghaidh coinsíneachtaí de tháirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch, táirgí geirmeacha, seachtháirgí ainmhithe, táirgí díorthaithe, féar tirim agus tuí agus táirgí ilchodacha, féadfar seiceálacha céannachta a theorannú do shainaithint an mhodha iompair agus do seiceálacha séalaí nuair a chomhlíontar coinníollacha áirithe, mar a leagtar síos in Airteagal 3(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2130 ón gCoimisiún ([42]).

Ar deireadh, ní mór seiceálacha fisiceacha a dhéanamh ar mhinicíocht áirithe mar a cheanglaítear le dlí an Aontais (amhail na Rialacháin thuasluaite lena mbunaítear minicíochtaí le haghaidh seiceálacha céannachta), chun a fhíorú go gcomhlíonann ainmhithe agus earraí na rialacha is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO agus na ceanglais shonracha a shainítear sna deimhnithe oifigiúla, sna fianuithe oifigiúla agus sna doiciméid eile (Airteagal 4(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2130 ón gCoimisiún).

Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2130 leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir leis na hoibríochtaí atá le déanamh le linn agus tar éis seiceálacha doiciméadacha, seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha ar ainmhithe agus ar earraí atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann.

Déantar foráil in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2021/2306 maidir le rialacha mionsonraithe le haghaidh rialuithe oifigiúla ar tháirgí orgánacha agus ar tháirgí atá á dtiontú.

2.4.1.7. *Úsáid an CHED*


I gcomhréir le hAirteagal 56(1) agus (4) de RRO, le haghaidh gach coinsíneachta earraí dá dtagraítear in Airteagal 47(1) de RRO, ní mór don oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht Cuid I den CHED a líonadh isteach agus a chur isteach chun an fhaisnéis a cheanglaítear a sholáthar do na húdaráis inniúla ag an bpost rialaithe teorann maidir le sainaithint agus ceann scríbe na coinsíneachta sin.

Ní mór do na húdaráis inniúla ag an bpost rialaithe teorann taifead a dhéanamh sa CHED ar thoradh na rialuithe oifigiúla a rinne siad agus ar an gcinneadh a rinneadh ar an gcoinsíneacht (Airteagal 56(3) de RRO).

Ar deireadh, ní mór do na húdaráis chustaim an CHED críochnaithe a úsáid chun an nós imeachta custaim iomchuí a roghnú agus chun an choinsíneacht ag a bhfuil CHED bailíochtaithe a scaoileadh i saorchúrsaíocht i gcomhréir le hAirteagal 57 de RRO.

Fíor 6

Críochnú agus úsáid CHED de réir Airteagail 56 agus 57 de RRO



([42]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2130 ón gCoimisiún an 25 Samhain 2019 lena mbunaítear rialacha mionsonraithe maidir leis na hoibríochtaí atá le déanamh le linn agus tar éis seiceálacha doiciméadacha, seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha ar ainmhithe agus ar earraí atá faoi réir rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann (IO L 321, 12.12.2019, lch. 128).

Is réamhriachtanas é an CHED a thabhairt chun críche le haghaidh roinnt fhéideartha coinsíneachta de réir Airteagal 50(3) de RRO. Ní mór an chóip fhíordheimhnithe pháipéir nó leictreonach de dheimhnithe nó doiciméid oifigiúla na coinsíneachta bunaidh a eisiúint le haghaidh an oibreora fhreagraigh de réir Airteagal 50(2) de RRO.

Ní mór CHED críochnaithe i bhfoirm páipéir nó leictreonach a bheith ag gabháil leis an gcoinsíneacht chuig an gceann scríbe agus go dtí go scaoilfear i saorchúrsaíocht í, de réir Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1602 ón gCoimisiún ([43]) nó go dtí go bhfágann sí an tAontas. De réir Airteagal 57(2) de RRO, ní fhéadfaidh údaráis chustaim údarú a thabhairt an choinsíneacht a chur faoi nós imeachta custaim ach amháin i gcás ina mbeidh an nós imeachta sin comhoiriúnach le cinneadh an phoist rialaithe teorann a luaitear sa CHED.

Le gach cinneadh ón bpost rialaithe teorann, cuirtear roghanna éagsúla ar fáil don oibreoir i ndáil leis an dearbhú custaim agus le láimhseáil na coinsíneachta. Mar shampla, más é cinneadh an phoist rialaithe teorann maidir le coinsíneacht go scaoilfear i saorchúrsaíocht í, féadfaidh an t-oibreoir a roghnú fós go rachaidh an choinsíneacht faoi na nósanna imeachta custaim idirthurais nó athonnmhairithe. Más é cinneadh an phoist rialaithe teorann maidir leis an gcoinsíneacht, áfach, gur le haghaidh idirthurais í, ní fhéadfaidh an t-oibreoir scaoileadh custaim i saorchúrsaíocht a iarraidh.

2.4.1.8. *Athrú cuspóra agus cóireáil speisialta coinsíneachtaí*

I gcásanna ina n-athraítear úsáid bheartaithe na coinsíneachta, tar éis í a dhiúltú ag an bpost rialaithe teorann ach fad atá sí fós faoi rialú údarás an phoist rialaithe teorann, ní mór CHED athsholáthair a eisiúint agus a nascadh leis an CHED tosaigh.

Os a choinne sin, i gcás ina ndiúltaítear don choinsíneacht agus ina dtreoraítear í ina dhiaidh sin le haghaidh cóireáil speisialta, ní iomchuí CHED athsholáthair.

Ina ionad sin, ní mór don údarás inniúil a dhéanann maoirseacht ar an gcóireáil speisialta cinneadh a dhéanamh maidir le comhlíonadh rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta i ndáil leis an gcoinsíneacht féin. Bunaithe ar an gcinneadh *doiciméadaithe* sin, déanfaidh na húdaráis chustaim cinneadh maidir leis an gcoinsíneacht a scaoileadh i saorchúrsaíocht agus déanfar an bainistiú cainníochta lasmuigh de chóras CSW-CERTEX AE.

2.4.1.9. *CHED-PP nasctha le deimhniú físeashláintíochta*

Tá de thoradh ar an sainmhíniú ar an bhfocal '*coinsíneacht*' in Airteagal 3(37) de RRO, i gcás earraí atá faoi réir rialacha sláinte plandaí dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(g) de RRO, nach gá go mbeadh na hearraí sa choinsíneacht den chineál, den aicme ná den tuairisc *chéanna*. De réir na forála sin, ciallaíonn coinsíneacht cainníocht earraí *'(…) arna gcumhdach ag an deimhniú oifigiúil céanna'* i measc nithe eile.

Léirítear le léamh comhcheangailte Airteagal 56 de RRO agus Airteagal 3(37) de RRO nach féidir CHED-PP, mar a shainmhínítear in Airteagal 40 de Rialachán CBFRO, a eisiúint ach amháin i ndáil le cainníocht plandaí, táirgí plandaí nó réad eile a chumhdaítear leis an deimhniú físeashláintíochta *céanna*.

Dá réir sin, cé gur féidir le deimhniú físeashláintíochta táirgí de chineál, d'aicme agus de thuairisc éagsúil a chumhdach, ní féidir CHED-PP a nascadh *ach* le deimhniú físeashláintíochta *amháin* le haghaidh onnmhairithe nó le deimhniú físeashláintíochta amháin le haghaidh athonnmhairithe. I gcás ina bhfuil CHED-PP nasctha le deimhniú físeashláintíochta le haghaidh athonnmhairithe, féadfar deimhniú físeashláintíochta amháin nó níos mó le haghaidh onnmhairithe a cheangal leis an deimhniú físeashláintíochta le haghaidh athonnmhairithe.

2.4.2. ***Teacht isteach neamhdhleathach coinsíneachtaí san Aontas***

I gcomhréir le hAirteagal 66(6) de RRO, maidir le coinsíneacht ainmhithe agus earraí dá dtagraítear in Airteagal 47(1) de RRO nach mór rialuithe oifigiúla a dhéanamh uirthi ag an bpost rialaithe teorann, i gcás nach gcuirtear i láthair í ag an bpost rialaithe teorann nó nach gcuirtear i láthair í i gcomhréir leis na rialacha dá dtagraítear san airteagal céanna, *ní mór* do na húdaráis inniúla a ordú go gcoinneofar nó go n-aisghairfear an choinsíneacht agus go gcuirfear faoi choimeád oifigiúil í.

Ag céim an dearbhaithe custaim, *ní mór* CHED a tugadh chun críche le haghaidh na gcoinsíneachtaí sin a thíolacadh do na húdaráis chustaim. De bhun Airteagal 57(3) de RRO, mura gcuirtear CHED i láthair i gcás ina ndéantar dearbhú custaim, ní mór do na húdaráis chustaim an choinsíneacht a choinneáil agus fógra a thabhairt láithreach do na húdaráis inniúla ag an bpost rialaithe teorann.

([43]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1602 ón gCoimisiún an 23 Aibreán 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an Doiciméad Coiteann um Shláinte ar Theacht Isteach san Aontas a ghabhann le coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí chuig a gceann scríbe (IO L 250, 30/09/2019, lch. 6).

2.4.2.1. *Fógra*

I gcás nach ionann Ballstát theacht isteach na coinsíneachta san Aontas agus Ballstát an dearbhaithe custaim, beidh feidhm ag Airteagail 14 agus 15 de Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle ([44]) maidir le cúnamh spontáineach (gan réamhiarraidh) idir údaráis inniúla na mBallstát.

In RRO, maidir le hainmhithe agus earraí dá dtagraítear in Airteagal 47(1), leagtar síos in Airteagal 57(3) an oibleagáid fógra a thabhairt láithreach do na húdaráis inniúla ag an bpost rialaithe teorann. Braitheann an fógra sin, áfach, ar cé acu atá nó nach bhfuil post rialaithe teorann ann ag an bpointe teacht isteach san Aontas.

I gcás ina bhfuil post rialaithe teorann ag an bpointe teacht isteach san Aontas

Ní mór d'údaráis chustaim an Bhallstáit ina ndéantar an dearbhú fógra a thabhairt dóibh seo a leanas:

— na údaráis inniúla ag post rialaithe teorann an phointe teacht isteach san Aontas, chun críche imscrúduithe féideartha nó gníomhaíochtaí breise. I gcás ina bhfuil baint ag roinnt údarás inniúil le rialuithe oifigiúla a dhéanamh ag an bpost rialaithe teorann ar an gcoinsíneacht chéanna (mar shampla, má tá CHED-PP agus CHED-D araon le bheith ag gabháil leis an gcoinsíneacht agus murab ionann na húdaráis atá freagrach as seiceálacha a thaifeadtar sna doiciméid sin a dhéanamh) ní mór *gach ceann* acu a chur ar an eolas;

— údaráis chustaim an Bhallstáit teacht isteach gur tharla trádáil neamhdhleathach freisin de shárú ar Airteagal 57(1) de RRO, bunaithe ar a n-oibleagáid comhoibriú go dlúth le húdaráis eile dá bhforáiltear in Airteagal 75(1) de RRO agus i gcomhthéacs na bainistíochta riosca dá dtagraítear in Airteagal 46 de Rialachán (AE) 952/2013 ([45]).

I gcás nach bhfuil post rialaithe teorann ag an bpointe teacht isteach san Aontas

Bunaithe ar a n-oibleagáidí maidir le comhar faoi Airteagail 57(3) agus 75(1) de RRO chomh maith le hAirteagail 46 agus 47(2) de Rialachán (AE) 952/2013, ní mór d'údaráis chustaim an Bhallstáit ina ndéantar an dearbhú, nó d'údaráis inniúla an Bhallstáit sin, fógra a thabhairt dóibh seo a leanas:

— an t-údarás inniúil lárnach atá freagrach as rialuithe oifigiúla phost rialaithe teorann an Bhallstáit teacht isteach;

— údaráis chustaim an Bhallstáit teacht isteach gur tharla trádáil neamhdhleathach freisin de shárú ar Airteagal 57(1) de RRO.

Chun críocha an fhógra seo, féadfaidh na Ballstáit nósanna imeachta a bhunú chun a áirithiú:

1. go mbeidh cumarsáid láithreach idir na húdaráis chustaim agus údaráis inniúla an Bhallstáit ina ndéantar an dearbhú;

2. go gcuirfidh údaráis inniúla an Bhallstáit ina ndéantar an dearbhú an fhaisnéis in iúl láithreach do na húdaráis inniúla ag an bpost rialaithe teorann agus/nó don údarás inniúil lárnach le haghaidh sheiceálacha phost rialaithe teorann an Bhallstáit teacht isteach.

2.4.2.2. *Bearta*

Luaitear in Airteagal 57(3) de RRO nach mór do na húdaráis inniúla na bearta is gá a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 66(6) de RRO, gan aon sonraíocht bhreise. Dá bhrí sin, is faoi na Ballstáit atá sé a chinneadh cé na húdaráis inniúla (mar a shainmhínítear in Airteagal 3(3) de RRO) atá freagrach as na bearta sin. Ag brath ar an gcás sonrach, d'fhéadfadh sé gurb é an t-údarás inniúil ag an bpost rialaithe teorann atá i gceist, nó an t-údarás inniúil áitiúil ina bhfuil an oifig custaim lonnaithe agus ina gcoinnítear an choinsíneacht, nó an t-údarás inniúil lárnach atá freagrach as rialuithe oifigiúla an phoist rialaithe teorann.

Luaitear san airteagal céanna freisin nach mór do na húdaráis chustaim fógra a thabhairt láithreach do na húdaráis inniúla ag an bpost rialaithe teorann. Nuair nach bhfuil aon phost rialaithe teorann ainmnithe ag an bpointe toimhdithe teacht isteach san Aontas, tuigtear go pragmatach gur cheart do na húdaráis chustaim fógra a thabhairt d'údaráis inniúla a mBallstát.

([44]) Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle an 13 Márta 1997 maidir le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfear an dlí ar ábhair chustaim agus ar ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm i gceart (IO L 82, 22.3.1997, lch. 1).

([45]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (athmhúnlú) (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

Braitheann na bearta atá le déanamh ar an gcoinsíneacht ar a suíomh tráth an bhraite:

— má tá an choinsíneacht *fós ag an bpointe teacht isteach*, ba cheart do na húdaráis chustaim í a atreorú chuig an bpost rialaithe teorann, áit, mar a cheanglaítear le hAirteagal 65(2) de RRO, a ndéanfaidh na húdaráis inniúla na rialuithe oifigiúla i gcomhréir le hAirteagal 47(1).

  Más rud é, de réir thorthaí na rialuithe oifigiúla, nach gcomhlíonann an choinsíneacht na rialacha substainteacha, diúltóidh na húdaráis inniúla a cead isteach san Aontas i gcomhréir le hAirteagal 66(1) agus déanfaidh siad na bearta comhfhreagracha chun Airteagal 66(3) a chur i bhfeidhm

— má tá an choinsíneacht imithe ón *bpointe teacht isteach* agus óna limistéar custaim cheana féin, ba cheart í a chur faoi réir rialuithe oifigiúla ag an údarás inniúil áitiúil, le coinneáil, aistarraingt agus cur faoi choimeád dá bhforáiltear in Airteagal 66(6), chun an cinneadh a dhéanamh maidir leis na bearta féideartha dá dtagraítear in Airteagal 66(3). Níor cheart don choinsíneacht filleadh ar an bpost rialaithe teorann.

Ar deireadh, ba cheart na bearta a chur in iúl d'údaráis inniúla an Bhallstáit teacht isteach i gcás nach ionann é sin agus an Ballstát ina bhfuil an choinsíneacht faoi choimeád.

2.4.2.3. *Cóid AC mhíchearta*

De réir Airteagal 56 de RRO agus Airteagal 40 agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán CBFRO, ní mór don oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht an fhaisnéis maidir leis na hainmhithe agus na hearraí i gcuid I den CHED a sholáthar trí na cóid ón Ainmníocht Chomhcheangailte ('cóid AC') a léiriú (i measc nithe eile), go sonrach i mbosca I.31 den CHED. Ina theannta sin, ní mór na cóid AC a luaitear in CHED a bheith i gcomhréir leis na cóid AC a luaitear sna dearbhuithe custaim, ionas gur féidir leis na seirbhísí custaim na fíoruithe is gá a dhéanamh dá bhforáiltear in Airteagal 57 den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla.

I gcás ina bhfuil na cóid AC arna sonrú ag an oibreoir sa CHED mícheart, tá iarmhairtí praiticiúla ann i bhfeidhmiú rialuithe oifigiúla ag an bpost rialaithe teorann. I gcásanna den sórt sin, ba cheart feidhm a bheith ag na prionsabail seo a leanas:

— cé acu atá nó nach bhfuil rún ann, is é an t-oibreoir a bheidh freagrach i gcónaí as cóid AC mhíchearta a léiriú sa CHED.

— is iad na húdaráis chustaim *amháin* atá inniúil chun a mheasúnú an bhfuil an cód AC a léirítear ceart. Dá bhrí sin, ba cheart do na poist rialaithe teorann dul i gcomhairle leis na húdaráis chustaim chun a chinneadh an bhfuil an cód AC ceart.

— i gcás ina léiríonn an t-oibreoir cód AC mícheart as a n-eascraíonn eisiamh na coinsíneachta ó rialuithe oifigiúla ag an bpost rialaithe teorann, ní féidir leis an bpost rialaithe teorann a bheith ar an eolas faoin gcoinsíneacht atá ann cheana. Dá bhrí sin, is é ról na n-údarás custaim na cóid AC mhíchearta sna dearbhuithe custaim a bhrath. Sa chás sin, braitheann na bearta atá le déanamh maidir leis an gcoinsíneacht ar an suíomh tráth an bhraite i gcomhréir leis na bearta a dhéantar i gcásanna ina dtagann coinsíneachtaí isteach san Aontas go neamhdhleathach, mar a mhínítear sa roinn roimhe seo.

— i gcás ina ndearbhaíonn an t-oibreoir cód AC mícheart arb é an toradh atá air go gcuirtear an choinsíneacht i láthair ag an bpost rialaithe teorann, braitheann na bearta atá le déanamh ar cé acu a bhraitheann nó nach mbraitheann an post rialaithe teorann na cóid AC mhíchearta:

  — má bhraitheann an post rialaithe teorann na cóid AC mhíchearta, ba cheart dul i gcomhairle leis an oibreoir mar chéad chéim, chun cás dearbhaithe earráidigh a eisiamh. Mura bhfuil aon chomhthoil ann nó má tá amhras ann fós faoi chruinneas na gcód AC, ba cheart dul i gcomhairle leis na húdaráis chustaim chun deimhniú oifigiúil a fháil. Sa chás seo, is féidir leis an oibreoir cuid I den CHED a cheartú fós.

  — mura mbraitheann an post rialaithe teorann na cóid AC mhíchearta, agus má bhraitheann na húdaráis chustaim an botún ag céim níos déanaí, ba cheart an post rialaithe teorann a chur ar an eolas chun an CHED bailíochtaithe a ionadú agus a chealú. I gcásanna áirithe, ba cheart don phost rialaithe teorann athmhachnamh a dhéanamh freisin ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh ceanglais allmhairiúcháin de agus an cinneadh críochnaitheach a mhodhnú de réir mar is gá.

2.4.3. ***Coinsíneachtaí neamhchomhlíontacha a láimhseáil***

2.4.3.1. *Neamhchomhlíonadh arna bhrath roimh scaoileadh i saorchúrsaíocht*

I gcás ina bhfuil amhras ann nach gcomhlíonann coinsíneacht ainmhithe nó earraí dá dtagraítear in Airteagail 44(1) nó 47(1) de RRO na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO, *ní mór* an choinsíneacht sin a chur faoi choimeád agus a chur faoi réir rialuithe oifigiúla chun an t-amhras sin faoi neamhchomhlíonadh a dheimhniú nó a dhíothú, de réir Airteagal 65(1) agus (3) de RRO.

Ar neamhchomhlíonadh a dheimhniú, ní mór do na húdaráis inniúla diúltú don choinsíneacht a theacht isteach san Aontas (Airteagal 66(1) de RRO) agus na bearta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagail 66, 67 agus 72 de RRO toisc nár scaoileadh na coinsíneachtaí i saorchúrsaíocht go fóill.

Ar an gcaoi chéanna, i gcás ina gcruthaítear, maidir le coinsíneachtaí na gcatagóirí earraí dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 1(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124, arna gcur i láthair ag an gceann scríbe deiridh tar éis údarú a fháil le haghaidh iompar ar aghaidh, iad a bheith neamhchomhlíontach bunaithe ar thorthaí saotharlainne, ní mór d'údaráis inniúla an phoist rialaithe teorann na bearta ina dhiaidh sin dá bhforáiltear le hAirteagal 66(3) go (6) de RRO a dhéanamh i gcomhar le húdaráis inniúla an chinn scríbe deiridh, de réir Airteagail 7 agus 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2124. Is é córas TRACES an córas a úsáidtear chun fógraí Airteagal 66(5) de RRO a fheidhmiú.

Chun bearta oiriúnacha a fhorchur, ba cheart do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar dtús, ar bhonn cás ar chás, ar cé acu atá nó nach bhfuil riosca ag baint leis na coinsíneachtaí, agus an sainmhíniú ar riosca in Airteagal 3(24) de RRO á chur san áireamh.

Airteagal 3 de RRO Sainmhínithe Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas: [..] (24) *ciallaíonn 'riosca' feidhm den dóchúlacht go n-imreofar tionchar díobhálach ar shláinte an duine, ar leas ainmhithe nó ar an gcomhshaol agus de dhéine an tionchair sin, toisc guais a bheith ann; [..]*

I gcás ina mbaineann riosca leis an gcoinsíneacht neamhchomhlíontach, tá feidhm ag Airteagal 67 de RRO, agus is iad scrios nó cóireáil speisialta an dá bheart fhéideartha atá le déanamh.

I gcásanna eile, de réir na chéad fhomhíre d'Airteagal 66(3) de RRO, agus tuairimí an oibreora á gcur san áireamh, tá an fhéidearthacht ag na húdaráis inniúla bearta malartacha a ordú, lena n-áirítear athsheoladh chuig tríú tír, faoi choinníollacha Airteagal 72 de RRO, nó leithdháileadh na coinsíneachta chun críoch seachas na críocha sin dá raibh sí beartaithe ar dtús.

I gcásanna áirithe neamhchomhlíonta, féadfaidh an t-údarás inniúil a mheas ar bhonn cás ar chás gur féidir coinsíneacht a athsheoladh chuig tríú tír faoi choinníollacha Airteagal 72 de RRO, i gcás nach dócha go dtiocfaidh éifeacht dhíobhálach chun cinn ar an tsláinte ná ar an gcomhshaol. Tá liosta neamh-uileghabhálach de chásanna den sórt sin sna samplaí seo a leanas de neamhchomhlíonadh:

(a) torthaí míshásúla na gcritéar sábháilteachta bia a leagtar síos i Rialachán (CE) 2073/2005 ón gCoimisiún ([46]);

(b) neamhchomhlíonadh na gcaighdeán micribhitheolaíoch a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún ([47]) maidir le beatha a bhfuil seachtháirgí ainmhithe iontu nó atá comhdhéanta díobh, atá faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009;

([46]) Rialachán (CE) Uimh. 2073/2005 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2005 maidir le critéir mhicribhitheolaíocha le haghaidh earraí bia (IO L 338, 22.12.2005, lch. 1).

([47]) Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha sláinte maidir le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha mar bhia don duine agus lena gcuirtear chun feidhme Treoir 97/78/CE ón gComhairle maidir le samplaí agus ítimí atá díolmhaithe ó sheiceálacha tréidliachta ag an teorainn faoin treoir sin (IO L 54, 26.2.2011, lch. 1).

(c) láithreacht éilleáin i mbia nó láithreacht substainte neamh-inmhianaithe i mbeatha os cionn teorainn dhlíthiúil is infheidhme san Aontas;

(d) láithreacht lotnaide, a shainmhínítear san Aontas mar lotnaid choraintín de chuid an Aontais, lotnaid choraintín na gcriosanna cosanta nó lotnaid atá faoi réir bhearta Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2016/2031 san Aontas;

(e) láithreacht orgánaigh ghéinmhodhnaithe nach bhfuil údaraithe san Aontas;

(f) láithreacht lotnaidicíde i mbia nó i mbeatha os cionn an leibhéal a leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 396/2005 ([48]) agus ar sainaithníodh riosca do shláinte tomhaltóirí ina leith i gcomhréir leis an Rialachán seo;

(g) láithreacht breiseáin bia nach bhfuil údaraithe le haghaidh aon bhia san Aontas i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ([49]);

Le hAirteagal 72 de RRO leagtar síos ceanglais áirithe don oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht, chun an t-athsheoladh chuig tríú tír a cheadú. Go sonrach, ní mór don oibreoir an méid seo a leanas a dhéanamh:

i. an ceann scríbe a chomhaontú le húdaráis inniúla an Bhallstáit (is é sin an t-aon choinníoll amháin chun plandaí, táirgí plandaí agus réada eile dá dtagraítear in Airteagal 47(1)(c) de RRO a athsheoladh);

ii. údarás inniúil an Bhallstáit a chur ar an eolas *i scríbhinn* gur chuir sé an tríú tír tionscnaimh nó an tríú tír is ceann scríbe ar an eolas faoi chúiseanna an diúltaithe teacht isteach san Aontas don choinsíneacht;

iii. toiliú údaráis inniúla na tíre is ceann scríbe a fháil go bhfuil siad sásta glacadh leis an gcoinsíneacht i gcás nach í an tír sin an tír thionscnaimh. Ní mór d'údaráis an tríú tír an toiliú sin a chur in iúl d'údaráis an Bhallstáit, ar thionscnamh an tríú tír.

I gcás ina bhfuil fianaise ann nach bhfuil ach cuid den choinsíneacht neamhchomhlíontach, féadfar an t-oibreoir a údarú *go heisceachtúil* chun dul ar aghaidh leis na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 66(3) de RRO, le haghaidh na coda sin amháin, i gcomhréir le hAirteagal 66(4) de RRO. I gcás den sórt sin, ní mór measúnú riosca lena gcuirtear ar chumas an údaráis inniúil idirdhealú soiléir a dhéanamh idir an chuid chomhlíontach agus an chuid neamhchomhlíontach den choinsíneacht a bheith mar bhonn taca leis an gcinneadh maidir le diúltú páirteach, chun deighilt cheart agus cur i bhfeidhm ceart beart a áirithiú. Tá cinneadh den sórt sin faoi réir choinníollacha Airteagal 66(4) de RRO, lena n-áirítear nach gcuirtear isteach ar na hoibríochtaí rialuithe. Ina theannta sin, de réir Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2130, an cinneadh cead isteach a dhiúltú agus bearta a dhéanamh maidir le coinsíneacht plandaí, táirgí plandaí agus réada eile, ní mór baint a bheith aige le luchtóga arna sainaithint roimh na seiceálacha fisiceacha.

De bhun Airteagal 69 de RRO, ní mór don oibreoir na bearta uile arna n-ordú ag na húdaráis inniúla a fhorghníomhú laistigh d'uastréimhse 60 lá ón lá a tugadh fógra dó faoin gcinneadh. Féadfaidh na húdaráis inniúla tréimhse níos giorra a shonrú, mar shampla chun go n-imshriantar rioscaí áirithe do shláinte an duine, ainmhithe nó plandaí, nó féadfaidh siad síneadh a chur leis an tréimhse sin má tá torthaí an dara tuairim shaineolach dá dtagraítear in Airteagal 35 de RRO ar feitheamh, ar choinníoll nach ndéanann an síneadh sin dochar do shláinte an duine, ainmhithe agus plandaí, do leas ainmhithe ná don chomhshaol. In aon chás, ní dhéanann ceart an oibreora chun an dara tuairim shaineolach dá bhforáiltear in Airteagal 35(4) de RRO difear d'oibleagáid na n-údarás inniúil gníomhaíocht phras a dhéanamh chun rioscaí a dhíothú nó a imshrianadh.

I gcás ina mbraitheann na húdaráis inniúla sáruithe tromchúiseacha nó rialta, nó ina bhfuil cúis acu amhras a bheith orthu maidir le cleachtais chalaoiseacha nó mhíthreoracha, ní mór dóibh rialuithe oifigiúla ar choinsíneachtaí den tionscnamh nó den úsáid chéanna *a threisiú*, mar a cheanglaítear le hAirteagal 65(4) de RRO. Tá rialacha leagtha síos ag an gCoimisiún maidir leis na nósanna imeachta chun go ndéanfaidh údaráis inniúla na mBallstát rialuithe treisithe ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch, ar tháirgí geirmeacha, ar sheachtháirgí ainmhithe agus ar tháirgí ilchodacha ar bhealach comhordaithe i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1873 ón gCoimisiún ([50]) agus úsáid á baint as cumhachtú Airteagal 65(6) de RRO.

([48]) Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin, agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

([49]) Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le breiseáin bia (IO L 354, 31.12.2008, lch. 16).

([50]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1873 ón gCoimisiún an 7 Samhain 2019 maidir leis na nósanna imeachta ag poist rialaithe teorann chun go ndéanfaidh na húdaráis inniúla rialuithe oifigiúla treisithe ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch, táirgí geirmeacha, seachtháirgí ainmhithe agus táirgí ilchodacha ar bhealach comhordaithe (IO L 289, 8.11.2019, lch. 50).

2.4.3.2. *Neamhchomhlíonadh a bhraitear tar éis é a scaoileadh i saorchúrsaíocht*

Le haghaidh coinsíneachtaí táirgí de bhunadh ainmhíoch, táirgí geirmeacha, seachtháirgí ainmhithe, féar tirim agus tuí agus táirgí ilchodacha (dá dtagraítear in Airteagal 47(1)(b) de RRO) a ndéantar tástáil saotharlainne randamach orthu ag na poist rialaithe teorann ar bhonn an phlean faireacháin dá dtagraítear in Airteagal 4(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2130 agus a scaoiltear i saorchúrsaíocht ansin go dtí go bhfaighfear torthaí na n-anailísí, tá feidhm ag Airteagail 137 agus 138 de RRO má chruthaítear leis na torthaí sin nach gcomhlíonann na hearraí lena mbaineann na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO.

Go ginearálta, i gcás coinsíneachtaí bia agus beatha a scaoiltear i saorchúrsaíocht, tá feidhm ag Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, agus is féidir iad a athonnmhairiú chuig tríú tír i gceann amháin de na cásanna seo a leanas:

i. má chomhlíonann siad ceanglais dhlí an bhia, mura n-iarrfaidh údaráis na tíre allmhairíochta dá mhalairt nó mura mbunaítear a mhalairt le dlíthe, rialacháin, caighdeáin, cóid chleachtais agus nósanna imeachta dlíthiúla agus riaracháin eile de réir mar a bheidh i bhfeidhm sa tír allmhairíochta.

ii. más rud é gur chomhaontaigh údaráis inniúla na tíre is ceann scríbe go sainráite, tar éis iad a chur ar an eolas go hiomlán faoi na cúiseanna agus na himthosca nárbh fhéidir an bia nó an bheatha lena mbaineann a chur ar an margadh san Aontas, ach amháin i gcás ina bhfuil bia díobhálach don tsláinte nó ina bhfuil beatha neamhshábháilte.

iii. má chomhlíonann siad forálacha comhaontaithe dhéthaobhaigh arna thabhairt i gcrích idir an tAontas nó ceann dá Bhallstáit agus an tríú tír is ceann scríbe.

Maidir le haon chás ina mbeidh riosca díreach nó indíreach ann do shláinte an duine a éiríonn as bia nó beatha, ní mór iRASFF a úsáid mar mhodh chun torthaí na rialuithe oifigiúla agus na mbeart ábhartha a chur in iúl don Choimisiún, do Bhallstáit eile agus do thríú tíortha.

Tá feidhm ag na prionsabail chéanna maidir le coinsíneachtaí bia agus beatha nach gceanglaítear iad a chur i láthair ag na poist rialaithe teorann (a thagann faoi Airteagal 44 de RRO), i gcás nach bhfuil torthaí na n-anailísí saotharlainne, arna ndéanamh ag an gceann scríbe deiridh, tar éis roghnú bunaithe ar riosca na coinsíneachta, sásúil i ndáil le rialacha Airteagal 1(2) den Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla.

Is féidir feidhmíocht chomhordaithe rialuithe oifigiúla treisithe (in CBFRO – córas TRACES), mar a cheanglaítear le hAirteagal 65(4) de ROO, a thionscnamh freisin tar éis sáruithe tromchúiseacha nó rialta a bhrath nó tar éis amhras faoi chleachtais chalaoiseacha nó mhíthreoracha maidir le coinsíneachtaí a scaoileadh ar an margadh cheana féin.

2.4.4. ***Saoráidí stórála tráchtála a úsáid (Airteagal 64 de RRO)***

A mhéid a bhaineann le hainmhithe agus earraí dá dtagraítear in Airteagal 47(1) de RRO, leagtar síos le hAirteagal 64 de RRO íoscheanglais le haghaidh poist rialaithe teorann. Leagtar síos rialacha níos mionsonraithe maidir leis na ceanglais do phoist rialaithe teorann agus a gcuid lárionad cigireachta i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014 ón gCoimisiún ([51]), bunaithe ar an gcumhachtú in Airteagal 64(4) de RRO.

Ní mór do phost rialaithe teorann atá ainmnithe le haghaidh catagóir áirithe earraí na híoscheanglais do phoist rialaithe teorann a chomhlíonadh maidir leis na saoráidí is gá le haghaidh na catagóire sin earraí. *Ní mór* na saoráidí is gá (limistéar/seomra díluchtaithe, limistéar/seomra cigireachta agus limistéar/seomra stórála de réir chóras teochta na n-earraí agus rochtain ar shaoráidí leithris) a bheith i bhfeidhm agus inrochtana le haghaidh rialuithe oifigiúla. Leagtar síos mionsonraí maidir le feistiú agus trealamh na limistéar/seomraí i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014 freisin. I gcás roinnt lárionaid chigireachta a bheith i bpost rialaithe teorann, ní mór do gach lárionad cigireachta na híoscheanglais a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014 a chomhlíonadh.

Ina theannta sin, féadfaidh na húdaráis inniúla ag an bpost rialaithe teorann úsáid saoráidí stórála tráchtála a cheadú, faoina rialú féin, le haghaidh na n-earraí dá dtagraítear in Airteagal 47(1) de RRO, mar a leagtar síos in Airteagal 3(11), an chéad fhomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014. Tá úsáid saoráidí stórála tráchtála *sa bhreis* ar chomhlíonadh an cheanglais go mbeidh saoráidí stórála ag an bpost rialaithe teorann féin (Airteagal 3(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014) le haghaidh na gcatagóirí earraí dá bhfuil sé ainmnithe, agus *ní in ionad* na saoráidí sin.

([51]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014 ón gCoimisiún an 12 Meitheamh 2019 chun rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir le híoscheanglais do phoist rialaithe teorann, lena n-áirítear lárionaid chigireachta, agus maidir leis an bhformáid, na catagóirí agus na giorrúcháin le húsáid chun poist rialaithe teorann agus poist rialaithe a liostú (IO L 165, 21.6.2019, lch. 10).

Ní fhéadfar úsáid den sórt sin a cheadú ach amháin ar choinníoll, maidir leis na saoráidí stórála tráchtála:

— go bhfuil siad i ndlúthghaireacht don phost rialaithe teorann; agus

— go bhfuil siad faoi inniúlacht an údaráis custaim chéanna leis an bpost rialaithe teorann.

Thairis sin, de bhun Airteagal 3(12) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014, maidir le hearraí a stóráiltear i saoráidí stórála tráchtála i gcomhréir le hAirteagal 3(11) den Rialachán sin, ní mór:

— iad a stóráil faoi dhálaí sláinteachais; agus

— iad a shainaithint i gceart le barrachóid nó le modhanna leictreonacha eile, nó le lipéadú; agus

— i gcás ina bhféadfadh riosca a bheith ag baint leis na hearraí do shláinte an duine, ainmhithe agus plandaí nó, i gcás OGManna agus táirgí cosanta plandaí, don chomhshaoil freisin, iad a choinneáil i seomra inghlasáilte ar leith nó i limistéir atá fálaithe ó gach earra eile atá stóráilte sa tsaoráid stórála tráchtála. Ciallaíonn sé sin, i measc nithe eile, nach mór na hearraí sin a stóráil ar leithligh ó earraí eile agus a bheith sainaitheanta go soiléir mar earraí arna gcoinneáil faoi mhaoirseacht an údaráis inniúil.

2.4.4.1. *Saoráidí stórála tráchtála a úsáid le haghaidh seiceálacha céannachta agus fisiceacha ar tháirgí nach de bhunadh ainmhíoch iad*

Le hAirteagal 3(11), an dara fomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014 tugtar an deis don údarás inniúil de chuid poist rialaithe teorann na saoráidí stórála tráchtála dá dtagraítear in Airteagal 3(11), an chéad fhomhír, den Rialachán sin a úsáid chun seiceálacha céannachta agus seiceálacha fisiceacha a dhéanamh ar tháirgí nach de bhunadh ainmhíoch iad, ar choinníoll go gcomhlíonann na saoráidí stórála tráchtála sin na híoscheanglais a leagtar síos sa Rialachán sin.

Luaitear an téarma 'táirgí nach de bhunadh ainmhíoch iad' i bpointe (d) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014 agus tagraíonn sé do bhia agus do bheatha nach de bhunadh ainmhíoch iad chomh maith le táirgí nach mbeidh le caitheamh ag an duine seachas beatha (i.e. ábhair a bhíonn i dtadhall le bia) a chumhdaítear le coinníollacha nó bearta dá dtagraítear in Airteagal 47(1)(d), (e) nó (f) de RRO. Baineann an tsolúbthacht a cheadaítear don chatagóir earraí sin de bhua Airteagal 3(11), an dara fomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014, leis an ngá íseal le himshrianadh guaise le haghaidh na n-earraí sin. *Níl* feidhm ag an tsolúbthacht sin maidir le 'plandaí, táirgí plandaí agus réada eile', a shonraítear mar chatagóir ar leith earraí i bpointe (c) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014, rud a chomhfhreagraíonn don ghá atá le rialú lotnaidí le haghaidh plandaí, táirgí plandaí agus réada eile atá faoi réir Rialachán (AE) 2016/2031. Ar an gcaoi chéanna, níl feidhm ag an tsolúbthacht sin ach oiread maidir le coinsíneachtaí d'fhéar tirim agus coinsíneachtaí tuí, a bhaineann leis an gcatagóir earraí dá dtagraítear i bpointe (b) d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014, rud a chomhfhreagraíonn don ghá atá le rialú galar ainmhithe le haghaidh na n-earraí sin.

D'ainneoin an mhéid sin thuas, maidir le lárionaid chigireachta aonair de chuid poist rialaithe teorann atá ainmnithe chun seiceálacha a dhéanamh ar tháirgí nach de bhunadh ainmhíoch iad nó ar phlandaí, ar tháirgí plandaí agus ar réada eile, *féadfaidh* siad a bheith lonnaithe i saoráidí earnála príobháidí ina ndéantar gníomhaíochtaí tráchtála, *ar choinníoll* go gcomhlíonann na hionaid chigireachta sin na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014. Lárionaid chigireachta, ar saoráidí iad a chuirtear ar bun laistigh de phost rialaithe teorann, ní mór dóibh, mar shampla, a bheith i ngiorracht don phointe teacht isteach san Aontas i gcomhréir le hAirteagal 64(1) de RRO ([52]). Thairis sin, ní mór na saoráidí uile is gá a bheith ar fáil agus inrochtana chun críoch rialuithe oifigiúil nuair is gá (Airteagal 64(3)(b), (c) agus (d) de RRO) ([53]), agus ní mór socruithe iomchuí a bheith i bhfeidhm chun go n-áiritheofar dálaí sláinteachais agus chun rioscaí de bharr trastruaillithe a chosc (Airteagal 64(3)(h) agus (i) de RRO). Ba cheart a thabhairt faoi deara go ndéantar rialuithe allmhairiúcháin oifigiúla ar fhéar tirim agus tuí faoi na rialacha is infheidhme maidir le táirgí de bhunadh ainmhíoch (Airteagal 47(1)(b) de RRO), le ceanglais bhreise a mhéid a bhaineann le leagan amach saoráidí agus scaradh earraí agus gníomhaíochtaí, mar a leagtar síos in Airteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014.

([52]) Leagtar síos díolúintí ón gceanglas sin in Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1012 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhaolú ar na rialacha maidir le hainmniú na bpointí rialaithe agus ar na híoscheanglais le haghaidh post rialaithe teorann (IO L 165, 21.6.2019, lch. 4).

([53]) Mar shampla, faoi mar a rialaítear le huaireanta oscailte ionaid cigireachta.

2.4.4.2. *Nós imeachta maidir le saoráidí stórála tráchtála a úsáid le haghaidh údaráis inniúla ag an bpost rialaithe teorann*

Is faoi údaráis inniúla an phoist rialaithe teorann atá sé cinneadh a dhéanamh an gceadaíonn siad úsáid saoráidí stórála tráchtála, dá bhforáiltear in Airteagal 3(11) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014. Níl aon cheanglas ann fógra a thabhairt don Choimisiún maidir le húsáid saoráidí stórála tráchtála mura n-úsáidtear na saoráidí sin ach mar stóráil *bhreise*.

Mar sin féin, i gcás ina gceadaíonn údaráis inniúla saoráidí stórála tráchtála a úsáid chun seiceálacha céannachta agus fisiceacha a dhéanamh ar tháirgí nach de bhunadh ainmhíoch iad, *ní mór* fógra a thabhairt don Choimisiún faoi sin i gcomhréir le hAirteagal 3(14) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014 mar athrú ar bhonneagar nó ar oibriú an phoist rialaithe teorann sin (gan athrú ar raon feidhme ainmniúcháin an phoist rialaithe teorann sin). Sa chás sin, ba cheart nós imeachta a bheith i bhfeidhm ag na húdaráis inniúla chun a léiriú go gcomhlíonann na saoráidí na híoscheanglais a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014, agus chun an fhaisnéis uile is gá a sholáthar don Choimisiún chun a fhíorú go gcomhlíonann na saoráidí sin na ceanglais sin.

2.4.4.3. *Saoráidí stórála tráchtála a liostú agus clárú in TRACES-NT*

Níl aon cheanglas dlíthiúil ann saoráidí stórála tráchtála a áireamh sa liosta de phoist rialaithe teorann fhoilsithe dá dtagraítear in Airteagal 60 de RRO agus in Airteagal 7 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014.Mar sin féin, i gcás ina n-úsáidtear saoráidí stórála tráchtála le haghaidh seiceálacha céannachta agus fisiceacha (Airteagal 3(11) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014), ba cheart do na Ballstáit an fhaisnéis sin a chur ar fáil go poiblí agus í a áireamh i gcolún 7 den liosta de phoist rialaithe teorann foilsithe ([54]).

Ina theannta sin, níl aon cheanglas ann go gclárófar na saoráidí stórála tráchtála sin i TRACES-NT ná go mbeidh a n-aitheantóir uathúil chóras TRACES aonair féin acu. Féadfar an cód poist rialaithe teorann a úsáid ina ionad sin.

Tugtar forbhreathnú sa tábla thíos ar na difríochtaí idir poist rialaithe teorann/ionaid chigireachta, saoráidí stórála tráchtála agus pointí rialaithe.

([54]) Formáid an liosta de phoist rialaithe teorann foilsithe a bhunaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014.

Tábla 5

Comparáid idir ceanglais maidir le poist rialaithe teorann/ionaid chigireachta, saoráidí stórála tráchtála agus pointí rialaithe

	Poist rialaithe teorann / ionaid chigireachta	Saoráidí stórála tráchtála (a úsáidtear chun earraí a stóráil i dteannta bhonneagar an phoist rialaithe teorann)	Saoráidí stórála tráchtála (a úsáidtear le haghaidh seiceálacha céannachta agus fisiceacha ar tháirgí nach de bhunadh ainmhíoch iad sa bhreis ar bhonneagar an phoist rialaithe teorann)	Pointí rialaithe seachas poist rialaithe teorann
Creat dlíthiúil	Airteagal 59 de RRO, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014 ón gCoimisiún, Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1012 ón gCoimisiún	Airteagal 3(11), an chéad fhomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014 ón gCoimisiún	Airteagal 3(11), an dara fomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014 ón gCoimisiún	Airteagal 53(1)(a) agus 53(2) de RRO agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 ón gCoimisiún
raon feidhme	rialuithe oifigiúla ar ainmhithe nó earraí dá dtagraítear in Airteagal 47(1) de RRO	stóráil earraí dá dtagraítear in Airteagal 47(1) de RRO	seiceálacha céannachta agus fisiceacha ar tháirgí nach de bhunadh ainmhíoch iad faoi réir Airteagal 47(1) de RRO	seiceálacha céannachta agus fisiceacha ar bhia agus beatha nach de bhunadh ainmhíoch iad agus ar phlandaí, táirgí plandaí agus réada eile faoi réir Airteagal 47(1) de RRO, lena n-áirítear táirgí orgánacha agus táirgí atá á dtiontú, mar a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123 ón gCoimisiún
na híoscheanglais is infheidhme	Airteagal 64 de RRO agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014 ón gCoimisiún (na híoscheanglais is infheidhme ag brath ar na catagóirí ainmhithe agus earraí a áirítear i raon feidhme an ainmniúcháin)	Airteagal 3(11), an chéad fhomhír, agus (12) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014 ón gCoimisiún	na híoscheanglais is infheidhme maidir le poist rialaithe teorann arna n-ainmniú le haghaidh táirgí nach de bhunadh ainmhíoch iad mar a leagtar síos in Airteagal 64 de RRO agus i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014 ón gCoimisiún	Airteagal 64(3) de RRO agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014 ón gCoimisiún (na híoscheanglais is infheidhme ag brath ar na catagóirí ainmhithe agus earraí a áirítear i raon feidhme an ainmniúcháin) (Airteagal 53(1)(a) de RRO)
suíomh i ndáil leis an bpointe teacht isteach san Aontas	i ngiorracht don phointe teacht isteach san Aontas (Airteagal 64(1) de RRO); maoluithe i gcásanna srianta geografacha, leagtar síos iad i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1012 ón gCoimisiún bunaithe ar Airteagal 64(2) de RRO	i ngarchomharsanacht an phoist rialaithe teorann agus faoi inniúlacht an údaráis custaim chéanna (Airteagal 3(11), an chéad fhomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014) ón gCoimisiún	i ngarchomharsanacht an phoist rialaithe teorann agus faoi inniúlacht an údaráis custaim chéanna (Airteagal 3(11), an chéad fhomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014) ón gCoimisiún	achar as an bpost rialaithe teorann, faoi na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/2123; mar shampla, ní mór iompar chuig pointí rialaithe a dhéanamh faoi mhaoirseacht chustaim agus ceanglaítear leis go n-eiseofar CHED ar leithligh a bheidh le tabhairt chun críche ag na húdaráis inniúla ag an bpointe rialaithe.

nós imeachta ainmniúcháin / fógra	fógra a thabhairt don Choimisiún roimh an ainmniú (Airteagal 59(2) de RRO); fíorú ar chomhlíonadh na n-íoscheanglas is infheidhme ag an gCoimisiún	ní cheanglaítear réamhfhógra a thabhairt don Choimisiún; moltar an Coimisiún a chur ar an eolas maidir le cé acu a cheadaítear nó nach gceadaítear saoráidí stórála tráchtála a úsáid nuair atá: — fógra á thabhairt maidir le hainmniú; nó — faisnéis á huasdátú i dtaobh post rialaithe teorann nó lárionad cigireachta dá chuid; nó — ullmhúchán á dhéanamh do rialuithe an Choimisiúin.	fógra a thabhairt don Choimisiún sula n-úsáidfear saoráidí stórála tráchtála le haghaidh seiceálacha (Airteagal 59(2) de RRO agus Airteagal 3(14) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014) ón gCoimisiún; fíorú ag an gCoimisiún ar chomhlíonadh na n-íoscheanglas is infheidhme	Ní cheanglaítear aon réamhfhógra a thabhairt don Choimisiún roimh an ainmniú (Airteagal 53(2) de RRO)
lena áireamh sa liosta foilsithe de phoist rialaithe teorann	tá (Airteagal 60 de RRO)	níl	tá	tá (Airteagal 53(2) agus Airteagal 60(1) de RRO agus Airteagal 7 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1014) ón gCoimisiún

2.5. **CAIBIDIL VI – Rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a mhaoiniú (Airteagail 78 go dtí 85 de RRO)**

2.5.1. ***Maoiniú - rialacha ginearálta***

Chun laghdú a dhéanamh ar spleáchas an chórais rialaithe oifigiúil ar airgeadas poiblí, ceanglaítear ar na húdaráis inniúla táillí nó muirir a bhailiú chun na costais a thabhaíonn siad i ndáil le rialuithe oifigiúla áirithe a chumhdach (táillí agus muirir éigeantacha). Is amhlaidh an cás mar shampla chun na costais a aisghabháil, ar costais iad a thabhaigh na húdaráis inniúla i ndáil le rialuithe oifigiúla a rinneadh ar ainmhithe agus ar earraí dá dtagraítear in Airteagal 47(1) de RRO. I gcomhréir le hAirteagal 78 de RRO, ní mór do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil acmhainní airgeadais leordhóthanacha ar fáil chun an fhoireann agus acmhainní eile is gá a sholáthar chun go ndéanfaidh na húdaráis inniúla rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile. Beidh feidhm aige sin freisin i gcás cúraimí sonracha áirithe i ndáil le rialú oifigiúil agus i gcás gníomhaíochtaí oifigiúla áirithe eile a tharmligean i gcomhréir le hAirteagal 28 agus Airteagal 31.

Cé gurb iad na hoibreoirí is mó atá freagrach as a áirithiú go ndéantar a ngníomhaíochtaí i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais maidir leis an slabhra agraibhia, ba cheart go mbeadh córas tiomnaithe rialuithe oifigiúla a bheith ag comhlánú a gcórais féinrialaithe féin a chuir siad i bhfeidhm chun na críche sin, ar córas é a choinneoidh gach Ballstát ar bun chun faireachas éifeachtach a áirithiú feadh an tslabhra agraibhia.

2.5.2. ***Táillí nó muirir éigeantacha***

Chuige sin, déantar foráil maidir leis an méid seo a leanas le hAirteagal 79(1) de RRO:

Airteagal 79(1) de RRO
1. Baileoidh na húdaráis inniúla táillí nó muirir le haghaidh na rialuithe oifigiúla a rinneadh i ndáil leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i gCaibidil II d'Iarscríbhinn IV agus ar ainmhithe agus ar earraí dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c) d'Airteagal 47(1), ag poist rialaithe teorann nó ag na pointí rialaithe dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 53(1); (a) ar leibhéal an chostais a ríomhadh i gcomhréir le hAirteagal 82(1); nó (b) ar leibhéil na méideanna dá bhforáiltear in Iarscríbhinn IV.

Sampla: I gcás coinsíneachtaí idirthurais plandaí ag an teorainn, ní mór na táillí a mhuirearú de réir Chaibidil I d'Iarscríbhinn IV cuid VII (VII. COINSÍNEACHTAÍ AINMHITHE AGUS EARRAÍ Ó THRÍÚ TÍORTHA AR IDIRTHURAS NÓ A THRASLOINGSÍTEAR) agus seachas de réir chuid VIII (VIII. COINSÍNEACHTAÍ PLANDAÍ, TÁIRGÍ PLANDAÍ AGUS TÁIRGÍ EILE, RÉAD AGUS ÁBHAR A BHFUIL AR A gCUMAS LOTNAIDÍ PLANDAÍ A IOMPAR NÓ A LEATHADH).

Ina theannta sin, le hAirteagal 79(2) de RRO déantar foráil go mbaileoidh na húdaráis inniúla táillí nó muirir chun na costais a thabhaíonn siad i ndáil le rialuithe oifigiúla a rinneadh ar ainmhithe agus ar earraí a aisghabháil, dá dtagraítear i bpointí (d), (e) agus (f) d'Airteagal 47(1) de RRO, le rialuithe oifigiúla arna n-iarraidh ag an oibreoir chun an formheas a fháil dá bhforáiltear in Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 183/2005 agus rialuithe oifigiúla nach raibh pleanáilte i dtosach agus a tháinig chun bheith riachtanach tar éis don oibreoir céanna cásanna neamhchomhlíonta a bhrath agus a dhéantar chun measúnú a dhéanamh ar mhéid agus ar thionchar an cháis neamhchomhlíonta nó chun a fhíorú gur leigheasadh an neamhchomhlíonadh.

2.5.3. ***Táillí nó muirir eile (nach bhfuil éigeantach)***

Mar a shonraítear in Airteagal 80 de RRO, féadfaidh na Ballstáit táillí nó muirir a bhailiú chun go gcumhdófar na costais a bhaineann le rialuithe oifigiúla agus le gníomhaíochtaí oifigiúla eile seachas na táillí nó na muirir sin dá dtagraítear in Airteagal 79 de RRO, mura dtoirmisctear sin leis na forálacha reachtacha is infheidhme sna réimsí a rialaítear leis na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO. Níl na táillí ná na muirir sin éigeantach agus níl feidhm ag Airteagal 81 de RRO i leith costas, ná ag Airteagal 82 de RRO i leith ríomh táillí nó muirear, maidir leis na táillí ná na muirir sin. Mar sin féin, leis na táillí a bhailítear de bhun Airteagal 80 de RRO urramófar na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 83, 84 agus 85 den Rialachán sin.

Mar shampla, le hAirteagal 21, mír 2, litir (a) de RRO sonraítear rialacha sonracha maidir le rialuithe oifigiúla a dhéantar roimh an lódáil chun oiriúnacht na n-ainmhithe atá le hiompar a sheiceáil. Na táillí nó na muirir le haghaidh rialuithe oifigiúla faoi Airteagal 21(2)(a) de RRO, féadfar iad a bhailiú de bhun Airteagal 80 de RRO, toisc nach dtagann na rialuithe faoi raon feidhme Airteagal 79 de RRO ná nach dtoirmisctear leis an reachtaíocht maidir le hiompar ainmhithe táillí agus muirir a mhuirearú, lena n-áirítear le haghaidh seiceálacha oiriúnachta ar ainmhithe roimh an lódáil agus an iompar chuig tríú tíortha. Ba cheart na costais a tabhaíodh a chumhdach leo ach níor cheart dul tharstu leo.

2.5.4. ***An leibhéal costas agus modhanna ríofa táillí nó muirear éigeantach***

Ní mór do na húdaráis inniúla táillí nó muirir éigeantacha a bhailiú i ndáil le rialuithe oifigiúla dá dtagraítear in Airteagal 79(1) de RRO ar leibhéal an chostais a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 82(1) de RRO nó ar na méideanna dá bhforáiltear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le RRO. Muirir nó táillí a bhailítear i ndáil le rialuithe oifigiúla dá dtagraítear in Airteagal 79(2) de RRO, ríomhfar iad freisin i gcomhréir le hAirteagal 82(1) de RRO, nó baileofar na méideanna sin díobh dá bhforáiltear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le RRO, le haghaidh na n-ainmhithe nó na n-earraí nó na ngníomhaíochtaí sin ar lena n-aghaidh a bhunaítear táillí san Iarscríbhinn sin.

Le Caibidil I d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le RRO sonraítear na táillí nó na muirir le haghaidh na rialuithe oifigiúla ar choinsíneachtaí ainmhithe agus earraí a thagann isteach san Aontas, mar shampla ainmhithe beo, feoil, táirgí iascaigh, plandaí, táirgí plandaí, earraí idirthurais, etc. Le Caibidil II den Iarscríbhinn chéanna sonraítear na táillí nó na muirir le haghaidh na rialuithe oifigiúla i seamlais, monarchana gearrtha, monarchana próiseála géim, táirgeadh bainne agus táirgí iascaigh agus táirgí dobharshaothraithe a tháirgeadh agus a chur ar an margadh.

Le hAirteagal 79(1) de RRO ní cheadaítear do na húdaráis inniúla úsáid a bhaint as teaglaim den dá mhodh a luaitear i bpointí (a) agus (b) den Airteagal sin i ndáil le coinsíneachtaí dá dtagraítear i gCaibidil I d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le RRO, ar coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí iad a bhaineann leis an gcatagóir chéanna ([55]) (e.g., rialuithe oifigiúla ar choinsíneachtaí táirgí iascaigh) agus i ndáil le gníomhaíochtaí dá dtagraítear i gCaibidil II d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le RRO a bhaineann leis an gcatagóir chéanna ([56]) (e.g., rialuithe oifigiúla i seamlais).

Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit táillí nó muirir a chinneadh ar leibhéal na gcostas a ríomhtar i gcomhréir le hAirteagal 82(1) de RRO agus ar na méideanna dá bhforáiltear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin, ar choinníoll go mbaineann na coinsíneachtaí nó na gníomhaíochtaí le catagóirí éagsúla. Mar shampla:

1. d'fhéadfaí modh ríofa a úsáid le haghaidh rialuithe oifigiúla ar choinsíneachtaí feola agus an tráth céanna d'fhéadfaí méid socraithe d'Iarscríbhinn IV, Caibidil I, de RRO a úsáid le haghaidh rialuithe oifigiúla ar choinsíneachtaí táirgí feola, éineola, feola géim fhiáin, feola coinín nó feola géim shaothraithe; nó

2. d'fhéadfaí modh ríofa a úsáid le haghaidh rialuithe oifigiúla i monarchana gearrtha agus an tráth céanna d'fhéadfaí méid socraithe d'Iarscríbhinn IV, Caibidil II de RRO a úsáid le haghaidh rialuithe oifigiúla ar tháirgeadh bainne.

Ní fhéadfaidh na Ballstáit déanamh amhlaidh ach a mhéid a chomhlíontar bunphrionsabail an neamh-idirdhealaithe agus na córa comhionainne leis an difreáil sin.

Na costais a liostaítear in Airteagal 81 de RRO níl siad ábhartha ach le haghaidh Airteagal 79(1)(a) agus Airteagal 79(2) de RRO, seachas le haghaidh Airteagal 79(1)(b) de RRO.

Sampla: I ndáil le táillí allmhairiúcháin, roghnaíonn Ballstát Airteagal 79(1)(b) de RRO a chur i bhfeidhm (i.e., táillí nó muirir le haghaidh na rialuithe oifigiúla ar choinsíneachtaí ainmhithe agus earraí a thagann isteach san Aontas mar a shonraítear i gCaibidil I d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le RRO). Mar sin féin, tá costais bhreise ann, amhail an t-iompar i gcás seiceálacha a dhéantar i bhfad ó phoist rialaithe teorann agus muirir ragoibre oifigeach a dhéanann cigireachtaí lasmuigh d'uaireanta gnó oifigiúla. Ní féidir na costais sin a chur leis na táillí bunaithe ar Airteagal 79(1)(b) de RRO, toisc go bhfuil na táillí in Iarscríbhinn IV a ghabhann le RRO ina dtáillí seasta agus nár cheart do na Ballstáit costais bhreise a cheangal.

([55]) Liostaítear 8 (ocht) gcatagóir d'ainmhithe agus earraí i bpointí I go VIII de Chaibidil I d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le RRO.
([56]) Liostaítear 5 (cúig) chatagóir de ghníomhaíochtaí i bpointí I go V de Chaibidil II d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le RRO.

Le hAirteagal 82(1) de RRO, sonraítear an méid seo a leanas:

> Airteagal 82(1) de RRO
>
> 1. Táillí nó muirir arna mbailiú i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 79(1) agus le hAirteagal 79(2), déanfar iad a bhunú de réir ceann de na modhanna ríofa seo a leanas nó de réir teaglaim díobh:
>
> (a) déanfar iad a shuíomh ag ráta comhréidh, ar bhonn chostais fhoriomlána na rialuithe oifigiúla arna dtabhú ag na húdaráis inniúla thar thréimhse ar leith, agus arna gcur i bhfeidhm ar na hoibreoirí ar fad, beag beann ar aon rialú oifigiúil a bheith á dhéanamh le linn na tréimhse tagartha i ndáil le gach oibreoir arna mhuirearú; agus iad ag cinneadh leibhéal na dtáillí a bheidh le muirearú ar gach earnáil, gníomhaíocht agus catagóir oibreoirí, cuirfidh na húdaráis inniúla san áireamh an tionchar atá ag cineál agus méid na gníomhaíochta lena mbaineann agus ag na tosca riosca ábhartha ar leithdháileadh chostais fhoriomlána na rialuithe oifigiúla sin; nó
>
> (b) ríomhfar iad ar bhonn ríomh chostais iarbhír gach rialaithe oifigiúil aonair, agus cuirfear i bhfeidhm iad maidir leis na hoibreoirí atá faoi réir rialaithe oifigiúil den sórt sin.

Le litir (a) den fhoráil sin ceadaítear do na Ballstáit an ráta comhréidh a ríomh le haghaidh earnáil, gníomhaíocht nó catagóir shonrach oibreoirí, ar bhonn chostais na rialuithe oifigiúla *uile* i raon feidhme RRO. A mhéid a bhaineann le ríomh na dtáillí atá le muirearú le haghaidh gach earnála, gníomhaíochta agus catagóire oibreoirí, le hAirteagal 82(1)(a) de RRO ceanglaítear ar na Ballstáit a chur san áireamh an tionchar atá ag cineál agus ag méid na gníomhaíochta lena mbaineann, agus ag na tosca riosca ábhartha, ar leithdháileadh chostais fhoriomlána na rialuithe oifigiúla.

De réir Airteagal 82(3) de RRO, i gcás ina ríomhfar táillí nó muirir ar ráta comhréidh i gcomhréir le hAirteagal 82(1)(a) de RRO, ní bheidh na táillí ná na muirir sin arna mbailiú ag na húdaráis inniúla *níos mó ná na costais fhoriomlána arna dtabhú le haghaidh na rialuithe oifigiúla arna ndéanamh le linn na tréimhse dá dtagraítear ann*. De bhun Airteagal 82(4) de RRO, i gcás ina ríomhfar táillí nó muirir i gcomhréir le hAirteagal 82(1)(b) de RRO, *ní bheidh siad níos mó ná costas iarbhír an rialaithe oifigiúil a rinneadh*.

Le hAirteagal 81(a) go (g) de RRO soiléirítear a thuilleadh raon feidhme na gcostas foriomlán sin. Áirítear orthu sin, a mhéid a thagann siad ó na rialuithe oifigiúla lena mbaineann, 'tuarastail na foirne, *lena n-áirítear foireann tacaíochta agus riaracháin*, atá bainteach leis na rialuithe oifigiúla a dhéanamh, slándáil shóisialta na foirne sin, agus a bpinsean agus costais árachais' (faoi (a)), mar aon le 'costas *saoráidí agus trealaimh*, lena n-áirítear costais chothabhála agus árachais agus costais ghaolmhara eile' (faoi (b)), 'costas *oiliúna*' — cé is moite den oiliúint sin is gá chun an cháilíocht is gá a fháil le bheith fostaithe ag na húdaráis inniúla (faoi (e)) — agus 'costas *taistil*' (faoi (f)) na foirne sin.

A mhéid a bhaineann le raon feidhme *chostais fhoriomlána na rialuithe oifigiúla a sheasann na húdaráis inniúla le linn tréimhse ar leith* dá dtagraítear in Airteagal 82(1)(a) de RRO, soiléirítear le haithris 66 den Rialachán sin gur féidir *forchostais* a chumhdach leo sin, ar forchostais iad arna dtabhú ag na húdaráis inniúla chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh. Soiléirítear a thuilleadh leis an aithris sin *go bhféadfar a áireamh le forchostais, costais na tacaíochta agus an eagrúcháin is gá chun na rialuithe oifigiúla a phleanáil agus a chur i gcrích*.

Ina theannta sin, i gcás ina gcuirfear táillí nó muirir i bhfeidhm ar bhonn chostas iarbhír na rialuithe oifigiúla aonair, ba cheart do na hoibreoirí a bhfuil taifead maith i ndáil le comhlíonadh acu muirir fhoriomlána níos ísle a sheasamh ná oibreoirí neamhchomhlíontacha, mar nár cheart go mbeidís faoi réir rialuithe oifigiúla chomh minic céanna. Nuair a ríomhtar táillí nó muirir ar bhonn na gcostas foriomlán arna dtabhú ag na húdaráis inniúla le linn tréimhse ar leith agus arna bhforchur ar na hoibreoirí uile gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil siad faoi réir rialú oifigiúil le linn na tréimhse tagartha, ba cheart na táillí nó na muirir sin a ríomh ar mhaithe le haitheantas a thabhairt d'oibreoirí a bhfuil taifead leanúnach comhlíonta acu i ndáil le reachtaíocht an Aontais maidir leis an slabhra agraibhia.

I ndáil le costais a bhaineann go sonrach leis an bhfoireann riaracháin agus tacaíochta, de réir chásdlí bunaithe Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ([57]) *an tréimhse a éilíonn an fhoireann riaracháin agus tacaíochta le haghaidh gníomhaíochtaí atá nasctha go dlúth le rialuithe oifigiúla a dhéanamh, ní féidir ach an tréimhse sin a chur san áireamh agus na táillí á ríomh*.

([57]) CBAE, an 19 Nollaig 2019, Exportslachterij J. Gosschalk, C-477/18 agus C-478/18, mír 66.

Le hAirteagal 79(3) de RRO ceadaítear do na Ballstáit laghdú a dhéanamh ar mhéid na dtáillí nó na muirear le haghaidh gníomhaíochtaí dá dtagraítear i gCaibidil II d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le RRO (seamlais, monarchana gearrtha, monarchana próiseála géim, táirgeadh bainne agus táirgí iascaigh agus táirgí dobharshaothraithe a tháirgeadh agus a chur ar an margadh), ar bhonn oibiachtúil agus neamh-idirdhealaitheach, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

— leasanna na n-oibreoirí a bhfuil tréchur íseal acu;

— na modhanna traidisiúnta a úsáidtear le haghaidh táirgeadh, próiseála agus leithdháileadh;

— riachtanais na n-oibreoirí atá suite i réigiúin atá faoi réir srianta geografacha sonracha;

— agus taifead comhlíonta an oibreora i ndáil leis na rialacha ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO, mar a fionnadh trí rialuithe oifigiúla.

2.5.5. ***Trédhearcacht***

Aithris 68 de RRO:

Ba cheart maoiniú rialuithe oifigiúla trí tháillí nó trí mhuirir arna mbailiú ó oibreoirí a bheith go hiomlán trédhearcach, chun go mbeidh saoránaigh agus gnólachtaí in ann tuiscint a fháil ar an modh agus ar na sonraí a úsáidtear chun táillí nó muirir a shuíomh

Airteagal 85 de RRO

Trédhearcacht

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ardleibhéal trédhearcachta ann maidir leis na nithe seo a leanas:

   (a) na táillí nó na muirir dá bhforáiltear i bpointe (a) d'Airteagal 79(1), Airteagal 79(2) agus Airteagal 80, eadhon:

      (i) an modh agus na sonraí a úsáidtear chun na táillí nó na muirir sin a shuíomh;

      (ii) méid na dtáillí nó na muirear, a chuirtear i bhfeidhm maidir le gach catagóir oibreora, agus i leith gach catagóir de rialuithe oifigiúla nó de ghníomhaíochtaí oifigiúla eile;

      (iii) briseadh síos na gcostas amhail dá dtagraítear in Airteagal 81;

   (b) céannacht na n-údarás nó na gcomhlachtaí atá freagrach as na táillí nó na muirir a bhailiú.

2. Cuirfidh gach údarás inniúil ar fáil don phobal le haghaidh gach tréimhse tagartha, an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, na costais don údarás inniúil a bhfuil táille nó muirear dlite ina leith i gcomhréir le pointe (a) d'Airteagal 79(1), Airteagal 79(2) agus Airteagal 80.

3. Rachaidh na Ballstáit i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha uile maidir leis na modhanna ginearálta a úsáidtear chun na táillí nó na muirir dá bhforáiltear i bpointe (a) d'Airteagal 79(1), Airteagal 79(2) agus Airteagal 80 a ríomh.

Is é a eascraíonn as Airteagal 85 de RRO gur gá do na Ballstáit ardleibhéal trédhearcachta a áirithiú *maidir leis na táillí nó leis na muirir* dá bhforáiltear i bpointe (a) d'Airteagal 79(1), in Airteagal 79(2) agus in Airteagal 80 de RRO *agus maidir le céannacht na n-údarás nó na gcomhlachtaí* atá freagrach as na táillí nó na muirir a bhailiú.

Ní mór do na Ballstáit nasc a sholáthar chuig leathanach gréasáin an údaráis inniúil ina bhfuil an fhaisnéis phoiblí maidir leis na táillí nó leis na muirir dá dtagraítear in Airteagal 85(2) de RRO ina dtuarascálacha bliantúla i gcomhréir le hAirteagal 113(1)(e) de RRO agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/723 ón gCoimisiún.

2.6. **CAIBIDIL VII – Deimhniúchán oifigiúil (Airteagail 86 – 91 de RRO)**

2.6.1. ***Deimhniúchán oifigiúil***

Le deimhnithe oifigiúla agus fianuithe oifigiúla soláthraítear dearbhú maidir le comhlíonadh ceanglas dlíthiúil sna réimsí a chumhdaítear le RRO. Áirítear a sainmhínithe in Airteagal 3 de RRO. Is comhpháirteanna de dheimhniúchán oifigiúil iad an dá chomhpháirt mar a leagtar síos i gCaibidil VII de Theideal II de RRO. Le hAirteagail 86 go 91 de RRO bunaítear tacar rialacha le haghaidh creat aonfhoirmeach comhchuibhithe le haghaidh deimhniúcháin oifigiúil i ngach réimse RRO lena mbaineann.

Airteagal 3 de RRO

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas: [..]

(27) ciallaíonn 'deimhniú oifigiúil' doiciméad páipéir nó leictreonach atá sínithe ag an oifigeach deimhniúcháin agus lena ndearbhaítear comhlíonadh ceann amháin nó níos mó de na ceanglais a leagtar síos sna rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2);

(28) *ciallaíonn 'fianú oifigiúil' aon lipéad, marc nó aon chineál eile fianaithe a eisíonn na hoibreoirí faoi mhaoirseacht na n-údarás inniúil, trí rialuithe oifigiúla atá tiomnaithe chuige sin, nó na húdaráis inniúla iad féin, agus lena ndearbhaítear comhlíonadh ceann amháin nó níos mó de na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo nó sna rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2); [..]*

De thoradh na sainmhínithe in Airteagal 3(27) agus (28), chomh maith le haithrisí 69 agus 70 de RRO, cé gur doiciméid i bhfoirm pháipéir nó leictreonach iad deimhnithe oifigiúla, is lipéid agus marcanna nó foirmeacha eile fianuithe iad na fianuithe oifigiúla le haghaidh ainmhithe nó earraí áirithe.

Meastar eisiúint deimhnithe oifigiúla agus fianuithe oifigiúla, nuair a dhéanann údaráis inniúla iad, a bheith ina gníomhaíocht oifigiúil, seachas rialuithe oifigiúla, i gcomhthéacs Airteagal 2(2) de RRO.

Tá tréithe coitianta agus difriúla ag an dá chineál deimhniúcháin sin. A mhéid a bhaineann le deimhnithe oifigiúla, déantar foráil le hAirteagail 88(3) agus 89 de RRO maidir le bunús a n-eisiúna agus airíonna a n-inneachair. Is féidir ceanglais bhreise maidir le deimhnithe oifigiúla a áireamh sna rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO nó a bhunú sna gníomhartha cur chun feidhme bunaithe ar na cumhachtuithe a thugtar don Choimisiún in Airteagal 90 de RRO. Le haghaidh fianuithe oifigiúla, leagtar amach in Airteagal 91 de RRO na prionsabail ghinearálta, agus tá rialacha sonracha maidir lena n-eisiúint sa reachtaíocht earnálach faoi RRO.

Le RRO ceanglaítear ar údaráis inniúla iontaofacht a áirithiú le haghaidh deimhnithe oifigiúla agus fianuithe oifigiúla araon. Dá bhrí sin, tá forálacha inchomparáide in Airteagal 88(2), Airteagal 89(1) agus Airteagal 91(2) agus (3) a thagraíonn do bharántúlacht agus do chruinneas an deimhnithe oifigiúil agus don oibleagáid atá ar na húdaráis inniúla an méid seo a leanas a áirithiú:

(i) baill foirne a shíníonn deimhnithe oifigiúla nó


(ii) baill foirne a dhéanann rialuithe oifigiúla chun maoirseacht a dhéanamh ar eisiúint fianuithe oifigiúla nó a ghlacann páirt in eisiúint fianuithe oifigiúla nuair is údaráis inniúla a eisíonn iad,

go bhfuil siad neamhchlaonta, saor ó choinbhleacht leasa agus go bhfuil oiliúint iomchuí orthu.

Sonraítear comhpháirteanna éigeantacha na ndeimhnithe oifigiúla in Airteagal 89 de RRO agus léirítear iad i bhFíor 7.

Fíor 7

Comhpháirteanna deimhnithe oifigiúla bunaithe ar fhorálacha RRO




Maidir le fianuithe oifigiúla, is iad na ceanglais faoi seach úsáid theangacha oifigiúla an Aontais agus fíorú an naisc idir an fianú oifigiúil agus an choinsíneacht nó an luchtóg, i gcás inarb ábhartha (Airteagal 91(2) de RRO).

Léirítear le Fíor 8 agus Fíor 9 róil éagsúla na n-údarás inniúil agus na mball foirne a rannchuidíonn le deimhniú oifigiúil a eisiúint, dá ndéantar foráil in Airteagail 3, 88, 89 agus 91 de RRO.


Fíor 8

Róil na n údarás agus na mball foirne a bhfuil baint acu leis an bpróiseas chun deimhnithe oifigiúla a eisiúint, bunaithe ar fhorálacha RRO.



Fíor 9

Róil na n-údarás agus na mball foirne a bhfuil baint acu leis an bpróiseas chun fianuithe oifigiúla a eisiúint bunaithe ar fhorálacha RRO



2.6.2. ***Deimhniú oifigiúil***

De thoradh Airteagal 88(1) de RRO, is iad na húdaráis inniúla *amháin* atá freagrach as deimhnithe oifigiúla a eisiúint. Is féidir cúraimí áirithe a bhaineann le heisiúint na ndeimhnithe oifigiúla a tharmligean, áfach, de réir Airteagal 86(2) de RRO, ar choinníoll go gcomhlíonann an tarmligean sin Airteagail 28 go 33 de RRO.

Le deimhnithe oifigiúla, is féidir na hainmhithe nó na hearraí dá n-eisítear iad a shainaithint agus sonraítear dáta a n-eisiúna agus an duine a shínigh iad (Airteagal 89(1) de RRO), rud a fhágann go bhfuil an duine sin freagrach as an bhfaisnéis a áirítear sa deimhniú. Tá eisiúint deimhnithe oifigiúil bunaithe ar fhíorú nó ar dheimhniú fíricí agus sonraí sonracha a bhaineann leis na hainmhithe agus na hearraí faoi dheimhniú (Airteagal 88(3) de RRO), agus ar an gcaoi sin ráthaítear iontaofacht na faisnéise le haghaidh gach deimhnithe aonair.

Cuireadh eilimintí breise san áireamh in Airteagal 89(1) de RRO chun cruinneas agus iontaofacht na ndeimhnithe oifigiúla a áirithiú:

(i) ní shíneoidh oifigigh dheimhniúcháin deimhnithe atá bán nó neamhiomlán.

(ii) tarraingeofar deimhnithe suas i gceann amháin nó níos mó de theangacha oifigiúla an Aontais a thuigeann an t-oifigeach deimhniúcháin agus, nuair is ábhartha, i gceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit is ceann scríbe.

Is fiú a thabhairt faoi deara go gcuirtear i dtábhacht le hAirteagal 89(2) de RRO an fhreagracht atá ar na húdaráis inniúla bearta iomchuí a dhéanamh chun cosc a chur ar chleachtais chalaoiseacha atá ábhartha d'eisiúint agus d'úsáid deimhnithe oifigiúla. Le forálacha Airteagal 138(5) de RRO cuirtear tuilleadh feabhais ar an bhfreagracht sin trí shonrú a dhéanamh ar na bearta a bhfuil sé d'oibleagáid ar an údarás inniúil a dhéanamh sna cásanna sin. Áirítear ar na bearta sin bearta riaracháin i gcoinne daoine aonair, eadhon fionraí sealadach an oifigigh deimhniúcháin nó aistarraingt an údaraithe chun deimhnithe a shíniú, chomh maith le gníomhaíochtaí chun a áirithiú nach ndéantar na cionta athuair.

Agus é d'aidhm acu solúbthacht a sholáthar d'údaráis inniúla, liostaítear i rialacha Airteagal 88(3) de RRO trí bhealach éagsúla trína bhfaigheann na hoifigigh deimhniúcháin eolas ar an bhfaisnéis is gá sula síníonn siad na deimhnithe.

Go sonrach, is féidir leis an oifigeach deimhniúcháin fíricí agus sonraí a fháil go díreach, nó is féidir fíricí agus sonraí a fháil go hindíreach trí rannchuidiú duine eile atá údaraithe ag na húdaráis inniúla agus ag gníomhú faoina rialú, nó trí rannchuidiú an oibreora féin, mar a luaitear in Airteagal 88(3), ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos san fhoráil seo. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, toisc go n-eascraíonn sé as Airteagal 88(4) de RRO, go bhféadfar a cheangal le forálacha sonracha de rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO go síneoidh agus go n-eiseoidh an t-oifigeach deimhniúcháin an deimhniú go heisiach ar na forais go bhfuil eolas ag an t-oifigeach deimhniúcháin *go díreach* ar fhíricí agus ar shonraí.

Féadfaidh deimhnithe oifigiúla a bheith ina réamhriachtanas:

(i) d'ainmhithe agus earraí a chur ar an margadh nó a aistriú, bunaithe ar rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO.

Áirítear an méid seo a leanas go háirithe ar chatagóirí na ndeimhnithe oifigiúla sin:

a. deimhnithe sláinte ainmhithe de bhun Airteagail 149, 161, 167 agus 216 den Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe [Rialachán (AE) 2016/429], maidir le gluaiseacht ainmhithe talún ar coimeád, táirgí geirmeacha d'ainmhithe ar coimeád den speiceas buaibheach, den speiceas caorach, den speiceas gabhair, den speiceas mucach agus den speiceas eachaí agus táirgí geirmeacha d'éanlaith chlóis, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus ainmhithe uisceacha, faoi seach;

b. deimhnithe oifigiúla de bhun Airteagal 21 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún;

c. deimhnithe sláinte le haghaidh seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe mar a cheanglaítear le hAirteagal 21 de Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 agus le Rialachán (AE) Uimh. 142/2011 ón gCoimisiún;

d. deimhnithe inniúlachta tiománaithe agus freastalaithe ar fheithicil bhóthair a iompraíonn *eachainmhithe* clóis nó ainmhithe clóis de speiceas buaibheach, de speiceas caorach, de speiceas gabhair, de speiceas mucach nó éanlaith chlóis de bhun Airteagal 6(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus deimhnithe formheasa le haghaidh modhanna iompair de bhóthar agus le haghaidh soithí beostoic de bhun Airteagail 18 agus 19 den Rialachán sin;

e. deimhnithe oifigiúla de bhun Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 ón gCoimisiún;

f. deimhnithe físeashláintíochta le haghaidh onnmhairiú agus athonnmhairiú, deimhnithe réamhonnmhairithe dá bhforáiltear in Airteagail 100, 101 agus 102 de Rialachán (AE) 2016/2031;

g. deimhnithe de bhun Airteagal 35 de Rialachán (AE) 2018/848 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha;

h. deimhnithe sláinte le haghaidh táirgí de thionscnamh na Síne nó a choinsínítear ón tSín mar a cheanglaítear le hAirteagal 4 de Chinneadh Cur Chun Feidhme 2011/884/AE ón gCoimisiún ([58]).

(ii) do Bhallstát, arb é an tír thionscnaimh nó an tír seolta é, d'onnmhairiú coinsíneachtaí go tríú tíortha, dá dtagraítear in Airteagal 87(b) de RRO.

2.6.3. ***Fianú oifigiúil***

I gcodarsnacht le deimhnithe oifigiúla nach n-eisíonn ach na húdaráis inniúla iad, de thoradh Airteagail 3(28) agus 91 de RRO, is iad oibreoirí go príomha a eisíonn fianuithe oifigiúla. Mar shampla, faoi Rialachán (AE) 2016/2031, is gnách gurb iad oibreoirí gairmiúla údaraithe a eisíonn na pasanna plandaí is gá le haghaidh gluaiseacht plandaí, táirgí plandaí agus réad eile laistigh de chríoch an Aontais.

Déanann na húdaráis inniúla maoirseacht ar na hoibreoirí sa chás sin trí rialuithe oifigiúla tiomnaithe. De réir Airteagal 86(2) de RRO, is féidir le húdaráis inniúla cúraimí áirithe a bhaineann leis an maoirseacht oifigiúil a tharmligean, ar choinníoll go gcomhlíonann an tarmligean sin Airteagail 28 go 33 de RRO. Is féidir tarmligean a úsáid freisin le haghaidh cúraimí sonracha eile a bhaineann le fianuithe a eisiúint, má chomhlíonann sé rialacha na n-airteagal sin.

Tá dhá ról ag na húdaráis inniúla maidir le fianuithe oifigiúla:

(i) fianuithe a eisiúint freisin,

(ii) nó, i gcás gur oibreoirí a eisíonn iad, maoirseacht a dhéanamh ar an oibreoir, agus go háirithe rialuithe oifigiúla a dhéanamh ar bhonn tráthrialta, de réir Airteagal 91(4) de RRO, arb é is aidhm dó a fhíorú go gcomhlíonann na hoibreoirí a eisíonn an fianú na rialacha is infheidhme, agus na fíricí agus na sonraí ar a mbunaítear an eisiúint a fhíorú.

([58]) 2011/884/AE: Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2011 maidir le bearta éigeandála i ndáil le rís ghéinmhodhnaithe neamhúdaraithe i dtáirgí ríse de thionscnamh na Síne agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2008/289/CE (IO L 343, 23.12.2011, lch. 140).

Seo a leanas samplaí d'fhianuithe oifigiúla:

(i) marcanna sláinte agus aitheantais, dá bhforáiltear in Airteagal 18(4) de RRO agus in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 853/2004;

(ii) pasanna plandaí is gá le haghaidh gluaiseacht plandaí, táirgí plandaí agus réad eile laistigh de chríoch an Aontais, dá bhforáiltear i gCaibidil VI, Roinn 2 de Rialachán (AE) 2016/2031;

(iii) marcáil ar ábhar pacáistíochta adhmaid dá bhforáiltear in Airteagal 96 de Rialachán (AE) 2016/2031 agus fianuithe seachas marc an ábhair phacáistíochta adhmaid dá bhforáiltear in Airteagal 99 den ghníomh céanna;

(iv) lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach dá bhforáiltear in Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2018/848 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha;

(v) siombail de chuid an Aontais lena gcuirtear in iúl na hainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus na tásca geografacha faoi chosaint de bhun Airteagal 37 de Rialachán (AE) 2024/1143, agus an siombail de chuid an Aontais do tháirgí arna n-ainmniú mar shainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht de bhun Airteagal 70 den Rialachán céanna.

2.6.4. ***Oifigeach deimhniúcháin***

Airteagal 3(26) de RRO

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas: [..]

(26) ciallaíonn 'oifigeach deimhniúcháin':

(a) *aon oifigeach de chuid na n-údarás inniúil a dtugann na húdaráis sin an t-údarás dó deimhnithe oifigiúla a shíniú; nó*

(b) *aon duine nádúrtha eile a dtugann na húdaráis inniúla an t-údarás dó deimhnithe oifigiúla a shíniú i gcomhréir leis na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2); [..]*

Forchoimeádtar cáilíocht an oifigigh deimhniúcháin go heisiach le haghaidh shíniú na ndeimhnithe oifigiúla, mar a shainmhínítear in Airteagal 88(2) de RRO. Dealraíonn sé freisin leis an sainmhíniú ar an oifigeach deimhniúcháin gur féidir leis a bheith ina oifigeach nó ina dhuine nádúrtha eile atá údaraithe ag na húdaráis inniúla chun deimhnithe oifigiúla a shíniú i gcomhréir leis na rialacha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO. Ní mór do na húdaráis inniúla daoine nádúrtha eile a shíníonn na deimhnithe a 'ainmniú' agus a 'údarú', agus dá bhrí sin ní gá tarmligean a dhéanamh sa chomhthéacs sin.

Féadfar rialacha breise maidir le cáilíochtaí an oifigigh deimhniúcháin a leagan síos i reachtaíocht an Aontais. I Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 lena mbunaítear deimhnithe sláinte ainmhithe caighdeánacha, deimhnithe oifigiúla caighdeánacha agus deimhnithe sláinte ainmhithe/oifigiúla caighdeánacha, i dtaca le coinsíneachtaí catagóirí áirithe ainmhithe agus earraí a theacht isteach san Aontas agus lena ngluaiseacht laistigh den Aontas, is é an tréidlia oifigiúil nó an t-oifigeach deimhniúcháin an duine a shíníonn an deimhniú.

3. TEIDEAL III – SAOTHARLANNA TAGARTHA AGUS LÁRIONAID TAGARTHA

Is é is cuspóir do shaotharlanna tagartha de chuid an Aontais agus saotharlanna náisiúnta tagartha cleachtais aonfhoirmeacha a chur chun cinn i ndáil le forbairt nó le húsáid na modhanna arna gcur i bhfeidhm ag na saotharlanna oifigiúla arna n-ainmniú ag na Ballstáit, agus dá réir sin iontaofacht agus comhsheasmhacht na dtorthaí ar thástálacha, anailísí agus diagnóisí arna ndéanamh i gcomhthéacs rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile á n-áirithiú.

Is é is cuspóir do Lárionaid Tagartha de chuid an Aontais saineolas eolaíoch agus teicniúil a chur chun cinn sna réimsí a bhaineann le leas ainmhithe agus barántúlacht agus sláine an tslabhra agraibhia, agus dá réir sin comhthuiscint eolaíoch á cothú ina réimsí fócais faoi seach mar bhunús le rialuithe oifigiúla agus le gníomhaíochtaí oifigiúla eile.

3.1. **Ainmniúchán agus raon feidhme an mhisin**

3.1.1. ***Saotharlanna tagartha an Aontais agus lárionaid tagartha an Aontais (Airteagail 92 go 99 de RRO)***

Déantar raonta feidhme na ngníomhaíochtaí de chuid STAEnna agus LTAEnna a chinneadh go príomha leis an reachtaíocht earnáilsonrach lena rialaítear na réimsí beartais faoi seach de dhlí an Aontais maidir le slabhra agraibhia agus lena mbunaítear an gá le modhanna comhchuibhithe agus le saineolas eolaíoch, i gcomhréir le hAirteagal 92(1) de RRO le haghaidh STAEnna, agus Airteagail 95(1) agus 97(1) de ORC le haghaidh LTAE, faoi seach.

Is féidir leis an gCoimisiún cinneadh foirmiúil a dhéanamh STAE a bhunú le haghaidh earnáil shonrach trí ghníomh tarmligthe (Airteagal 92(4) de RRO) agus ansin ainmneoidh sé — trí ghníomh cur chun feidhme (Airteagal 93(1) de RRO) — saotharlann amháin nó roinnt saotharlann chun feidhmeanna STAEnna a ghlacadh chuici nó chucu féin tar éis nós imeachta roghnúcháin poiblí (Airteagal 93(2)(a) de RRO). Leis na cinntí bunaíochta agus ainmniúcháin sin féadfar raon feidhme STAEnna a chúngú chuig réimsí áirithe saineolais (e.g., grúpaí pataiginí, speicis lotnaidí, etc.). Mar an gcéanna, le cinneadh foirmiúil an Choimisiúin LTAE amháin nó roinnt LTAEnna a ainmniú le haghaidh leas ainmhithe nó le haghaidh bharántúlacht agus shláine an tslabhra agraibhia ([59]) trí ghníomhartha cur chun feidhme, is féidir raon feidhme LTAE a chúngú chuig réimsí saineolais áirithe.

Na cúraimí éigeantacha atá le déanamh ag STAEnna agus ag LTAEnna, mar aon leis na ceanglais le haghaidh a n-oibríochta (e.g., trealamh, foireann, creidiúnú, etc.) leagtar síos iad in Airteagail 93(3) agus 94 de RRO le haghaidh STAEnna, in Airteagail 95(3) agus 96 de RRO le haghaidh LTAEnna le haghaidh leas ainmhithe agus in Airteagail 97(3) agus 98 de RRO le haghaidh LTAEnna le haghaidh bharántúlacht agus shláine an tslabhra agraibhia. Laistigh den chreat dlíthiúil sin, tá cuid mhór solúbthachta ann chun raon feidhme mionsonraithe misin STAE nó LTAE a shonrú ina chlár oibre bliantúil nó ilbhliantúil.

Má shainaithnítear cúraimí nó ceanglais bhreise le haghaidh STAE nó LTAE tar éis a ainmniúcháin, ba cheart measúnú a dhéanamh ar cé acu a thagann nó nach dtagann na cúraimí agus na ceanglais bhreise sin faoi raon feidhme 1) na reachtaíochta earnáilsonraí faoi seach, 2) an ghnímh tharmligthe bunaíochta agus/nó an ghnímh cur chun feidhme ainmniúcháin agus 3) na catalóige de chúraimí agus de cheanglais a thuairiscítear in Airteagail 93-98 de RRO. Má thagann na cúraimí nó na ceanglais bhreise faoin raon feidhme sin, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh iad a áireamh i gclár oibre bliantúil nó ilbhliantúil STAE nó LTAE. Mura dtagann na cúraimí ná na ceanglais bhreise faoin raon feidhme ar a dtugtar tuairisc thuas, ceanglaítear cinneadh foirmiúil ón gCoimisiún trí ghníomh tarmligthe de réir Airteagal 99(2) de RRO. Mar sin féin, tá an nós imeachta sin srianta do staideanna lena mbaineann rioscaí nua nó rioscaí atá ag teacht chun cinn, galair ainmhithe nua nó galair ainmhithe atá ag teacht chun cinn nó lotnaidí plandaí nua nó lotnaidí plandaí atá ag teacht chun cinn nó ina dtugtar údar leis sin le ceanglais dhlíthiúla nua.

3.1.2. ***Saotharlanna tagartha náisiúnta (Airteagail 100 go 101 de RRO)***

Ainmneoidh na Ballstáit STN amháin nó níos mó le haghaidh gach STAE. Is féidir réimse gníomhaíochtaí STAE a bheith cumhdaithe ag institiúid náisiúnta chomhfhreagrach amháin a fheidhmíonn mar STN nó is féidir iad a roinnt thar roinnt institiúidí náisiúnta. Sa chás deireanach, áiritheoidh na Ballstáit dlúthchomhar idir saotharlanna a chomhroinneann feidhm STN (Airteagal 100(5) de RRO). Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh freisin STNanna breise a ainmniú le haghaidh réimsí beartais nach ann d'aon STAE comhfhreagrach (Airteagal 100(1) de RRO). Leis na STNanna breise sin comhlíonfar mar sin féin ceanglais, cúraimí agus freagrachtaí STNanna mar a leagtar síos in Airteagal 100 agus 101 de RRO, seachas iad sin maidir le comhar le STAEnna (e.g. Airteagal 101(1)(a) agus 101(1)(d) de RRO).

Féadfaidh feidhm saotharlainne oifigiúla agus saotharlainne tagartha a bheith le saotharlann, ar choinníoll go gcomhlíonann sí na ceanglais agus na hoibleagáidí agus go mbeidh sí ainmnithe le haghaidh gach ceann de na feidhmeanna sin.

Féadfaidh na Ballstáit saotharlann atá lonnaithe i dtír eile de chuid an Aontais nó LEE a ainmniú mar STN. Féadfar an sásra sin a úsáid, mar shampla, i gcás nach mbeidh an acmhainneacht ná an saineolas ag saotharlanna náisiúnta na ceanglais le haghaidh chreidiúnú STNanna a chomhlíonadh. Thairis sin, de bhun an Chomhaontaithe maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ([60]), agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann agus a Iarscríbhinn 2, roinn 43, is é sin an t-aon sásra amháin trínar féidir STNanna i leith Thuaisceart Éireann a ainmniú.

([59]) Ó dháta foilseacháin an Fhógra seo, níor ainmníodh aon LTAE le haghaidh bharántúlacht agus shláine an tslabhra agraibhia.
([60]) IO L 29, 31.1.2020, lgh. 7.

3.2. **Creidiúnú**

3.2.1. ***STAEnna (Airteagal 93 de RRO) agus STNanna (Airteagal 100 de RRO)***

Tá oibleagáid ar STAEnna agus STNanna oibriú i gcomhréir le EN ISO/IEC 17025 agus a bheith creidiúnaithe faoin gcaighdeán sin. Áireofar le raon feidhme a gcreidiúnaithe na modhanna anailíse, tástála nó diagnóise saotharlainne uile a gceanglaítear ar an tsaotharlann iad a úsáid i gcás ina n-oibreoidh sí mar STAE nó STN. Is féidir an téarma 'modh' a thuiscint mar nós imeachta tomhais a chuirtear i bhfeidhm maidir le maitrís shonrach nó grúpa maitrísí, agus maidir le hanailít shonrach nó grúpa anailítí, nó teaglaim díobh, de réir an mhodha i gceist, i gcomhréir le EN ISO/IEC 17025.

Comhfhreagraíonn na rialacha sin do na hoibleagáidí ábhartha a bhunaítear chun saotharlanna oifigiúla a ainmniú in Airteagal 37(4)(e) agus Airteagal 37(5) de RRO (féach caibidil 2.3.3.2. maidir le creidiúnú). Le RRO déantar foráil do mhaoluithe ar an oibleagáid sin, tríd an tsainphribhléid a thabhairt do na Ballstáit STN a ainmniú nach gcomhlíonann an oibleagáid chreidiúnaithe faoi choinníollacha áirithe, agus deonaítear solúbthacht áirithe leis maidir le raon feidhme an chreidiúnaithe:

1. Féadfaidh an méid seo a leanas a bheith fíor maidir le raon feidhme creidiúnaithe STN nó STAE

    a. féadfar grúpaí modhanna (Airteagal 100(2) i gcomhar le hAirteagal 37(5)(b) de RRO le haghaidh STNanna, Airteagal 93(3)(a)(ii) de RRO le haghaidh STAEnna) a chuimsiú leis

    b. féadfar é a shainiú ar bhealach solúbtha (Airteagal 100(2) i gcomhar le hAirteagal 37(5)(c) de RRO le haghaidh STNanna, Airteagal 93(3)(a)(iii) de RRO le haghaidh STAEnna)

2. Ceadaítear maolú sealadach ar chreidiúnú éigeantach (1 + 1 bhliain) le haghaidh STNanna (Airteagal 100(2) i gcomhar le hAirteagal 42(1), Airteagal 42(2)(a)+(b) agus Airteagal 42(3) de RRO):

    a. i gcás ina mbeidh úsáid an mhodha sin nuacheangailte le rialacha an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 34(1) de RRO (ó dháta theacht i bhfeidhm na rialacha sin)

    b. i gcás ina gceanglófar creidiúnú nua nó sínte le hathruithe ar mhodh in úsáid (mura gcumhdaítear sin le raon feidhme creidiúnaithe solúbtha ([61]))

    c. i gcás ina n-eascróidh an gá chun an modh a úsáid as staid éigeandála nó as riosca atá ag teacht chun cinn.

3. Maidir le réimse na sláinte plandaí, bhí idirthréimhse ann go dtí an 29 Aibreán 2022 chun go dtiocfaidh an ceanglas creidiúnaithe i bhfeidhm (Airteagal 167(2) de RRO).

Ní thagann STNanna ná STAEnna faoi raon feidhme na maoluithe ar chreidiúnú éigeantach a bhunaítear in Airteagal 41 de RRO agus i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1353 ón gCoimisiún. Mar sin féin, le haghaidh réimse na sláinte plandaí, féadfaidh na húdaráis inniúla nó an Coimisiún faoi seach saotharlanna oifigiúla a ainmniú, arna n-ainmniú amhlaidh ar bhonn maolú a ghlactar faoi Airteagal 41 de RRO, mar STN nó STAE gan beann ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann siad an coinníoll a bhaineann lena modhanna uile a chreidiúnú (Airteagal 93(4) agus Airteagal 100(2) de RRO, faoi seach). Ní dhéanfaí difear leis an bhféidearthacht sin do STNanna ná STAEnna i réimse na sláinte plandaí a ainmníodh amhlaidh roimh ghlacadh an ghnímh tharmligthe faoi Airteagal 41 de RRO.

3.2.2. ***LTAEnna (Airteagail 95 go dtí 98 de RRO)***

De bharr a misin atá dírithe ar thacaíocht, níl aon fhoráil ann le haghaidh creidiúnú éigeantach LTAEnna. Mar sin féin, 'beidh saineolas eolaíoch agus teicniúil ar ardleibhéal' ag LTAEnna ina réimse fócais faoi seach agus 'áiritheoidh siad go mbeidh eolas maith ag a bhfoireann ar chaighdeáin agus ar chleachtais idirnáisiúnta' (Airteagal 95(3)(b) agus (e), agus Airteagal 97(3)(b) agus (e) de RRO, faoi seach).

([61]) 'Raon feidhme creidiúnaithe solúbtha': An raon feidhme creidiúnaithe a léirítear chun a cheadú do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta athruithe a dhéanamh ar mhodheolaíocht agus ar pharaiméadair eile a thagann laistigh d'inniúlacht an chomhlachta um measúnú comhréireachta arna dheimhniú ag an gcomhlacht creidiúnaithe (ISO/IEC 17011:2017)

3.3. **Oibleagáidí maidir le foilsiú agus fógra a thabhairt**

3.3.1. ***Liosta STNanna***

Déanfaidh na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 100(4) de RRO, liosta d'ainmneacha agus de sheoltaí STNanna atá tugtha cothrom le dáta a chur in iúl don Choimisiún, do na Ballstáit eile agus do na STAEnna ábhartha agus cuirfidh siad an liosta sin ar fáil go poiblí.

Déanfaidh STAEnna, i gcomhréir le hAirteagal 94(3) de RRO, liosta dá STNanna comhfhreagracha a bheidh ainmnithe ag na Ballstáit a fhoilsiú ina réimse fócais faoi seach.

3.3.2. ***Liosta STAEnna agus LTAEnna***

Foilsíonn an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 99(1) de RRO, liosta atá tugtha cothrom le dáta d'ainmneacha agus de sheoltaí STAEnna ainmnithe (https://food.ec.europa.eu/horizontal-topics/european-union-reference-laboratories_ga) agus LTAEnna (le haghaidh leas ainmhithe: https://food.ec.europa.eu/animals/animal-welfare/eu-reference-centres-animal-welfare_ga) ar a shuíomh gréasáin.

3.3.3. ***Príobháideachas sonraí***

Agus faisnéis STNanna (na Ballstáit) nó STAEnna (an Coimisiún Eorpach) á foilsiú, tá feidhm ag rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí (Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([62]) agus Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([63]), faoi seach). Ní fhéadfar faisnéis maidir le daoine nádúrtha a fhoilsiú gan a dtoiliú. Mar dhea-chleachtas, níor cheart ach faisnéis teagmhála ghinearálta (e.g., seoladh, bosca ríomhphoist feidhmiúil) saotharlainne a fhoilsiú, ós rud é go gcomhlíontar go leordhóthanach léi na hoibleagáidí foilsitheoireachta a leagtar síos in Airteagail 94(3), 99(1) agus 100(4) de RRO.

3.4. **Tuairisciú agus rialuithe an Choimisiúin**

3.4.1. ***STAEnna agus LTAEnna***

I gcomhréir le hAirteagal 99(3) de RRO, beidh STAEnna agus LTAEnna faoi réir rialuithe an Choimisiúin chun fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh cheanglais Airteagail 93(3) agus 94 de RRO le haghaidh STAEnna, agus Airteagail 95(3) agus 97(3) de RRO le haghaidh LTAEnna.

Is é an cleachtas atá ag an gCoimisiún faoi láthair an méid seo a leanas a dhéanamh, mar chuid dá rialuithe: athbhreithniú doiciméadach ar thuarascálacha ar bhonn chláir oibre bhliantúla nó ilbhliantúla STAEnna agus LTAEnna;

— athbhreithniú doiciméadach ar thuarascálacha airgeadais bliantúla.

Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún a chinneadh rialuithe a dhéanamh ar an láthair ar bhonn cás ar chás, chun fíorú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcritéar ainmniúcháin i ndáil leis an tsaotharlann agus chun a fhíorú, cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh cláir bhliantúla nó ilbhliantúla a bhí curtha isteach a chur chun feidhme agus a thuairisciú go leordhóthanach,

— le haghaidh eilimintí nach féidir a fhíorú go héasca trí athbhreithniú doiciméadach

— má ardaítear ábhair imní le tuarascálacha nó le foinsí faisnéise eile nó má léirítear neamhchomhlíonadh leo.

3.4.2. ***STNanna***

Níl STNanna faoi réir rialuithe an Choimisiúin a thuairiscítear in Airteagal 99(3) de RRO. Mar sin féin, féadfar gníomhaíochtaí STN a áireamh ar rialuithe an Choimisiúin chun fíorú a dhéanamh ar fheidhmiú chórais rialaithe na mBallstát a thuairiscítear in Airteagail 116-119 den Rialachán sin.

([62]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

([63]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

3.4.2.1. *STNanna: Tástálacha comparáideacha agus tástálacha inniúlachta idirshaotharlainne*

Déanfaidh STAEnna faireachán ar fheidhmíocht STNanna ar bhonn tráthrialta trí thástálacha comparáideacha nó tástálacha inniúlachta idirshaotharlainne (CTanna/PTanna) i gcomhréir le hAirteagal 94(2)(c) de RRO, go háirithe i gcás inarb ann do cheanglas dlíthiúil chun modhanna áirithe a úsáid. Tá oibleagáid ar STNanna páirt a ghlacadh in CTanna/PTanna de bhua Airteagal 101(1)(a) de RRO. I gcásanna nach ann d'aon cheanglas dlíthiúil ná aon ábhar imní sábháilteachta i ndáil leis an anailít nó leis an nguais i gceist, ba cheart do STNanna a ndícheall a dhéanamh chun rannpháirtíocht a áirithiú in CTanna/PTanna STAE nó réasúnú a sholáthar le neamh-rannpháirtíocht.

I gcás inar gá, is féidir le STNanna nó STAEnna iarraidh ar STN eile nó ar shaotharlann oifigiúil a dhéanann ionadaíocht don Bhallstát páirt a ghlacadh in CT/PT (Airteagal 94(2)(c) agus Airteagal 38(2) de RRO). I gcásanna nach ann d'aon rannpháirtíocht CT/PT nó nach nglacfaidh STAE leis an réasúnú le haghaidh neamhrannpháirtíochta, ba cheart na Ballstáit a chur ar an eolas chun beart a dhéanamh.

Le haghaidh cásanna tearcfheidhmíochta STN in CTanna/PTanna arna n-eagrú ag STAEnna, ba cheart nósanna imeachta leantacha iomchuí a bheith i bhfeidhm. Go ginearálta, ba cheart cur chuige dhá chéim a leanúint leis na nósanna imeachta sin. Sa chéad chéim, ba cheart a iarraidh ar STN beart ceartaitheach a dhéanamh chun na saincheisteanna a sainaithníodh a laghdú. Sa dara céim, má thagann tearcfheidhmíocht as bearta ceartaitheacha fós, nó mura gcomhoibreoidh STN go hiomlán chun na saincheisteanna a sainaithníodh sa chéad chéim a cheartú, ba cheart do STAE an Coimisiún a chur ar an eolas. Cinnfidh an Coimisiún cé na bearta eile atá le déanamh agus is féidir go gceanglóidh sé ar údarás inniúil an Bhallstáit beart a dhéanamh.

4. TEIDEAL VII – GNÍOMHAÍOCHT FORFHEIDHMIÚCHÁIN

4.1. CAIBIDIL I – Gníomhaíochtaí na n-údarás inniúil agus pionóis

4.1.1. *Sáruithe a thuairisciú (Airteagal 140 de RRO)*

Féadfar comhlíonadh rialacha an Aontais a fheabhsú trí shásraí lena gcumasaítear agus lena spreagtar daoine chun faisnéis nua faoi sháruithe ar rialacha an Aontais a thabhairt ar aird na n-údarás inniúil, agus ar an gcaoi sin cuideofar leis na húdaráis inniúla sáruithe a bhrath agus cuirfear ar a gcumas bearta leantacha iomchuí a dhéanamh. Mar sin féin, d'fhéadfadh easpa nósanna imeachta maidir le tuairisciú, nó eagla roimh iarmhairtí diúltacha, amhail sáruithe príobháideachais, frithbheart nó idirdhealú, daoine a d'fhéadfadh sáruithe a thuairisciú a dhíspreagadh, go háirithe i gcásanna ina bhfaightear an fhaisnéis i gcomhthéacs oibre ('sceithirí').

Sa chomhthéacs sin, foráiltear le Treoir (AE) 2019/1937 ([64]) ('an Treoir maidir le Sceithirí') do chreat comhchoiteann chun sáruithe ar dhlí an Aontais a thuairisciú agus chun sceithirí a chosaint, i réimsí ina meastar go neartaíonn sceithireacht forfheidhmiú dhlí an Aontais agus i gcás ina bhféadfadh sáruithe ar dhlí an Aontais díobháil thromchúiseach a dhéanamh do leas an phobail. Áirítear RRO féin agus roinnt gníomhartha eile de chuid an Aontais lena leagtar síos rialacha maidir leis an slabhra agraibhia i raon feidhme na Treorach maidir le Sceithirí (Airteagal 2(1) agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir maidir le Sceithirí).

An tráth céanna, déantar foráil le hAirteagal 140 de RRO maidir le hoibleagáid ghinearálta a fhorchuirtear ar na Ballstáit chun sásraí tuairiscithe éifeachtacha a bhunú sna húdaráis inniúla de réir bhrí RRO, lena n-áirítear go háirithe nósanna imeachta chun tuairiscí a fháil agus cosaint a thabhairt ar fhrithbheart agus sáruithe ar RRO á dtuairisciú.

Dá bhrí sin, cé gurb é RRO féin a cheanglaíonn ar údaráis inniúla go mbeidh i bhfeidhm acu córais tuairiscithe éifeachtacha agus cosaint do dhaoine tuairiscithe, is leis an Treoir maidir le Sceithirí a chomhlánaítear Airteagal 140 de RRO agus a bhunaítear forálacha mionsonraithe maidir le bealaí tuairiscithe agus bearta sonracha tacaíochta agus cosanta do dhaoine tuairiscithe a thagann faoi raon feidhme na Treorach sin.

Ní dhéanann an Treoir maidir le Sceithirí difear do chur i bhfeidhm dhlí an Aontais ná an dlí náisiúnta a bhaineann le rialacha nós imeachta choiriúil, go háirithe na rialacha sin atá dírithe ar shláine na n-imscrúduithe agus na n-imeachtaí nó ar chearta cosanta na ndaoine lena mbaineann a chosaint (Airteagal 3(3)(d) agus aithris 28 den Treoir). Tugtar tuairisc níos mionsonraithe sna míreanna seo a leanas ar raonta feidhme Airteagal 140 de RRO agus na Treorach maidir le Sceithirí agus ar na ceanglais maidir le bealaí tuairiscithe a dhearadh.

([64]) Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais, (IO L 305, 26.11.2019, lgh. 17).

4.1.1.1. *Raon feidhme ábhartha: na cineálacha sáruithe is féidir a thuairisciú*

Airteagal 140 de RRO

Sáruithe a thuairisciú

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sásraí éifeachtacha i bhfeidhm chun tuairisciú sáruithe iarbhír nó féideartha ar an Rialachán seo a chumasú.

2. Beidh an méid seo a leanas ar a laghad sna sásraí dá dtagraítear i mír 1:

(a) nósanna imeachta maidir le fáil na dtuairiscí ar sháruithe agus le gníomhaíochtaí leantacha ina leith;

(b) cosaint iomchuí do dhaoine a thuairiscíonn sárú ar fhrithbhearta, ar idirdhealú nó ar chineálacha eile de chóir éagórach; agus

(c) cosaint sonraí pearsanta a bhaineann leis an duine a thuairiscíonn sárú i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta.

Le hAirteagal 140 de RRO bunaítear oibleagáid ar na Ballstáit tuairisciú sáruithe ar 'an Rialachán seo' a chumasú, i.e., sáruithe ar na rialacha maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a leagtar síos in RRO a dhéanamh. Féadfar a áireamh leis sin, i measc nithe eile, sáruithe ar na rialacha maidir le pleanáil, eagrú, feidhmíocht, doiciméadú nó maoiniú rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile, sáruithe ar na rialacha maidir le hoibleagáidí oibreoirí a leagtar síos in RRO, chomh maith le hiompar, neamhchlaontacht nó cáilíocht fhoireann na n-eintiteas atá faoi réir rialacha RRO.

Tá na gníomhartha a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir maidir le Sceithirí san áireamh *in toto* i raon feidhme ábhartha na Treorach sin. Dá bhrí sin, cumhdaítear RRO iomlán le raon feidhme ábhartha na Treorach maidir le Sceithirí.

Cé nach leagtar síos le hAirteagal 140 de RRO ceanglais maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar rialacha a leagtar síos i ngníomhartha reachtacha eile sna réimsí dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO, áirítear cuid de na gníomhartha sin i raon feidhme ábhartha na Treorach maidir le Sceithirí (féach Table 6: Legal acts subject to the Whistleblower Directive). I bhfocail eile, ní chumhdaítear tuairiscí ar sháruithe ar dhlí an Aontais a thagann faoi na réimsí dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO leis an Treoir maidir le Sceithirí ach amháin a mhéid a bhaineann siad (a) le sárú ar RRO, e.g., maidir leis na rialuithe oifigiúla atá le déanamh, nó (b) le sárú ar ghníomhartha dlí an Aontais a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir maidir le Sceithirí.

Ba cheart a mheabhrú freisin go spreagann an Coimisiún na Ballstáit, agus an Treoir maidir le Sceithirí á trasuí acu, machnamh a dhéanamh ar a raon feidhme a leathnú chuig réimsí eile agus, ar bhonn níos ginearálta, creat cuimsitheach agus comhleanúnach a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta.

Tábla 6

Liosta táscach de ghníomhartha dlí an Aontais laistigh de na réimsí dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO atá faoi réir na Treorach maidir le Sceithirí. Ina theannta sin, tá RRO féin san áireamh freisin i raon feidhme na Treorach maidir le Sceithirí

Limistéir dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de RRO		Gníomhartha dlí a áirítear i raon feidhme Threoir (AE) 2019/1937 (Airteagal 2(1) agus an Iarscríbhinn)
a)	bia agus sábháilteacht bia	Rialachán (CE) Uimh. 178/2002

b)	scaoileadh réamhbheartaithe Orgánach Géinmhodhnaithe (OGManna) chun críche bia agus beatha a tháirgeadh sa timpeallacht	-
c)	beatha agus sábháilteacht beatha	Rialachán (CE) Uimh. 178/2002
d)	ceanglais maidir le sláinte ainmhithe	Rialachán (AE) 2016/429 Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009
e)	seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe	Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009
f)	ceanglais maidir le leas ainmhithe	Treoir 98/58/CE ón gComhairle ([1]) Rialachán ón gComhairle (CE) Uimh. 1/2005 Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle Treoir 1999/22/CE ón gComhairle ([2]) Treoir 2010/63/AE ([3])
g)	bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí	-
h)	táirgí cosanta plandaí agus úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí	-
i)	táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha	Rialachán (AE) 2018/848
j)	úsáid agus lipéadú ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint, tásca geografacha faoi chosaint agus sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht.	-

([1]) Treoir 98/58/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le cosaint ainmhithe a choinnítear le haghaidh feirmeoireachta (IO L 221, 8.8.1998, lch. 23).
([2]) Treoir 1999/22/CE ón gComhairle an 29 Márta 1999 maidir le hainmhithe fiáine a choinneáil i zúnna (IO L 94, 9.4.1999, lch. 24).
([3]) Treoir 2010/63/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2010 maidir le cosaint ainmhithe a úsáidtear chun críoch eolaíoch (IO L 276, 20.10.2010, lch. 33).

4.1.1.2. *Sásraí tuairiscithe*

Le hAirteagal 140 de RRO bunaítear oibleagáid na n-údarás inniúil bealaí tuairiscithe éifeachtacha a chumasú chun sáruithe ar RRO a thuairisciú agus tagraítear leis, i dtéarmaí ginearálta, do 't[h]uairisciú sáruithe iarbhír nó féideartha' agus do 'dhaoine a thuairiscíonn sárú'. Thairis sin, soiléirítear le haithris 91 de RRO gur cheart 'duine ar bith' a chuireann na húdaráis inniúla ar an eolas maidir le sáruithe a bhféadfaí a bheith á ndéanamh a chosaint. Dá bhrí sin, ba cheart na bealaí tuairiscithe a chuirtear chun feidhme faoi RRO a bheith comhsheasmhach le caighdeáin na Treorach maidir le Sceithirí.

Agus bealaí tuairiscithe á mbunú, ([65]) tá 'comharthaíocht' shoiléir ríthábhachtach, i.e., faisnéis chruinn atá ar fáil go héasca a sholáthar don phobal i gcoitinne faoi bhealaí tuairiscithe agus faoi na leibhéil chosanta ghaolmhara, go háirithe i gcás ina bhfuil bealaí rúnda ar fáil i gcomhréir le ceanglais na Treorach maidir le Sceithirí sa bhreis ar mhodhanna nach bhfuil chomh rúnda céanna chun an fhaisnéis a sholáthar.

([65]) Aithris 89 den Treoir maidir le Sceithirí: '*[..] Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear faisnéis ábhartha chruinn ina leith sin ar fáil ar bhealach atá soiléir agus inrochtana go héasca ag an bpobal i gcoitinne. Ba cheart comhairle aonair, neamhchlaonta agus rúnda, saor in aisce, a bheith ar fáil i dtaobh, mar shampla, an bhfuil fhaisnéis atá i gceist cumhdaithe ag na rialacha is infheidhme maidir le cosaint do sceithirí, i dtaobh cé acu bealach tuairiscithe is fearr a d'fhéadfaí a úsáid agus i dtaobh na nósanna imeachta malartacha atá ar fáil i gcás nach bhfuil an fhaisnéis faoi réir na rialacha is infheidhme, "comharthaíocht" mar a thugtar air. [..]*'.

Dírítear sna míreanna seo a leanas ar chur chun feidhme sásraí tuairiscithe i gcomhréir leis an Treoir maidir le Sceithirí ag na húdaráis inniúla de réir bhrí RRO.

4.1.1.3. *Nósanna imeachta i scríbhinn*

Ceanglaítear leis an Treoir maidir le Sceithirí go mbunófar nósanna imeachta i dtaca le tuairiscí ar sháruithe a fháil agus bearta leantacha i leith na dtuairiscí.

Tugann sé sin le tuiscint gur cheart nósanna imeachta soiléire i scríbhinn a bheith i bhfeidhm laistigh den údarás inniúil lena gcinntear an chaoi a bhféadtar tuarascálacha a chur isteach, an chaoi a ndéantar iad a phróiseáil agus a láimhseáil, cé na sásraí cosanta a chuirtear i bhfeidhm agus an chaoi a ndéantar bearta leantacha i leith tuairiscí.

Is é is aidhm do na coimircí sin próiseáil cheart faisnéise a áirithiú, lena n-áirítear rúndacht agus cosaint sonraí pearsanta laistigh den údarás inniúil, chomh maith le faisnéis a sholáthar do dhaoine tuairiscithe féideartha maidir leis na féidearthachtaí tuairiscithe agus na nósanna imeachta maidir le tuairiscí a phróiseáil, ar cheart rochtain éasca agus phoiblí a bheith orthu, chun daoine tuairiscithe féideartha a spreagadh agus chun iad a chur ar a suaimhneas go ndéileálfar leo ar bhonn rúnda agus maidir leis na bearta leantacha éifeachtacha a dhéanfar i leith a dtuairisce.

4.1.1.4. *Teagmhálaithe, tuairiscí a fháil agus a láimhseáil*

Na sásraí tuairiscithe dá bhforáiltear in Airteagal 140 de RRO atá le bunú ag údaráis inniúla arna n-ainmniú faoi RRO, tagann siad faoin gcoincheap 'bealaí tuairiscithe inmheánacha' (Airteagail 7-9 den Treoir maidir le Sceithirí) ([66]). Folaíonn 'tuairisciú inmheánach' freisin cásanna ina bhfuil tríú páirtithe údaraithe ag na heintitis a oibríonn an bealach tuairiscithe chun tuairiscí ar sháruithe a fháil thar a gceann (Airteagal 8(5) den Treoir maidir le Sceithirí).

Cé gur faoin eintiteas (údaráis inniúla) atá sé cinneadh a dhéanamh an údaróidh nó nach n-údaróidh sé tríú páirtithe chun tuairiscí a fháil thar a gceann, i gcás ar bith, ba cheart do na daoine a fhaigheann agus a láimhseálann tuairiscí ráthaíochtaí iomchuí a thairgeadh go n-urramófar neamhspleáchas, rúndacht, cosaint sonraí agus sicréideacht (aithris 54 den Treoir maidir le Sceithirí).

Gach tuairisc a gheobhaidh eintitis (údaráis inniúla de réir bhrí RRO), ba cheart déileáil leo mar thuairiscí rúnda. Ceanglaítear le hAirteagal 9 den Treoir go dtabharfaidh na heintitis (údaráis inniúla) admháil go bhfuarthas an tuairisc don duine tuairiscithe laistigh de 7 lá, agus ba cheart don duine tuairiscithe aiseolas a fháil faoi na bearta leantacha a rinneadh nó atá beartaithe, laistigh de thréimhse ama réasúnach nach faide ná 3 mhí ón admháil fála nó, murar seoladh admháil chuig an duine tuairiscithe, 3 mhí ó dhul in éag na tréimhse 7 lá tar éis an tuairisc a dhéanamh. Ciallaíonn beart leantach aon ghníomhaíocht a dhéanann faighteoir tuairisce nó aon údarás inniúil, chun cruinneas na líomhaintí a dhéantar sa tuairisc a mheasúnú agus, i gcás inarb ábhartha, chun aghaidh a thabhairt ar an sárú a thuairiscítear, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí amhail fiosrúchán inmheánach, imscrúdú, ionchúiseamh, caingean chun cistí a ghnóthú, nó an nós imeachta a dhúnadh (Airteagal 5(12) den Treoir maidir le Sceithirí).

4.1.1.5. *Cosaint sonraí pearsanta*

Leis na ceanglais maidir le bealaí tuairiscithe a dhearadh faoin Treoir maidir le Sceithirí, ([67]) áirithítear go ndéileálfaidh na heintitis a oibríonn bealaí tuairiscithe le céannacht an duine tuairiscithe mar ábhar fíor-rúnda, toisc go bhfuil sé bunriachtanach rúndacht chéannacht an duine tuairiscithe a choimirciú chun frithbheart a chosc ([68]).

([66]) Ba cheart a thabhairt faoi deara, sa bhreis ar 'b[h]ealaí tuairiscithe inmheánacha', go gceanglaítear leis an Treoir maidir le Sceithirí ar na Ballstáit 'bealaí tuairiscithe seachtracha' a bhunú, agus, chun na críche sin, na húdaráis a ainmniú atá inniúil chun tuairiscí a fháil, aiseolas a thabhairt agus bearta leantacha a dhéanamh ina leith (féach go háirithe Airteagal 11 den Treoir). Ní chumhdaítear tuairisciú seachtrach i gcomhréir leis an Treoir maidir le Sceithirí sa doiciméad seo.

([67]) Airteagal 16 den Treoir maidir le Sceithirí.

([68]) Aithris 82 den Treoir maidir le Sceithirí.

Ní mór sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir leis rialacha maidir le cosaint sonraí ar an leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal an Aontais, agus go príomha, leis na rialacha a shonraítear i Rialachán (AE) 2016/679 (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, RGCS) agus i dTreoir (AE) 2016/680. Ba cheart a thabhairt faoi deara, i ndáil leis sin, gur 'sonraí pearsanta' atá in aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta ('ábhar sonraí'); is é is duine nádúrtha in-sainaitheanta ann duine is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d'aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó ceann amháin nó níos mó de thosca a bhaineann go sonrach le céannacht fhisiceach, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine nádúrtha sin (Airteagal 4(1) de RGCS agus Airteagal 3(1) de Threoir (AE) 2016/680).

Is dócha, in ábhar tuairisce, go mbeidh sonraí pearsanta an duine tuairiscithe agus an duine lena mbaineann araon, nó sonraí pearsanta daoine a bhfuil baint acu leis an duine tuairiscithe. Faoin Treoir maidir le Sceithirí, ní mór na bealaí tuairiscithe a dhearadh chun a áirithiú go gcosnófar céannacht an duine tuairiscithe agus céannacht an duine lena mbaineann (i.e., duine nádúrtha nó dlítheanach dá dtagraítear sa tuairisc mar dhuine a bhfuil an sárú curtha ina leith nó lena bhfuil baint ag an duine sin) ([69]). Dá bhrí sin, ní mór rochtain inmheánach ar an bhfaisnéis atá idir lámha mar chuid den imscrúdú ar na líomhaintí a thabhairt d'fhoireann ainmnithe amháin ([70]).

Ina theannta sin, ní mór rialacha sonracha a leanúint maidir le taifid a choinneáil ar na tuairiscí. Déanfar tuairiscí a stóráil ar feadh tréimhse nach faide ná mar is gá agus is comhréireach chun na ceanglais a fhorchuirtear leis an Treoir maidir le Sceithirí nó ceanglais eile a fhorchuirtear le dlí an Aontais nó leis an dlí náisiúnta a chomhlíonadh ([71]), lena n-áirítear rialacha maidir le bailiú sonraí pearsanta atá ábhartha i leith na líomhna, an sainmhíniú ar thréimhse choinneála sonraí pearsanta ag brath, i measc nithe eile, ar thoradh an nóis imeachta sceithireachta agus ar chineál thoradh an cháis ([72]) nó ar chur chun feidhme beart slándála iomchuí ([73]).

Moltar go ndéanfaidh údaráis inniúla de réir bhrí RRO, le linn dóibh faisnéis maidir le bealaí tuairiscithe a chur ar fáil do dhaoine tuairiscithe féideartha, faisnéis a áireamh maidir leis an gcaoi a bpróiseáiltear sonraí pearsanta atá i dtuairiscí.

Ina theannta sin, moltar d'eagraíochtaí breithniú a dhéanamh ar na himpleachtaí cosanta sonraí a bhaineann le próisis nua sceithireachta ag céim an deartha (prionsabal na cosanta sonraí trí dhearadh d'Airteagal 25 RGCS). Trí pháirt a thabhairt don oifigeach cosanta sonraí (OCS) go luath sa phróiseas, beidh na heagraíochtaí ábhartha in ann a nósanna imeachta sceithireachta a oiriúnú do cheanglais cosanta sonraí.

4.1.1.6. *Tuairisciú anaithnid*

Fágann an Treoir maidir le Sceithirí an rogha maidir leis an bhféidearthacht glacadh le tuairisciú anaithnid agus obair leantach a dhéanamh ina leith faoi na Ballstáit ([74]). Mar sin féin, cuirtear i bhfios go soiléir sa Treoir maidir le Sceithirí, ([75]) is cuma cé acu a roghnaíonn nó nach roghnaíonn na Ballstáit bearta leantacha a dhéanamh i leith tuairiscí anaithnide, má bhíonn daoine a thuairiscigh faisnéis ar bhonn anaithnid thíos le frithbheart nuair a nochtar a gcéannacht, ba cheart dóibh an chosaint dá bhforáiltear faoi Chaibidil VI den Treoir a fháil.

Is é an buntáiste a bhaineann le tuairisciú anaithnid go bhféadfadh sé an bac coiscthe ar thuairisciú a dhéanamh ar an gcéad dul síos a laghdú do dhaoine nach mbeadh muinín acu fós, d'ainneoin na ráthaíochtaí rúndachta, nach nochtfaí a gcéannacht.

D'fhéadfadh réitigh theicneolaíocha a chuireann ar a gcumas do dhaoine tuairisciú anaithnid a dhéanamh ar dtús, agus cumarsáid dhá threo á ceadú an tráth céanna, cuidiú le laghdú an choisc tosaigh ar thuairisciú agus fós ligean do na húdaráis faisnéis bhreise a iarraidh ar na daoine tuairiscithe. Gan beann ar na modhanna teicniúla cumarsáide, ní mór sásraí a bheith i bhfeidhm lena n-áirithítear rúndacht agus cosaint i gcoinne frithbhirt chun cosaint a áirithiú a luaithe a nochtar céannacht an duine tuairiscithe.

([69]) Airteagal 22(3) den Treoir maidir le Sceithirí.
([70]) Airteagail 9(1)(a) agus 12(1)(a) den Treoir maidir le Sceithirí.
([71]) Airteagal 18(1) den Treoir maidir le Sceithirí.
([72]) Airteagal 5(1)(e) de Rialachán 2016/679, lena dtugtar isteach an prionsabal ginearálta go ndéanfar sonraí pearsanta a choinneáil '... i bhfoirm nach gceadaítear léi na hábhair sonraí a shainaithint ach go ceann tréimhse nach faide ná mar is gá chun na críocha sin ar chucu a dhéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil a bhaint amach...'.
([73]) Airteagal 5(1)(f) de Rialachán 2016/679, ina sonraítear go ndéanfar na sonraí pearsanta '...a phróiseáil ar chaoi go n-áirithítear slándáil iomchuí na sonraí pearsanta, lena n-áirítear cosaint ar phróiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach agus ar chailleadh, scrios nó damáiste de thaisme, agus úsáid á baint as bearta iomchuí teicniúla nó eagraíochtúla ("sláine agus rúndacht")'.
([74]) Airteagal 6(2) den Treoir maidir le Sceithirí.
([75]) Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Sceithirí.

Tábla 7

Samplaí de theicneolaíochtaí atá ar fáil le haghaidh tuairiscithe ([76])

Uirlis	Buntáistí	Míbhuntáistí / dúshláin
Bosca poist / post	— éasca a chur chun feidhme	— ní mór seachadadh rúnda chuig an teagmhálaí a áirithiú
ríomhphost	— éasca a chur chun feidhme	— ní mór rochtain ar an gcuntas ríomhphoist a theorannú don teagmhálaí — ní mór don soláthraí ríomhphoist cosaint sonraí a áirithiú
Teileafón / teachtaireachtaí gutha / cruinniú fisiceach	— éasca a chur chun feidhme — cumarsáid dhíreach leis an teagmhálaí	— ní mór rúndacht agus neamhchlaontacht a áirithiú fós le linn faisnéis a fháil agus a láimhseáil
Réitigh dhigiteacha / ardáin TF	— bac íseal coiscthe — slándáil sonraí — cumarsáid dhá threo — is féidir tuairisciú anaithnid a sholáthar go héasca	— ní mór rúndacht agus neamhchlaontacht a áirithiú fós le linn faisnéis a fháil agus a láimhseáil

4.1.1.7. *Cosaint i gcoinne frithbhirt*

Féadfaidh aon ghníomh díreach nó indíreach (nó neamhghníomh) chun aimhleasa an duine tuairiscithe a bheith i gceist le frithbheart, idirdhealú nó cineálacha eile de chóir éagórach. Féadfar daoine a oibríonn don údarás inniúil a dhífhostú nó a fhionraí, mar shampla, nó ísliú céime a thabhairt dóibh. Féadfaidh iarmhairtí diúltacha a bheith i ndán do dhaoine a thuairiscíonn ó lasmuigh den údarás inniúil freisin, mar shampla, trína gcéannacht nó trí shonraí pearsanta eile a fhoilsiú i ndáil le tuairisc, nó trí sheirbhísí a dhiúltú nó trí chóir éagórach eile i ndáil le gníomhaíochtaí na n-údarás inniúil.

Leagtar amach in Airteagal 19 den Treoir maidir le Sceithirí liosta neamh-uileghabhálach de fhrithbhearta nach mór do na Ballstáit a thoirmeasc, agus bunaítear le hAirteagail 20 agus 21 den Treoir roinnt beart tacaíochta agus beart cosanta i gcoinne frithbhirt chun a áirithiú go dtabharfar cosaint leordhóthanach do dhaoine tuairiscithe atá thíos le frithbheart. Ina theannta sin, chun frithbheart a chosc, is ríthábhachtach neamhchlaontacht an teagmhálaí agus láimhseáil rúnda na dtuairiscí mar a thuairiscítear thuas chun céannacht agus sonraí pearsanta an duine tuairiscithe a chosaint. Féadfaidh nósanna imeachta soiléire i scríbhinn agus oiliúint spriocdhírithe cuidiú le feasacht a mhúscailt i measc fostaithe agus na foirne bainistíochta agus ba cheart é a bheith mar aidhm leo iompar idirdhealaitheach agus éagórach a chosc.

Leis na cosaintí dá bhforáiltear sa Treoir maidir le Sceithirí, cuirtear san áireamh an éagothroime cumhachta idir daoine tuairiscithe agus an eagraíocht inar tharla an sárú, i gcásanna ina bhfuarthas an fhaisnéis i gcomhthéacs oibre. I gcás inarb é daoine a fuair an fhaisnéis faoi sháruithe lasmuigh de chomhthéacs oibre a dhéanann tuairiscí, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an éagothroime cumhachta sin chomh hábhartha céanna. Mar sin féin, mar a thuairiscítear thuas, aithnítear le hAirteagal 140 de RRO gur féidir le daoine tuairiscithe a fuair faisnéis faoi sháruithe lasmuigh de chomhthéacs oibre faisnéis luachmhar a sholáthar freisin, go háirithe, trí thuairisciú a dhéanamh trí na bealaí tuairiscithe rúnda.

([76]) Leagtar síos sa Treoir maidir le Sceithirí ceanglais áirithe a mhéid a bhaineann le ceapadh bealaí tuairiscithe. Mar shampla, ní mór tuairisciú ó bhéal a bheith indéanta ar an teileafón nó trí chórais eile teachtaireachtaí gutha, agus, arna iarraidh sin don duine tuairiscithe, trí bhíthin cruinniú fisiceach (Airteagail 9 agus 12 den Treoir maidir le Sceithirí).